


Biseach 2011



Iris Chumann Forbartha Chlois Pharráige

€6.00



Le os cionn 30 bliain taithí ins an
gclódóireacht taobh thiar dúinn, agus
le treallamh agus ineallra is nua-aoisí ar
an margadh, déanann muid táirge den
scoth ar phraghas réasúnach.

I gcóir meastacháin glaoigh orainn ag
an oifig in Indreabhán, Conamara
ag 091 593251.

CLPRINT
Clódóirí Lurgan

Indreabhán,
Co. na Gaillimhe.

t. 091 593 251 / 593 157
f. 091 593 159
r. info@clprint.ie





Foireann Iomána Mhícheál Breathnach a chroch leo Craobh an Chontae, Sóisear B, nuair a fuair siad an lámh in uachtar ar Naomh Tomás (1-15 v 1-14) i mBaile an Doirín ar an Satharn, 5 Samhain 2011. Go n-éirí an t-ádh leo i gCraobh na hÉireann anois!

Chun tosaigh, ó chlé: Timmy Ó Domhnalláin, Cian Breathnach, Frainc Denvir, Seán Denvir, Cian Griallais, Gearóid Ó Finneadha, Ruadhán Ó Béarra, Breandán Ó Conghaile, Seán Ó Finneadha, Darach Mac Con Iomaire, Fiach Ó Béarra, Adrian Ó Tuathail, Cárthach Breathnach, Naoise Ó Lionnaird, Cian Ó Gríofa.

Ar chúl, ó chlé: Máirtín Ó Tuathail, Evan Bleasdale, Colm Ó Cuív, Éanna Ó Conghaile, Séamus Ó Fatharta, Antaine Ó Finneadha, Enda Ó Tuathail, Jeaic Mac Giolla Bhríde, Cian Mac Giolla Bhríde, Oisín Ó Ceallaigh, Fiontán Ó Tuathail, Daithí Ó Gadhra, Diarmuid Ó Ceallaigh, Kevin Ó Conghaile, Macdara Ó Béarra, Mícheál Ó Súilleabháin (roghnóir), Ruaidhrí Ó Béarra (bainisteoir).

As láthair: Pádraig Mac Giolla Bhríde agus Mánus Ó Conghaile (roghnóir) (pic: Iain McDonald).

Comhar Creidmheasa Cholm Cille Teo



Córas le do chuntas
a sheiceáil ar-líne ag
www.cccholmcille.ie

Cárta ATM

lasachtaí clúdaithe ag 5%

Uaireanta Oscailte

An Cnoc

Luan, Máirt 10.30-4.00

Déardaoin, Aoine 10.30 – 5.00

Satharn 9.30 – 2.30

An Cheathrú Rua

Déardaoin 10.30 – 5.00

Aoine 10.30 – 5.00

Satharn 10.30 – 2.30

Comhar Creidmheasa Cholm Cille Teo., An Cnoc, Indreabhán, Co. na Gaillimhe.

Teil: (091) 593421. Faics: (091) 593089. Ríomhphost: ccccteo@eircom.net

Teil: (091) 869915 – oifig na Ceathrún Rua

Biseach 2011

Iris Chumann Forbartha Chois Fharraige

Focal ón gCathaoirleach

ÁBHAR	LCH
Focal ón gCathaoirleach	1
Fíbín	3
Nádúr	4
Scoil Cholmcille – Ceithre Chéim	5
Scoil Cholmcille – Pictiúir	6
Scoil Cholmcille – Ceithre Chéim (ar lean)	7
Nach aoibhinn Beatha an Scoláire	9
Féile Scoil Drámaíochta na Gaillimhe 2011	12
Féile Náisiúnta Drámaíochta 2011	17
Cois Fharraige 100 Bliain ó shin	18
An Colún Cócaireachta	22
Sonny Robert	23
Sconsa Scoil Shailearna	25
Tearmann Éanna	26
Coiste Pobail na Tulaí	27
Abairleat! BEO	28
Club Óige Lurgan	29
Cluichí Pobail i gCois Fharraige	31
Cumann Mícheál Breathnach 2011	34
Cúrsaí Liathróid Láimhe 2011	35
Craobh Uile-Éireann faoi 21	39
Peil Sinsir	41
Bliain Stairiúil ag Cumann Mícheál Breathnach	42
Cumann Camógaíochta Chois Fharraige	43
Scríbhneoirí Óga an Cheantair	44
Siar sna Blianta	53

“Ní neart go cur le chéile” adeir an seanfhocal agus, ar ndóigh, seasann an ráiteas sin gan dabht do pharóiste an Chnoic. Níl orainn ach breathnú taobh istigh agus taobh amuigh den iris *Biseach* agus is léir dúinn an cur le chéile agus an obair iontach atá ag tarlú ó cheann ceann an pharóiste, go háirithe ar son na hóige. Is iontach an éacht atá déanta ag lucht na liathróide láimhe agus iad ag treabhadh leo ar fud na tíre gan trácht ar na huaireanta feighleoireachta a déantar an fhad agus a bhíonn óige an cheantair ag cur allais thoir sa bpinniúr. Ní haon eisceacht iad Cumann Peile agus Iománaíochta Mhícheál Breathnach ná lucht peile na mban ná, ar ndóigh, na gaiscígh chamógaíochta.

Tá riar éachtaí móra déanta ag an bparóiste ó foilsíodh eagrán na bliana seo caite de *Biseach*. Is breá an rud go bhfuil an obair ag dul ar aghaidh ar an bpáirc uile-aimsire agus, ar ndóigh, is iontach an deis a bheas sa bpáirc seo don óige, gan trácht ar an dream nach bhfuil chomh hóg, chun barr feabhais a chur ar a gcuid aclaíochta. Bí cinnte go mbeidh idir óg agus aosta thoir ansin Domhnach agus Dálach. Ar ndóigh, níor cheart an deis seo a scaoileadh thart gan aitheantas faoi leith a thabhairt don iris *BÁN 's GORM*, seoid d'iris a chuireann ár ndaoine óga ag léamh agus ag breathnú ar na pictiúir dheasa dá n-éachtaí ó cheann ceann na bliana.

Éacht eile atá bainte amach ón am seo anuraidh ná an pháirc spraoi do ghasúir atá trasna ón bpáirc mhór agus nach gcuirfeadh sé riméad an domhain ar dhuine ar bith an spóirt a bhíonn ag na gasúir óga i mbun spraoi agus spóirt agus, ar ndóigh, a gcuid tuismitheoirí ag caidreamh le chéile sa timpeallacht. In ainneoin na ndeacrachtaí atá sa tír, agus, ar ndóigh, sa gceantar seo chomh maith, ó thaobh gearrthacha siar agus ó thaobh cúlú eacnamaíochta, is breá an rud é a bheith le rá ag an bpobal seo go bhfuil forbairtí ag tarlú, forbairtí a mbainfear tairbhe agus sásamh astu nuair a bheas dearmad déanta go raibh an cúlú eacnamaíochta ann ariamh.

Ar ndóigh, cabhraíonn ár gcultúr agus ár dteanga linn go mór sa taobh seo tíre chun caighdeán maireachtála níos fearr a chur ar fáil sa gceantar ar fad. Bíonn fás agus forbairt in áit ar bith ag brath ar chomhoibriú na ndaoine agus ar an bpobal a bheith mórtasach astu féin agus as a n-oidhreacht. Is ábhar bróid faoi leith dúinn ár scríbhneoirí óga mar is léir san iris seo.

Tá an t-ádh linne gur paróiste muid a bhfuil an Ghaeilge beo fós ann ach caithfidh an pobal a bheith airdeallach i gcónaí gur mar sin a bheas amach anseo. Caithfear a chur ina luí i gcónaí ar ár n-institiúidí stáit go bhfuil cearta ag an té a bheirtear le Gaeilge i gceantar Gaeltachta. Tá sé de cheart ag ár ndéagóirí go gcuirfí siollabais chearta ar fáil dóibh sa gcuraclam scoile a chuirfeadh ar a gcumas léitheoireacht fhiúntach a dhéanamh ina dteanga dhúchais. Faoi láthair níl sé sin ar fáil dóibh ach caithfear leanacht ag éileamh sa gcaoi go mbeidh daoine óga an cheantair seo, in éineacht le muintir óg na nGaeltachtaí ar fad, in ann na postanna is fearr sa todhchaí a bhaint amach.

Ní féidir an seans seo a scaoileadh thart gan míle buíochas a ghlacadh leis na daoine ar fad a chabhraigh leis an eagrán seo de *Biseach* a chur le chéile. Ar dtús le baill iomlán an Chumann Forbartha, leis an bhfochoiste a bhí ag obair liom, Fil Uí Dhubhghaill, Máire Ní Fhlathartaigh agus Séamus Ó Scanláin, ár n-eagarthóirí Feargal Ó Béarra, na daoine ar fad a chuir dua orthu féin ailt a scríobh agus na daoine a sheol pictiúir chugainn agus, ar ndóigh, le Sarah sna Clódóirí – cá mbeadh *Biseach* gan í. Ní bheadh iris ar bith againn gan an urraíocht fhlaithiúil a fuair muid ó lucht gnó an cheantair. Go maire siad féin agus a gcuid oibre faoi rath i gcónaí. Tá súil agam go mbainfidh sibh sásamh as an eagrán seo agus guím sonas na Nollag oraibh agus chuile rath sa mbliain 2012.

Máire Denvir

Clúdach tosaigh: Forbairt mhór le bliain nó dhó – An Pháirc Spraoi, An Claí ag Scoil Sailearna agus An Pháirc Uile-Aimsire atá len’ oscailt go gairid.



Forbairt Pobal Teanga Cultúr

Ag obair ar son phobal na Gaeltachta agus na Gaeilge

Na Forbacha Co. na Gaillimhe Teil: (091) 503100 Facs: (091) 503101	Baile Mhic Ire Maigh Chromtha Co. Chorcaí Teil: (026) 45306 Facs: (026) 45423	Páirc Ghnó Ghaoth Dobhair Doiri Beaga Co. Dhún na nGall Teil: (074) 9560100 Facs: (074) 9560101	Páirc Ghnó an Daingin An Daingean Co. Chiarraí Teil: (066) 9150100 Facs: (066) 9150101
--	---	---	--

Áisliann Bhéig an Mhuirthead
 Béal an Mhuirthead
Co. Mhaigh Eo
 Teil: (097) 81418
 Facs: (097) 82179


e: eolas@udaras.ie | w: www.udaras.ie





Seo é do sheans

Tá réimse leathan cúrsaí focheime agus iarcheime á dtairiscint ag Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge.

Chun breis eolais a fháil, déan teagmháil le:
 Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge, OÉ Gaillimh, Co. na Gaillimhe.
 Teilefón: 091 595101 / Facs: 091 595041
 Ríomhphost: caroline.nifhlatharta@oegaillimh.ie | Tuirliom: www.acadamh.ie



Tigh Dhurcáin

OLLMHARGADH & OIFIG AN PHOIST
 An Tulaigh, Baile na hAbhann,
 Co. na Gaillimhe.

Fíbín

Eoin Ó Dubhghaill

Bhí aisteoireacht déanta agam cheana ag aisteoireacht ar an scáileán ar an sobalchlár Aifric agus le cúpla gearrscannán agus tá mé ag aisteoireacht ar stáitse ó bhí mé sna naonáin bheaga i Scoil Cholmcille, an Tulaigh, agus an bealach ar fad tríd an meánscoil i gColáiste Cholmcille in Indreabhán. Ach, fiú ó thosaigh mé ar an tríú leibhéal in Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath go dtí an samhradh seo, ní dhearna mé seó ná aisteoireacht cosúil leis an seó samhraidh ag Fíbín (Finscéalta Fíbín) do na coláistí samhraidh ar fud na tíre.

Is eagraíocht Ghaeilge é Fíbín atá bunaithe i gConamara ón mbliain 2003, ag speisialú i soláthar na drámaíochta ar ardchaighdeán i nGaeilge do pháistí de gach aois, trí úsáid a bhaint as meascán nuálach drámaíochta agus puipéadóireachta le chéile ar an aon ardán amháin leis an aidhm Gaeilge a spreagadh sa lucht féachana le siamsaíocht uathúil agus níl tada feicthe agam cosúil leis riamh, agus ní cheapaim go ndéanfaidh mé aon rud cosúil leis riamh arís.

Nuair a thosaigh mé ag obair le Fíbín ag tús an tsamhraidh, bhí a fhios agam go mbeadh sé éagsúil ó aon rud eile a bhí déanta agam go dtí sin ach ní raibh a fhios agam go mbeadh sé ar cheann de na nithe is craiceáilte agus is fearr a tharla sa saol go dtí seo dom. Seó faoi stair na teanga é Finscéalta Fíbín scríofa agam féin agus ag an mbeirt aisteoirí eile a bhí in éineacht liom, John Ó Ciardhubháin as Cluain Dolcáin i mBaile Átha Cliath agus Ray Cuddihy as Dún ar Aill i gContae Chorcaí agus ag ár stiúrthóir, Brendan Murray. Bhí mé féin agus an bheirt aisteoirí eile ag déanamh camchuairte

timpeall na tíre ar feadh an tsamhraidh ag dul ó Bhaile Bhuirne i gCorcaigh go dtí Machaire Rabhartaigh i nDún na nGall agus gach áit idir eatarthu! Is lucht féachana de dhéagóirí gan mórán Gaeilge a bhí againn den chuid is mó agus is deacair a gcuid suime siúd a choinneáil ar feadh uair an chloig i dteanga nach dtuigeann siad ach ba é sin an dúshlán a bhí romhainn. Rinne mé rudaí nach ndearna mé cheana san aisteoireacht ar

nós puipéadóireachta agus briseadh an cheathrú balla, sin labhairt go díreach leis an lucht féachana i rith an seó. Ní dhéanfaidh mé dearmad go brách ar an méid a d'fhoghlaim mé agus tá go leor buíochais agus creidmheasa ag dul do Dharach Ó Tuairisg, Brendan Murray agus do Mhícheál Ó Domhnaill atá ag cur seirbhís uathúil siamsaíochta ar fáil trí Ghaeilge.



Radharc as Finscéalta Fíbín.



Nádúr

Feicim na tonnta
'S cloisim an ghaoth
Feicim na réalta
'S an ghrian ag dul faoi

Breathnaím timpeall
Tá nádúr i ngach áit
Is féidir é a fheiceáil
Gach rud ag fás

Ach tá tú sna tonnta
'S tá tú sa ghaoth
'S tá tú thart timpeall
Fiú 's mé ag dul a luí

Tá crainnte
Ag fás suas go hard
Tá tú sna síolta
A fhásann i mbláth

Fásann an t-uaigneas
'S tú imithe gach lá
Ach tá an cairdeas fós ann
Chomh hálainn le bláth

Bíodh sé 'na oíche
Nó bíodh sé 'na lá
Fiú 's corp imithe
Fanfaidh an grá

Áine Ní Dhubhghaill, an 5ú bliain, Coláiste Cholmcille a chum. Bhronn an scoil Corn Cuimhneacháin Chiaráin Uí Chon Ceanainn ar Áine i mbliana de bharr an tsaothair seo.



Scoil Cholmcille na Tulaí

- Ceithre chéim!

Fil Uí Dhubhghaill

Céim a 1

Tógadh an foirgneamh ina bhfuil Scoil Cholmcille faoi láthair sa mbliain 1961 agus osclaíodh na doirse den chéad uair ar an 7 Bealtaine 1962. Trí sheomra ranga agus bloc leithris a bhí ann. Mar gheall ar an gcónascadh le Scoil Bhríde sna Minna sa bhliain 1970, tháinig méadú ar líon na ngasúir a bhí ag freastal ar an scoil agus ceapadh an tríú cúntóir i 1981 agus ceannaíodh seomra réamhdhéanta chun freastal ar an rang breise.

Céim a 2

Sa mbliain 1994 tosaíodh ar an bhfeachtas i gcóir seomraí nua a chur leis an bhfoirgneamh. Críochnaíodh an obair i 1998. Tógadh seomra ranga nua in ionad an tseomra réamhdhéanta a bhí ann ó 1981. Tógadh seomra uilefhiúntach agus seomra foirne agus déanadh athchóiriú ar na seomraí eile sa scoil.

Céim a 3

I 2006 déanadh athchóiriú ollmhór ar an scoil. Tógadh trí sheomra ranga, oifig don Phríomhoide, Seomra Foirne agus oifig don Rúnaí. Feistíodh ceann de na seanseomraí ranga mar sheomra céadfach. D'oscail Aire na Gaeltachta, Éamon Ó Cuív, an foirgneamh nua ar an 7 Nollaig 2007.

Céim a 4

Tá cead pleanála faighte ón 17 Bealtaine 2011 chun seomraí nua a thógáil, rud a chiallaíonn go mbeidh muid in ann fáil réidh leis na seomraí réamhdhéanta. Táimid ag súil go mbeidh na seomraí nua réidh i mí Meán Fómhair

An "First Lego League" 2011

Ghlac an scoil páirt san First Lego League den chéad uair anuraidh agus d'éirigh chomh maith sin leis na gasúir gur shocraigh muid tabhairt faoi arís i mbliana. Fuair na gasúir anchúnamh i mbliana ó Phól Óg Ó

Foighil a thug treoir agus cúnamh do na gasúir chuile thráthnóna Aoine san Ionad Tacaíochta Teaghlaigh. Leigheas a bhí mar théama i mbliana agus, i dteannta róbat a dhéanamh a bheadh in ann tascanna éagsúla a chomhlíonadh, bhí ar na gasúir tionscnamh a chur le chéile agus a chur i láthair os comhair na moltóirí ar lá an chomórtais. Seanleigheasanna an topaic a roghnaigh siad agus chuir siad a dtionscnamh i láthair ar *Powerpoint* trí mheán na Gaeilge. Maidir leis an róbat – ar ar baisteadh "Learaí Leigheas" – bhí air tascanna a

dhéanamh taobh istigh de nóiméad amháin. D'éirigh thar barr le Learaí agus leis na gasúir a bhí á threorú agus théis an chéad bhabhta bhí Scoil na Tulaí ar bharr an chláir. Bhí 21 scoil ar fad páirteach agus ba mheánscoileanna ar fad a bhí ag glacadh páirte cé is moite dinn féin agus dhá scoil eile. Théis an dara babhta, ba léir go mbeadh Scoil na Tulaí sa mbabhta leathcheannais. Trí mheánscoil a bhí inár n-aghaidh sa mbabhta leathcheannais agus fuair siad scór de 135 a d'fhág sa tríú háit iad, 5 phointe gearr ar an mbabhta craoibhe.



Cochaillín Dearg ar Strae

Daltaí as Ranganna 1 & 2, Scoil Cholmcille, An Tulaigh lena gcuid múinteoirí, Méadbh Ní Fhoighil agus Úna Uí Dhíreáin ag glacadh leis an gcorn "An Claidheamh Solais" ó Aire Stáit na Gaeltachta Donnchadh Mac Fhionnlaoich ag ócáid i bPáirc an Chrócaigh do bhuaiteoirí Chraobh na hÉireann ag an bhFéile Náisiúnta Scoilrámaíochta níos túisce i mbliana. Bhuaigh siad an duais leis an dráma nuascríofa "Cochaillín Dearg ar strae". Bronnadh an gradam don bhunscoil Ghaeltachta ab fhearr ar an scoil ag an bhFéile freisin.

Scoil Cholmcille na Tulaí

- an scoilbhliain 2010/11 i bpictiúir





Foireann Peile na gCailíní ar éirigh leo an Chraobh a chrochadh leo i gComórtas Chumann na mBunscol ar an gCeathrú Rua i Mí na Bealtaine.

Ní raibh an cath caillte, áfach, mar bronnadh an “CREST award” ar an scoil de bharr an éachta a rinne siad. Ba é seo an chéad uair riamh ar bronnadh an gradam seo in Éirinn agus ba bhródúil an grúpa ó Scoil na Tulaí agus a gcuid tuismitheoirí ag glacadh lena ngradam ón Uachtarán Máire Mhic Giolla Íosa i gColáiste Phádhraic ar an 22ú lá de mhí Feabhra.

An Brat Glas

Le dhá bhliain, tá Rang a 6 ag obair go dian dícheallach ag iarraidh an Brat Glas a bhaint amach don scoil. Ba é an Múinteoir Máirtín Breathnach a ghríosáigh muid ar fad le bheith níos cúramaí le hathchúrsáil timpeall na scoile. Thóg an Múinteoir Brian agus an Múinteoir Caroline cúram ar an ngairdín scoile agus thug siad antreoir do na gasúir agus iad i mbun plandáil bláthanna agus glasraí. Faraor, ní féidir a rá le fiaílí nach bhfuil cead acu fás agus tá muid faoi chomaoín ag Bríd Ní Fhinneadha a rinne an-obair chun iad a choinneáil faoi chois. B’fhiú an tairbhe an trioblóid; tá ár gcéad Bhrat Glas bainte amach againn. Bhailigh beirt den choiste – Oisín Barker agus Eoghan Scott – mar aon leis an Múinteoir Máirtín Breathnach agus an Príomhoide Fil Uí Dhubhghaill an Brat Glas ag ócáid san Galway Bay Hotel ar an 22ú lá de Bhealtaine. Chroch an Seanadóir Trevor Ó Clochartaigh an Brat Glas ar an 10ú lá de Mheitheamh agus ar an lá céanna sheol sé suíomh idirlín na scoile.

Cluiche Ceannais Chomórtas Chumann na mBunscol

Dé Luain, an 13 Meitheamh 2011, d’imir foireann camógaíochta na scoile sa chluiche ceannais de chomórtas Chumann na mBunscol ar Pháirc Choláiste Chonnacht sa Spidéal. Ba iad na cailíní as Gaelscoil Mhic Amhlaigh a bhí inár n-aghaidh agus thuig muid ar fad go mbeadh a ndóthain le déanamh ag foireann na scoile seo leis an gceann is fearr a fháil orthu mar go mba iad cailíní Chnoc na Cathrach a thug leo Corn TG4 i mí Bealtaine. Ba é Máirtín Ó Dubhghaill, Cathaoirleach Chumann Camógaíochta Chois Fharraige a bhí i mbun na feadóige. Ní raibh mórán idir na foirne agus thug cailíní na Tulaí an chraobh leo



Cuid de Chlub Óige Lurgan ag Oireachtas Chaisleán an Bharraigh 2000. Sa bpictiúr tá Katie Breathnach, múinteoir i Scoil na Tulaí agus Méadbh Ní Fhoighil, iar-mhúinteoir de chuid na scoile.

agus aon chúl amháin le spáráil acu – 1-9 in aghaidh 3-0. Comhghairdeas leis an dá fhoireann.

Drámaíocht

De bharr na drochaimsire, níor léirigh an scoil aon dráma i Halla na Tulaí don Nollaig i mbliana. Bhí Féile Scoil drámaíochta na Gaillimhe ar siúl i Seanscoil Sailearna ón 14-18 Feabhra agus bhí chuile ghasúr sa scoil páirteach ann. Cúig dhráma ar fad a chuir an scoil ar an stáitse: Naíonáin Bheaga (Na Trí Mhuicín), Naíonáin Mhóra (Lá Breithe an Chircín Rua), Rang 1&2 (Cochaillín Dearg ar Strae) Rang 3&4 (Beiní Bruscar) agus Rang 5&6 (Traí). Bronnadh an gradam don dráma nuascríofa ab fhearr ar an Múinteoir Méadbh Ní Fhoighil don dráma “Cochaillín Dearg ar Strae”.

D’éirigh le ceithre cinn de na drámaí an bua a bheith acu ina gcomórtas féin agus fuaireadar ainmniúchán chun páirt a ghlacadh i gCraobh Chonnacht den fhéile a bhí ar siúl i Seanscoil Sailearna i mí Márta. Bhí an-ríméad ar fad orainn nuair a fuair trí cinn de na drámaí ainmniúchán chun páirt a ghlacadh i gCraobh na hÉireann a bhí ar siúl sa Muileann gCearr i dtús an Aibreáin agus ríméad níos mó fós nuair a bhuaigh Rang 1&2 agus na Naíonáin Bheaga Craobh na hÉireann. Ina theannta sin, bronnadh an gradam don Bhunscoil Ghaeltachta ab fhearr ar an scoil ag bronnadh na nduaiseanna i bPáirc an Chrócaigh ar an 11 Bealtaine.



Coláiste Chamuis

Indreabhán, Co. na Gaillimhe Fón: 091 593162 Faics: 091 593448 eolas@colaistechamuis.ie

Cúrsaí lántumadh teanga sa Ghaeltacht Ionaid i gCamus, Tulach agus Ros a'Mhíl



Cló Iar-Chonnacht

Indreabhán, Co. na Gaillimhe. Teil: 091-593307 cic@iol.ie www.cic.ie


I gCÓNGAR I gCÉIN Pádraig Standún (úrscéal) €12

Is i Veinéis na hIodáile atá an t-úrscéal corraitheach seo suite. Castar beirt Éireannach ar a chéile i dtimpeallacht rómánsúil, chultúrtha. Léiríonn Pádraig Standún an grá, an fuath, an pholaitíocht agus an foréigean, i measc téamaí eile. Coinneoidh an scéal an léitheoir ar bís ó thús go deireadh.



CÚPLA Ógie Ó Céilleachair (úrscéal do dhéagóirí óga) €7

Cúpla iad Sharon agus Éile agus iad beirt cúig bliana déag d'aois. Cailín ciúin, stuama, staidéarach í Éile atá go maith ar scoil, ach tá Sharon aerach agus fiáin agus bíonn sí ag pleidhíocht i gcónaí...



CEOL SIDHE (CD) Micheál Ó hEidhin le Steve Cooney & Charlie Lennon

€20 (CICD 186)

Ceol traidisiúnta ar an gconsairtín le tionlacan ó Charlie Lennon agus Steve Cooney. Seo é an chéad albam iomlán ó fhear an Spidéil, a bhfuil aithne air ar fud an domhain de bharr a chuid oibre mar chigire ceoil le Comhaltas agus leis an Roinn Oideachais.



and so the story goes Seán Tyrrell, Kevin Glackin, Ronan Browne

€20 (CICD 185)

Is dlúthchairde le fada an lá iad Seán, Kevin agus Ronan. Bíonn siad ag seinm agus ag dul ar camchuairt cheoil le chéile ó thús na 1980í. Tá an dlúthdhiosca seo dílis don cheol a sheinneann siad sna ceolchoirmeacha – tá idir phíosaí chiúine agus píosaí spleodra ann, gan rotháirgeadh a bheith déanta orthu.



Nach aoibhinn beatha an scoláire!

Fearghas Mac Lochlainn

Bhí bliain eachtrúil, shuimiúil, spreagúil, lomlán le himeachtaí éagsúla againn i Scoil Sailearna i mbliana.

Teicneolaíocht an Eolais

Bhí clár bán idirghníomhaíochta nó teilgeoir digiteach againn i ngach seomra ranga den chéad uair i mbliana. Bhain scoláirí agus múinteoirí an-leas, tairbhe agus taitneamh as na háiseanna nua-aimseartha seo.

Tá buíochas mór ag gabháil do Mhícheál Ó Foighil (Coláiste Lurgan) a thug trí cinn de chláir bhána idirghníomhaíochta ar iasacht don scoil! Go bhfága Dia an tsláinte aige!

Bhain muid úsáid as an gcóras Textaparent den chéad uair i mbliana freisin le tuismitheoirí na scoile a choinneáil ar an eolas faoi imeachtaí na scoile.

Ar ndóigh, tá suíomh idirlín ag an scoil anois agus chuile eolas agus scéal nua le fáil ar www.scoilsailearna.ie!

Oireachtas na Gaeilge

Ghlac suas le scór dalta as an scoil páirt in Oireachtas na Gaeilge a bhí ar siúl i gCill Airne faoi Shamhain. Ghlac siad páirt sna comórtais don agallamh beirte, lúibín, damhsa ar an sean-nós agus amhránaíocht ar an sean-nós.

Bhí an caighdeán an-ard agus is iad Majella Nic Dhonnacha agus Becky Ní Éallaithe a thug leo an chéad áit i gComórtas na Lúibíní leis an lúibín www.deedoodledum.ie!

Liathróid Láimhe

D'éirigh thar cionn linn sa Liathróid Láimhe i mbliana. Seo iad torthaí Chraobh an Chontae sa gcomórtas Challenger 2:



Anna Ní Odhráin Ní Mhurchú & Majella Nic Dhonnacha, buaiteoirí Liathróid Láimhe Dúbailte, Cailíní faoi 13.



Singil, Cailíní faoi 11: Róisín Ní Ghionnáin.

Singil, Buachaillí faoi 11: Liam Cruz Ó Fatharta.

Dúbailte, Buachaillí faoi 11: Máirtín Ó Maoláin & John Ó Biadh.

Singil, Buachaillí faoi 13: Cian Ó Conghaile.

Singil, Cailíní faoi 13: Eimear Ní Bhiadh.

Dúbailte, Cailíní faoi 13: Anna Ní Odhráin Ní Mhurchú & Majella Nic Dhonnacha.

Bhuaigh Liam, Máirtín & John, Anna & Majella agus Cian ag Craobh Chonnacht freisin agus d'imríodar arís ag an Lá Taispeántais Uile-Éireann i gCúirt na Ríogh i gContae an Chábháin.

Sa gcomórtas Challenger 1 (comórtas na dtosaitheoirí), d'éirigh go maith linn freisin.

Seo iad torthaí Chraobh an Chontae sa Challenger 1:

Singil, Cailíní faoi 11: Shaunah Spratt sa dara háit.

Singil, Cailíní faoi 13: Tiffany Ní Choisdealbha sa gcéad áit.

Dúbailte, Cailíní faoi 13: Becky Ní Éallaithe & Sadhbh Howlin sa gcéad áit.

Singil, Buachaillí faoi 13: Aaron Bolustrom sa tríú háit.

Imeachtaí na Nollag

D'eagraigh Coiste na dTuismitheoirí Díolachán na Nollag ar an dara lá déag agus bhí cuairteoir speisialta ón Mol Thuaidh, Daidí na Nollag, i láthair!

Bhí ceoldráma mór againn i Séipéal an Chnoic ar an séú lá déag de mhí na Nollag. B'álainn go deo an ócáid a bhí ann. Bhí gasúir na scoile uilig páirteach ó na Naíonáin Bheaga suas go Rang a 6. Bhí aisteoireacht, amhránaíocht agus ceol ann agus chuaigh an oíche i bhfeidhm go mór ar chuile dhuine. Tá an-chreidiúint go deo ag gabháil do Mháire Ní Mháille. Is í Máire a stiúraigh agus a léirigh "Scéal na Nollag" ó thús deireadh le cúnamh ó mhúinteoirí uilig na scoile.



Slán lenár gcara

D'fhág muid slán lenár seanchara, leas-phríomhoide na scoile, Máire Ní Mháille, cúpla lá roimh laethanta saoire na Nollag.

Bhí ócáid an-deas againn i halla na scoile ag ceiliúradh na mblianta fada atá tugtha ag Máire don scoil.

Bhí ceol, sólaistí, neart cainte agus seanscéalta ann agus bronnadh nó dhó!

Bhí tuismitheoirí, múinteoirí, an Bord Bainistíochta, iar-scoláirí agus cairde i láthair lena meas, lena n-ómós, lena mbuíochas a chur in iúl do Mháire as ucht an méid a thug sí don scoil.

Gan dabht ar bith chuir Máire a croí agus a hanam isteach sa scoil agus sna gasúir.

Aireoidh muid uainn go mór í agus ní bheidh an scoil mar a chéile dá fuireasa.

Bhíodh an spórt is an spraoi i gcónaí san áit a mbíodh Máire agus, gan dabht ar bith, ba í Máire spiorad na scoile!

Go n-éirí leat, a Mháire agus go bhfága Dia an tsláinte agat!

Díolachán Rang a 6

D'eagraigh gasúir Rang a 6, faoi stiúir an mhúinteora Máire Ní Choistealbha, díolachán speisialta i Mí Eanáir. Bhí an-slacht agus ord agus eagar ar imeachtaí an lae. *Fair play* do Rang a 6 - bailíodh €1300 do Tigh Nan Dooley!

An Brat Glas

Bronnadh an ceathrú Brat Glas ar an scoil i mbliana agus tá sé ar foluain anois taobh amuigh gar don phríomhghéata. Rinne Rang a 6 go leor oibre ó thaobh na hathchúrsála de agus go speisialta ó thaobh cúrsaí taistil chun na scoile. D'eagraigh siad laethanta le siúl chun na scoile, le rothaíocht chun na scoile agus spreag siad muid le carranna a roinnt ar son na sláinte agus na timpeallachta!

Is í Aoife Ní Thuairisg, iar-scoláire agus réal TG4, a bhí ann nuair a crochadh an Brat Glas go hoifigiúil den chéad uair ar an 20 Aibreán.

Pádhraic Ó Conghaile

Eagraíodh go leor imeachtaí le hairgead a bhailiú do Phádhraic Ó Conghaile as Rang a 5 a chuaigh faoi scian in Ospidéal Chromghlinne i mBaile Átha Cliath agus a bhí ag fáil cóir leighis ina dhiaidh sin.

Go deimhin, tá an-chreidiúint ag gabháil don choiste cabhrach – Caitríona & Ruaidhrí Ó Béarra, Peatsaí Ó Conghaile, Máirín Uí Chonghaile, Mairéad Ní Mhócháin agus chuile dhuine eile a thug cúnamh. Eagraíodh go leor, leor imeachtaí agus bailíodh go leor airgid do Phádhraic agus dá mhuintir. Ceann de na himeachtaí a d'eagraigh Mairéad Ní Mhócháin, múinteoir Rang a 5 ná Lá na bPancóg! Bhí an-spórt ag chuile dhuine. Bhí TG4 i láthair agus tá mé ag ceapadh go bhfuil corrphancóg greamaithe de shíleáil an halla i gcónaí!

Drámaíocht

D'éirigh thar cionn linn sna drámaí arís i mbliana le trí dhráma as an scoil ag glacadh páirt sa bhféile áitiúil a bhí ar siúl i Seanscoil Sailearna.

Léirigh Rang a 2/3 dráma nuachumtha fíor-bharrúil leis an múinteoir Traolach Ó Conghaile. Léirigh Rang a 3/4 an dráma "Luaithrín" - athinsint ar sheanscéal.

D'éirigh le "Luaithrín" trí dhuais a bhaint amach – an chéad áit ina gcomórtas féin, duais an mholtóra don aisteoireacht agus an duais d'athinsint ar sheanscéal – gan trácht ar an duais don aisteoir is fearr sa rannóg, a fuair an "leasmháthair", Róisín Ní Ghionnáin.

Fuair an dá dhráma ainmniúchán chuig Féile Chonnacht agus d'éirigh le "Luaithrín" gabháil chomh fada le Craobh na hÉireann. Bhí muid an-bhródúil as na gasúir ar fad a thug sárthaispeántas agus, le cúnamh Dé, beidh muid ar ais arís an bhliain seo chugainn!

Seachtain Ealaín Bheo

Reachtáladh Ealaín Bheo 2011 ón 6ú lá go dtí an 10ú lá de Bhealtaine i mbliana.

Bhí idir ealaín, amhráin, dhamhsa, scéalaíocht is cheol againn.

Bhí Ursula Ní Mhuirí inár dteannta agus rinne muid múrphéinteáil mhór i Halla na Scoile. Murach an drochaimsir, bhí rún againn í a phéinteáil taobh amuigh.

Bhí Róisín Elsafty inár gcuideachta le roinnt amhránaíochta ar an sean-nós. Bhí Máirín Mhic Lochlainn againn le roinnt de na scéalta traidisiúnta. Bhí na ceoltóirí Toner Quinn (veidhlín) agus Aisling Ní Neachtain (cláirseach) againn.

Chuile lá, bhí damhsa ann leis an múinteoir Traolach – an Staicín Eorna agus Shoe the Donkey.





Bhí seisiún mór ceoil ann chuile lá i seomra an mhúinteora Luisne agus chum Luisne amhrán nua do lucht na ngiotár agus na ndrumaí – “Is breá liom Dé hAoine!”

Bhí ceolchoirm mhór againn Dé hAoine agus thaitnigh an seó go mór le chuile dhuine!

Peil na gCailíní

D'éirigh go maith leis na cailíní i mbliana nuair a bhuaigh siad Blitz Pháraicín Chonroy den dara bliain as a chéile! Tá buíochas mór ag gabháil do Mhaurie Ní Chonaire agus do Ruaidhrí Ó Béarra a rinne traenáil leis na cailíní.

Tionscnamh Scríobh Leabhar

Ghlac ceithre rang ar fad páirt sa tionscnamh scríobh leabhar i mbliana agus seo iad a leanas na buaiteoirí as na ranganna difriúla:

Naíonáin Bheaga: Caitríona Ní Mhathúna, Gearóid de Búrca agus David Ó Máille.

Naíonáin Mhóra: Chloe Ní Chonaire, Iarla Canny agus Owen Ó Duibheannaigh.

Rang a 1: Caoimhe Ní Chualáin, Cainnear Nic Réamoinn agus Katelynn Ní Fhlatharta

Rang a 2/3: Mícheál Pádhraic Ó Máille, Cathal Ó Tuathail agus Eimhin Ó Diollúin.

Tá an-chreidiúint ag gabháil don mhúinteoir Caitríona a chuir dlús leis an gcomórtas seo an chéad lá riamh le féith na scríbhneoireachta Gaeilge a spreagadh.

Corn Orla Ní Neachtain

D'éirigh thar barr leis an mblitz cispheile do chailíní Rang a 5 agus a 6 a d'eagraigh an múinteoir Mairéad Ní Mhocháin arís i mbliana. Ghlac suas le dhá fhoireann déag ar fad páirt as

scoileanna éagsúla ar fud Chonamara.

Comhghairdeachas ó chroí le cailíní Scoil Cholmcille na Tulaí a thug an Corn abhaile leo i mbliana!

Seó Rang a 6

Chuir Rang a 6 deireadh lena dtréimhse ocht mbliana bunscolaíochta le Seó Rang a 6 i Seanscoil Sailearna ar an 21 Bealtaine.

Bhí oíche álainn cheiliúrtha againn agus thaitnigh sé go mór leis na scoláirí agus lena gcuid tuismitheoirí. Bhí togha an cheoil ann le veidhlín, consairtín agus le Páidí Breathnach ar an gcairdín. Bhí amhránaíocht ann - amhrán ar an sean-nós, bailéad agus amhrán

nuachumtha. Bhí chuile shórt damhsa ann - damhsa gaelach, damhsa ar an sean-nós, damhsa na scuaibe agus damhsa beirte.

Bronnadh an cupán “Scoláire na Bliana” ar Áine Bhreathnach as Leitir Fir.

Bronnadh Gradam Thomáis Uí Ráighne maidir le cairdeas, cneastacht agus cineáltas ar Rebecca Ní Chúláin as Cor na Rón.

Ag deireadh na hoíche bronnadh teastas – agus mála milseán – ar na gasúir ar fad as Rang a 6, le slán a fhágáil leo. Aireoidh muid uainn gasúir Rang a 6.

Guímid chuile bheannacht, chuile rath agus chuile shonas orthu sa meánscoil agus sa saol atá amach rompu.



SuperValu Indreabhán

Siopa an Phobail

Rogha an bhia do thogha na ndaoine

Coill Rua
Indreabhán
Co. na Gaillimhe

Fón 091 593020
Facs 091 593338

SuperValu
Real Food, Real People

Féile Scoildrámaíochta na Gaillimhe 2011

*Fil Uí Dhubhghaill
(Rúnaí, Féile Scoildrámaíochta na Gaillimhe)*

Idir an 14-18 Feabhra 2011 chruinnigh 40 scoil (idir bhunscoileanna agus mheánscoileanna) as Co. na Gaillimhe le chéile in Amharclann Chois Fharraige, Seanscoil Sailearna, chun drámaí as Gaeilge a chur ar stáitse. Bhí meascán iontach drámaí le feiceáil idir dhrámaí nuascríofa, sheandrámaí agus cheoldrámaí. Lean an Fhéile ar aghaidh ar feadh na seachtaine agus ba iad Norette Ní Laoithe agus Seán Ó Murchú a rinne an mholtóireacht. Bhíodar antógtha leis an gcaighdeán fíorard a bhí ar an stáitse. Bhain na gasúir ar fad an-taitneamh as na drámaí agus bhí an Halla lán go doras chuile lá. D'éirigh chomh maith leis an bhFéile gur réachtáladh Féile Chonnacht ann coicís ina dhiaidh sin agus d'éirigh thar cionn leis sin freisin.



Daltaí as Coláiste Cholmcille, an Cnoc, ag glacadh páirt i bhFéile Scoildrámaíochta na Gaillimhe.



Daltaí as Scoil Cholmcille, An Tulaigh, ag glacadh páirt i bhFéile Scoil-drámaíochta na Gaillimhe.



Daltaí as Scoil Sailearna, an Cnoc, ag glacadh páirt i bhFéile Scoil-drámaíochta na Gaillimhe.



An Chéad Chomaoineach i Scoil Náisiúnta Cholmcille

Líne Cúil, ó chlé: An Canónach Colm Ó Ceannabháin, Méadbh Ní Fhoighil (Múinteoir Ranga), Fil Uí Dhubhghaill (Príomhoide SN Na Tulai), An tAth. Liam Ó Raghallaigh (S.P., An Cnoc)

Líne Láir, ó chlé: Mícheál Ó Curraoin Breathnach, Aoife Ní Neachtain, Maidhc Mac Dubhghaill, Aobh Nic Dhubhghaill, Clodagh Nic Aodha, Stephen Ó Conghaile, Chloe Bhreathnach Nic Eoin, Declan Ó Lochlainn, Evan Ó Márta.

Líne Tosaigh, ó chlé: Patrick Ó Gaoithín, Laura Nic Dhonnacha, Fódhla Bríd Ní Bhraonáin, Kianna Ní Mhárta, Tomás Ó Curraoin, Tommy Ó Donnchadha, Róisín Ní Chonghaile, Ailbhe Ní Chomhghaín.



An Chéad Chomaoineach i Scoil Náisiúnta Sailearna

Líne Cúil, ó chlé: An tAth. Liam Ó Raghallaigh, Liadán Canny, Jamie Ó Máille, Conall Ó Gríofa, Traolach Ó Conghaile (Múinteoir Ranga), Culann Ó Dochartaigh, Fearghas Mac Lochlainn (Príomhoide), Mícheál Pádhraic Ó Máille.

Líne Tosaigh, ó chlé: Aoife Ní Choisdealbha, Samantha Ní Loideáin, Darren Ó Flatharta, Neasa Ní Chonghaile, Bróna Ní Cheallacháin agus Síofra Ní Mhárta.

Tigh Cualáin

Teach Ósta agus Lóistín



Coill Rua, Indreabhán, Co. na Gaillimhe

Fón: 091-553609 Fax: 091-553049

tighchualain@eircom.net

Cóistí Phádhraic Uí Neachtain

Seanadh Gharráin, An Spidéal, Co. na Gaillimhe.

Teileafón: (091) 553378 Faics: (091) 593337

Móbaidhl: 087-2855585

Cóistí 14, 27, agus 53 suíochán ar fáil

Tá muid ar fáil le haghaidh chuile ócáid

Fáilte go Coláiste Lurgan



**Gaeilge gan dua
i gceartlár na Gaeltachta**

Indreabhán, Co. na Gaillimhe
Fón 091 593182

Féile Náisiúnta Drámaíochta 2011 i gCois Fharraige

Seán Ó Morónaigh

Agus drámaí Gaeilge ó phobail éagsúla timpeall na tíre ar stáitse i gConamara ag Féile Náisiúnta Drámaíochta 2011, bhí sé tráthúil gur san amharclann phobail i Seanscoil Sailearna a déanadh an ceiliúradh seo. Is cosúil gur fhás an amharclann seo ón bpobal: ina scoil, ina seanscoil, ina hionad pobail, ina hamharclann bheo. Is deacair cúlra ná siombail níos fearr don drámaíocht a shamhlú agus ár mbuíochas leis na daoine a spreag agus a spreagann an bheocht seo.

Ní hionadh gur thug Aire Stáit na Gaeltachta, Donnchadh Mac Fhionnlaoich, T.D., moladh ar leith don áis bhreá seo ag ócáid bhronnta na ngradam ag clabhsúr na Féile Náisiúnta.

“Bhí deireadh seachtaine ar dóigh againn uilig,” a scríobh Aisteoirí Charn Tóchair, Co. Dhoire chugam i ndiaidh dóibh filladh abhaile agus a gcéad léiriú riamh ag Féile Náisiúnta Drámaíochta curtha ar stáitse acu. An dráma nuascríofa “Dealg an Tiomna” le Proinsias Ó Cuilinn a léiríodas agus is cinnte gur bhain an lucht féachana ana-shásamh as.

Ag na féilte náisiúnta bíonn béim i gcónaí ar ábhar nua, scríbhneoireacht úr agus stíl dhifriúil agus bhí samplaí breátha

de na tréithe sin le blaiseadh ag an deireadh seachtaine. Ar na drámaí nuascríofa eile bhí – “Na Leabhra” le hAodh Ó Domhnaill, á léiriú ag Aisteoirí Bulfin, Áth Cliath; “Ciúnas” le Tomás Ó hIcí, á léiriú ag Aisteoirí Bhréanainn, Corca Dhuibhne; agus an dara dráma nua leis an údar Conallach, Proinsias Ó Cuilinn, “Fuil ar an Torc”, á léiriú ag Aisteoirí Mhíobhaigh, Na Dúnaibh, Tír Chonaill.

Nár bhí iontach mar a chruthaigh Aisteoirí Bhréanainn, Corca Dhuibhne, radharc “réadúil” inchreidte don dráma “Ná hInis Di Féin É” le Sam Cree – dearadh stáitse a léirigh mar is féidir feidhm a bhaint as spás teoranta. Bhain lán an tí ana-spórt as an dráma sin i lár an lae Dé Domhnaigh agus an ghrian ag spalpadh anuas taobh amuigh! Agus bhí slua deas i láthair ag an dráma aon-fhir “Cian is Cógar” le Dermot Bolger a léirigh Compántas Chorcaí ar maidin Dé Sathairn.

Is bundráma Gaeilge é “Faoiseamh”, an t-aon dráma Gaeilge atá againn ó John B. Keane. Ach b’fhéidir gur cheart “aistriúchán” a thabhairt ar an leagan a léirigh Aisteoirí Mhic Easmuinn, An Cheathrú Rua, mar bhí Gaeilge na Ceathrún Rua curtha in áit Ghaoluinn na Mumhan! Ach bhaineas sult mór as cé go rabhas ag féachaint air den

tríú huair. Tagann an aisteoireacht go nádúrtha chucu mar is ana-chainteoirí iad.

Ní foláir nó go raibh go leor ag súil leis na hagallaimh ag Éigse na Féile i ndiaidh an *overture* iontach le Máirtín Mac Donnchadha, Bríd Ní Neachtain agus Cáit de Bhailís ag oíche oscailte na féile nuair a dheineadar cur i láthair deisbhealach de rogha agallamh Chonamara thar na blianta (ón leabhar *Agallaimh na hÉigse*). Agus ag Éigse na bliana seo bhí agallaimh bhlasta, ceapóga ceolmhara, lúibíní magúla, amhrán saothair ag ceathar cailíní agus scéaldráma ó Chúil Aodha gan trácht ar lucht éisteachta a raibh meas agus tuiscint acu ar shaibhreas na cainte. Caoithiúil go leor, ba i bhfilíocht a chuir Máirtín Mac Donnchadha an Éigse i láthair.

Ba í an t-aisteoir Bríd Ní Neachtain a bhí ina moltóir drámaíochta ar an bhféile agus labhair sí go stuama tuisceanach ar na léirithe éagsúla.

Agus mar chruthú ar an gcóir agus ar an bhfáilte a cuireadh romhainn in 2011, fógraíodh ag an deireadh gur i gCois Fharraige arís a bheadh Féile Náisiúnta Drámaíochta 2013 – i ndiaidh turas ó thuaidh go dtí Na Dúnaibh an bhliain seo chugainn.



Coiste Áitiúil na Féile Náisiúnta
Ar chúl, ó chlé: Máirín Uí Chonghaile, Mairéad Uí Fhatharta agus Treasa Mac Niocaill.

Chun tosaigh: Máire Ní Mháille, Bridie Mhic Cormaic, Seán Ó Tuairisg agus Méimí Uí Cheallaigh.

Cois Fharraige

Céad Bliain ó Shin

– nótaí ar Dhaonáireamh 1911

Lochlainn Ó Tuairisg

Ba é an Toghroinn Ceantair nó an *District Electoral Division* an bunaonad faoinar tugadh faoi Dhaonáireamh na bliana 1911. Don tsracfhéachaint seo ar cheantar Chois Fharraige, rinneadh staidéar ar thorthaí as trí cinn de na toghranna: Sailearna, lena n-áirítear na hAille, Both Bhrocháin, Clochar na gCon, Cor na Rón, Formaoil, Gleann Mhac Muirinn, Glionnán, an Cnoc agus an Lochán Beag; Cill Ainnín, lena n-áirítear Both Chuanna Thoir agus Thiar, Both Loisthe Íochtair agus Uachtair, Clochar na Lára, Fionnán, Coill Rua Thoir agus Thiar, Leitir Fir agus Seanadh Mhóinín; agus Cill Chuimín, lena n-áirítear Baile an tSléibhe, Baile na hAbhann, Bánrach Bán, Cartúr agus Cartúr Leathan, na Doireadha, Doire Choill, Doire Bhriosc, Gleann Trasna, na hUillinní, Indreabhán, Caorán na gCearc, Cnoc Aduaidh, Léim Thoir agus Thiar, Leitir Móir, Log an Ime, na Mine, Muiceanach Choille, Ros an Mhíl, an Seanbhaile, Tóin an Chnoic agus an Tulach. Mar is léir, níl na bailte fearainn seo go léir i gCois Fharraige: tá bailte uilig Shailearna, go leor de bhailte Chill Ainnín, agus roinnt bailte i gCill Chuimín. Mar a thuigfí, is é an ceantar sin atá buailte ar an bhfarraige, Cois Fharraige, is é sin, ó Abhainn an Spidéil siar go hAbhainn Chromghlinne, agus b'fhéidir Crosbhóthar na Tulaí, atá faoi chaibidil, ainneoin go bhfuil cuid mhaith amhrais ann faoi theorainneacha an cheantair.

Ba é oíche Dé Domhnaigh, an dara lá de mhí Aibreáin, oíche an Daonáirimh. B'éigean chuile dhuine a chodail nó a chuir an oíche tharstu i dteach faoi leith a chomhaireamh. Ba iad na póilíní, an RIC, a bhí i gceannas an comhaireamh a chur i bhfeidhm. Ba iad a scaip na foirmeacha agus a bhailigh arís iad. Agus ba iad freisin a líonadh isteach an fhoirm mura mbeadh ar chumas duine ar bith sa teach é sin a dhéanamh. Humphrey Moynihán, as Ciarraí, a rinne an obair i gCill Chuimín. Maurice Sheehy, Corcaíoch, a thug faoi i Sailearna, agus ba é Patrick Coyle a thug faoi i gCill Ainnín.

Ceithre cinn d'fhoirmeacha a líonadh isteach. Ba é an ceann teaghlaigh – fear an tí go hiondúil, cé gur líon baintreacha agus mná singil go leor isteach iad freisin – a líon isteach *Form A – Return of the Members of this Family and their Visitors, Boarders, Servants &c. who slept or abode in this house on the night of Sunday the 2nd of April, 1911*. Cuntas é seo ar an méid daoine a bhí sa teach oíche an Daonáirimh: a n-ainm, a n-aois, arbh fhir iad nó mná, a gcreideamh, a ngairm, a stádas pósta, cár rugadh iad, an raibh Gaeilge acu nó Béarla, agus an raibh ar a gcumas Béarla a léamh

agus a scríobh. B'éigean do lánúineacha a inseacht cé mhéad bliain a bhí siad pósta, cé mhéad gasúr a rugadh beo dóibh agus cé mhéad de na gasúir sin a bhí beo oíche an Daonáirimh.

I mBéarla a bhí na foirmeacha agus bhíothas ag súil gur i mBéarla a líonfaí isteach iad. Agus b'in a tharla cé is moite de chorrhdhíograiseoir anseo agus ansiúd. Má chaitheann muid súil ar fhoirm mhuintir Uí Loideáin i mBoth Chuanna Thoir, is i nGaeilge a líon ceann an tí, Máirtín Ó Loideáin, 61, "feilméar", isteach an fhoirm. Bhí "Gaédhilig 7 Béarla" aige féin, a scríobh sé, ach ní raibh

Béarla ar bith ag a bhean ná ag a sheachtar gasúr. "Sgoláire" a bhreac sé síos dóibh uilig cé is moite den mhac is sine, Dómhnall, naoi mbliana déag, ar "mac feilméara" a bhí ann. ("Scholar" a breacadh síos do ghasúr ar bith a bhíodh ag freastal ar scoil.) Líon sé isteach foirm na comharsan chomh maith, Mícheál Ó Droighneáin, 81, "feilméar" eile. Ní raibh léamh ná scríobh ag Mícheál – tá "X" curtha lena ainm ag bun na cáipéise. Ón bpeannaireacht, is léir gurbh é Máirtín a líon isteach dó í. Chuile sheans go raibh gaol eatarthu. Líon Mícheál Ó Maicín, "oide scoile náisiúnta" sna hAille, isteach foirm a theaghlach féin i nGaeilge chomh maith. Tá sé féin, a bhean, Máire, a dtriúr clainne, máthair a mhná, Bairbre Ní Fháthairtigh, agus Máire Ní Ghaoithín, "cailín aimsire" agus "seirbhíseach ginearálta", luaite ar an bhfoirm. Bhí Gaeilge agus Béarla acu go léir cé is moite den chailín aimsire, ar Béarla amháin a bhí aici. Ar ndóigh tá cáil ar Ó Maicín mar an té a mhúscaíl spéis ina dhalta Mícheál Breathnach tabhairt faoin scríbhneoireacht i nGaeilge.

Cuireadh ceist chomh maith cár rugadh chuile dhuine sa teach. Léargas ar an imirce é gur i Meiriceá a rugadh Bridget Folan as "Knock South" (An Bóthar Buí / Baile na mBroghach / Leithrinn), cé nach raibh Béarla ar bith aici. I Meiriceá a rugadh Coleman Flaherty freisin, "farm servant" i gCor na Rón, agus arís ní raibh aon Bhéarla aige.

Eolas ar an mBéarla

Bhí cur amach eicint ar an mBéarla ag formhór mhuintir Chois Fharraige, agus go hiondúil bhíodh léamh nó scríobh an Bhéarla ag duine eicint sa teach. Eisceachtaí ab ea leithéidí mhuintir Conneely i Knock South: as cúigear sa teach, in aois ó 57 go cúig bhliana, ní raibh léamh ná scríobh ag ceachtar acu. Ná ní raibh Béarla ar bith acu. Ná ag muintir Mogan i gCor na Rón, fear, 71, a bhean, 72, agus mac

an tí, 50: ní raibh léamh ná scríobh ag duine ar bith acu. Bhí an scéal amhlaidh le muintir Faherty as Clochar na gCon: Patrick, 73, a bhean, Sara, 70, agus mac an tí, Patrick, 38. Gaeilge amháin a bhí aigesean agus ag a athair, cé go raibh labhairt an Bhéarla ag Sara. Ba mhó an seans a bhíodh ann nach mbeadh Béarla ag na glúnta is sine, agus dá mbeadh cónaí ar dhaoine in áit réasúnta iargúlta ar nós Chlochar na gCon nó Bhoth Bhrocháin, mhéadófaí ar an seans sin.

Ach níor stop sé sin iad. Ní raibh léamh ná scríobh ag Bridget McNulty, baintreach, 64, an mháistreás posta i mBaile na hAbhann, cé go raibh a beirt iníon, Hannah agus Kate, a raibh léamh agus scríobh acu, fostaithe mar "assistant in post office". Ná ní raibh léamh ná scríobh ag Mary Feeny, a raibh siopa aici sa Lochán Beag. Ní raibh léamh ná scríobh ag aon duine eile sa gclann ach oiread – ach bhí ag an gcailín aimsire! Bhí "shop business" ag Mary Coyne, 34, Aille, ach ní raibh léamh ná scríobh aici – bhí ag a hiníon, deich mbliana d'aois. Bhí léamh an Bhéarla ag James Griffin, "farmer's son", 29, as Cor na Rón ach níl tada luaite sa gcáipéis faoi é a bheith in ann scríobh. Ní raibh léamh ná scríobh ag a athair, a mháthair ná ag a dheartháir.

Sloinne

Is iad na sloinne céanna atá le fáil i gcáipéisí an Daonáirimh agus atá thart orainn sa lá atá inniu ann: Breathnach, Mac Donnchadha, Ó Cadhain, Ó Catháin, Ó Ceannabháin, Ó Céidigh, Ó Coisteala, Ó Con Cheanainn, Ó Conaire, Ó Conghaile, Ó Cualáin, Ó Curraoin, Ó Diollúin, Ó Donnchadha, Ó Droighneáin, Ó Fatharta, Ó Finneadha, Ó Flatharta, Ó Gríofa, Ó Loideáin, Ó Neachtain, Ó Tuairisg, Ó Tuathail agus ainmneacha nach iad. (Chuir an sloinne "Malia" beagan mearbhaill orm go dtí gur thuig mé gur Ó Máille a bhí i gceist.)

Nuair a thagann sloinne neamhghnách (dúinne) aníos, is iondúil gur strainséir a bhíonn i gceist. Cuirim i gcás Maggie Cunningham, "housemaid" as Co. na hIarmhí, a bhí ag obair ag an Tiarna Killanin, nó John Tumelty as Co. an Dúin, a bhí ina bhuitleír sa teach céanna. Nó Patrick Meenaghan, "boarder" a bhí ar lóistín i gCoill Rua Thiar. Bhí Patrick Kavanagh ina shearbhónta i dteach shagart an pharóiste. Bhí Joseph McConnell ar aimsir i dteach mhuintir Mhainnín i mBoth Bhrocháin. Bhí Isabella Dowling ina "boarder" tigh Thuairisg sa Lochán Beag. Patrick Spelman a bhí ar an "gamekeeper" sa Lodge i nGleann Mhac Muirinn, mar a raibh cónaí air féin agus a thriúr clainne. Ba "visitor" as Corcaigh í Katie B. Mac Carthy, 28, tigh Lyons sna hAille. B'as an gcontae céanna bean Michael A. Lyons, Mary B. – chuile sheans gur duine muinteartha í. Ach tá cuid de na sloinnte imithe as an gceantar: Fulton Chor na Rón agus Erner as an gCnoc.

Gairmeacha

Formhór na gceann teaghlach arbh fhir iad, luaigh siad gurbh fheirmeoirí iad, cé, ar ndóigh, go bhféadfadh gairm eile a bheith ag duine chomh maith leis an talmhaíocht, iascaireacht, abair, nó siúinéireacht. "Farmer + blacksmith" a cuireadh síos do Stephen Conneely as Knock South. "Farmer + carpenter" a thug John Costello, 62, as Cor na Rón air féin. Ba shiúinéir é a mhac John, 17, freisin. Ba "farmer + shop keeper" é John Folan, 68, as Cor na Rón, agus bhí a mhac Larry fostaithe aige mar "shop assistant". Fear posta a bhí in Tom Folan, 17, i gCor na Rón. Bhí fear posta eile, Coleman Flaherty, 18, i gCor na Rón freisin. "Retired farmer" a thug Thomas J. Lyons air féin. B'as Maigh Eo é ach bhí sé ag cur faoi i dteach a mhic, Michael A. Lyons. Ba "labourer" é Patrick Naughton, 73, a bhí ar lóistín i dteach mhuintir

Lee sna hAille. Patrick Walsh sa Lochán Beag, ba “farmer + wool weaver” é. Bhí an ghairm chéanna ag William McGinn ar an mbaile céanna. Bhí Martin Conneely, 60, “rag gatherer”, ar lóistín i dteach Mary Folan sna Mine. Bhailíodh an fear seo seanéadaí le go ndéanfaí iad a shracadh óna chéile; d’fhéadfaí iad a fhí ansin le chéile arís in éadach nua (nach mbíodh ar ardchaighdeán – *shoddy* an t-ainm a bhí ar an éadach), nó, dá mba chadás a bheadh i gceist, d’fhéadfaí páipéar a dhéanamh astu. Luaití gairm an fheilméara le mná freisin, leithéidí Maggie Flaherty, Cor na Rón, 71, ar “farmer” í. Bhí an scéal amhlaidh le Mary Folan, 50, sna Mine. Ar ndóigh is baintreacha nó mná singil a bhíodh i gceist. D’fhéadfadh mná a bheith i mbun siopaí a riar freisin, mar a rinne Mary Watters, 33, sa Lochán Beag. Ise atá ainmnithe mar cheann an teaghlaigh. Ní raibh a fear sa mbaile oíche an Daonáirimh is dócha.

B’eo é ré na searbhóntaí. Feictear seirbhísigh agus giollaí agus cailíní aimsire in go leor tithe, leithéidí Patrick Feeny, 24, agus Stephen McDonagh, 22, “farm servant” beirt, sa Lochán Beag. Bhí Michael Newell, 73, ag cur faoi i dteach a iníne Mary a bhí pósta ag Coleman Dillon i gCartúr Leathan. Baintreach fir a bhí ann – “farm servant” an ghairm atá thíos ar an bhfoirm. Bhí Bartly McDonagh, 25, ina “gardener – domestic servant” i dteach John Folan i gCor na Rón. Is iondúil nach mbíodh searbhóntaí pósta.

Achoimre atá in *Form N – Enumerator’s Abstract for a Townland or Street*, ar an líon daoine agus foirgneamh i mbaile fearainn nó ar shráid faoi leith: an líon fear agus ban, má bhí níos mó ná teaghlach amháin i dteach faoi leith (ní raibh); an méid tithe nach raibh cónaí iontu (fíorbheagán i gcás Chois Fharraige), agus a gcreideamh – ar Chaitlicigh,

Anglacánaigh, Phreispitéirigh, Mhodhaigh, Phrotastúnaigh Neamhspleácha, Bhaistigh, bhaill de Chumann na gCarad, Ghiúdaigh nó aon chreideamh eile iad. Ní nach ionadh, ba Chaitlicigh uilig iad muintir Chois Fharraige i 1911 cé is moite de na cúpla strainséir a bhí ag cur fúthu ann. Bhí Charles Sheridan, a bhean, Lilian, agus a n-iníon, Agnes, ina gcónaí i gClochar na gCon. B’as Baile Átha Cliath eisean agus b’as Gloucestershire Shasana a bhean. “Church of England – Protestant” a chuir sé síos mar a chreideamh agus “Caretaker of Fisheries” a ghairm. I *Lodge Chromghlinne* a bhí siad. Bhí Charles Young, “Presbyterian”, feirmeoir as Doire, ag fanacht tigh Chualáin i gCor na Rón oíche an Daonáirimh. Protastúnaigh uilig a bhí i nGarda an Chósta a bhí taobh le Céibh an *Station* i mBaile an tSléibhe – tá an fothrach ann i gcónaí. Orthu siúd bhí Edwin F. Tramp as Portsmouth, a bhean, Lydia, agus a n-iníon Victoria; Samuel C. England, a bhean agus a mhac; Edgar Wallace Fleming, a bhean agus a bheirt clainne; Demetrius Hodgson (“HM Coastguard’s Leading Boatman”) agus a bhean, Jennie; agus Ernest Beard – Sasanaigh agus Protastúnaigh (“Protestant Episcopalian – Church of England” mar a chuir siad síos) iad uilig. Bhí Albanach agus Preispitéireach, Kenneth Macaskill, a bhean agus a n-iníon ann chomh maith. Sna hAille a bhí sagart an pharóiste, Thomas Heany PP, ag cur faoi in éineacht le beirt searbhónta, Bridget Walsh, 35, agus Patrick Kavanagh, deich mbliana d’aois, ar “scholar” freisin é. I gCor na Rón a bhí cónaí ar an séiplíneach, Rev. Peter Varden, in éineacht le duine muintearach, Peter Varden eile, 13, agus Briget Seahill, “housekeeper”, i “lodging house” – sílim gurb in é an fothrach taobh le beairic na nGardaí i gCor na Rón.

Déanamh na dTithe

Tugtar cur síos in *Form B1 – House and Building Return* ar an méid tithe a bhí sa mbaile fearainn: ar thithe príobháideacha iad, nó siopaí, nó monarchana nó eile. Breacadh síos ábhar an dín: tuí, iarann, slinn nó tileanna. Rinneadh taifead freisin den líon seomraí a bhí sa teach chomh maith le líon na bhfuinneog. Bunaithe ar an eolas seo uilig cuireadh luach ar an teach ó thaobh caighdeáin de: más teach den chéad, den dara, den tríú nó den cheathrú grád é. Formhór mór na dtithe i gCois Fharraige, ba thithe den tríú grád iad, is é sin le rá gur teach ceann tuí a bhí ann le ballaí cloiche, dhá sheomra agus dhá fhuinneog. Bhíodh fuinneog sa mbreis nó seomra eile nó díon ceann slinne ar thithe den dara grád. Bhí tithe den chéad ghrád anghann, cé go raibh trí cinn sna hAille. Tá ceann acu ina sheasamh i gcónaí, taobh leis an séipéal, tigh Jimmy Bheartla – i 1911 bhí díon ceann slinne air, ceithre sheomra ann agus seacht gcinn d’fhuinneoga. Bhí tithe den cheathrú grád ann freisin. Ní raibh siad fairsing ach ní raibh siad gann ach oiread; bhíodh ceann nó péire i chuile bhaile. Seomra amháin a bhíodh iontu seo agus gan fuinneog ar bith – níorbh ann don chúigiú grád. Feicimid ó *Form B1* freisin sonraí eile ar nós go raibh teach ósta agus scoil sna hAille agus dhá theach ósta sa Lochán Beag. Bhí cearta ar an gCnoc agus péire eile in Indreabhán. Bhí “shooting lodge” i gClochar na gCon agus oifig posta agus scoil i mBaile na hAbhann.

Foirgnimh Eile

Is í an fhoirm *B2 – Return of Out-Offices and Farm-Steadings* an fhoirm dheireanach a chuimsíonn gach teaghlach. Déantar cur síos ansin ar na foirgnimh eile a bhí thart ar an teach: seideanna, cróití, sciobóil, srl. Tugann an fhoirm seo lear mór eolais dúinn faoi shaol eacnamaíochta an cheantair. Ar an

talamh a mhair na daoine agus bhí sé seo le feiceáil sna foirgnimh a thóg siad. Bóithigh agus stáblaí is fairsinge i measc na gcróití agus na scioból. 24 bóitheach a bhí sna hAille agus 16 stábla. Bhí tionscal na muc tábhachtach freisin: 27 “piggery” a bhí sa Lochán Beag; 52 díobh a bhí i gCor na Rón. Bhí foirgnimh faoi leith i mbailte gustalacha. Baile ar nós na nAille, le trí theach den chéad ghrád, bheadh súil le “fowl houses” – bhí trí cinn acu ann – agus “barns” (seideanna féir) – sé cinn díobh. Bhí trí cinn de “coach houses” sna hAille fiú! B’fhoirgnimh neamhchoitianta iad an “workshop” agus “boiling house” a bhí i *Lodge Chromghlinne* agus na sé “turf house” agus an “boat house” a bhí ag Garda an Chósta.

Tá cáipéis eile spéisiúil ar marthain a thugann léargas ar an gcaoi ar fheidhmigh an stát sa gceantar, is é sin, *Form H – Return of*

Military, R.I. Constabulary or Metropolitan Police in Barracks. Baineann sé seo le beairic an RIC ar an gCaisleán – tá sé ann i gcónaí, teach ard dhá stór ar thaobh na láimhe clé agus tú ag dul síos i dtreo an aerfoirt. Ní thugtar ainm na bpóilíní – ní thugtar ach a gcuid inisealacha. I láthair bhí an sáirsint, “P.O.P.”, 47, as Ros Comáin, agus triúr constáblaí, “M.S.” as Corcaigh, “F.D.” as Liatroim, agus “F.McG.” as Luimneach. Glacaim leis gurb é “M.S.” Maurice Sheehy a bhí i gceannas an Daonáirimh i Sailearna.

Cáipéisí fuara neamhphearsanta iad cáipéisí an Daonáirimh. Tá siad flaithiúil go maith le fíricí, staitisticí agus uimhreacha, ach is go fíorannamh a éiríonn linn dul níos doimhne isteach sa scéal agus díriú isteach ar na daoine, na pearsantachtaí agus ar an saol a chaith siad céad bliain ó shin. Tugtar cúpla leide dúinn, áfach.

Deirtear linn go raibh James Faherty, 50, pósta ag Barbara Faherty, 72, sa Lochán Beag le dhá bhliain déag. Agus sna hAille bhí Thomas Faherty, 50, pósta ag Julia Faherty, 51, agus ní raibh siad pósta ach le mí. Sin dhá lánúin a chuaigh ag cuartú leigheas ar an ngrá más go deireanach féin é. Sna hAille, bhí Coleman Feeney, 60, pósta le Margaret, 27, agus ní raibh siad ach mí pósta oíche an Daonáirimh. Bhí Bridget Flaherty as Cor na Rón 102 bliain d’aois oíche an Daonáirimh – tháinig sise tríd an Drochshaol. Agus ar ndóigh tá an crá agus an briseadh croí ann chomh maith. Luaitear Patrick, 63, agus Julia, 47, Faherty, na hAille, a bhí fiche bliain pósta. Sa mbosca “Total Children Born Alive” chuir siad síos, “2” agus sa mbosca taobh leis, “Children still living” cuireadh síos, “None”.

Tá an t-eolas seo le léir le fáil ar www.census.nationalarchives.ie



Comharchumann Shailearna Teoranta

“Cur Chun Cinn Teanga, Cultúir, Fostaíochta agus Seirbhísí”

Comharchumann Shailearna Teo.

Na hAille, Indreabhán, Co. na Gaillimhe

Fón 091-593017 Facs: 091-593715

rphost: cst@eircom.net

Seirbhísí ar fáil

Forbairt Pobail/Fostaíocht/Fiontraíocht

Seirbhísí Oifige/Seirbhís Mapaí Talún

Oideachas/Teanga

Oifig Eolais/Turasóireacht

Cúrsaí ar fáil Ionaid

FÁS

SFP

LTi

An tAcadamh

Seanscoil Sailearna

ITT

Amharclann

Chois Fharraige

An Ghorlann

Uaireanta Oifige

Luan-Déardaoín

9.00r.n - 5.00 i.n

Aoine


9.00 r.n - 4.00 i.n

Lón

1.00 i.n - 2.00 i.n

An Colún Cócaireachta

Níl muid cinnte cé chomh fada siar a théann traidisiún an cáca bacstaí ach deirtear gur i rith réimeas Eilís I Shasana, thart ar 1600, a thug Walter Raleigh na fataí go hÉirinn den chéad uair. Spéisiúil go leor, ba i lár tíre, i dtuaisceart Chonnacht agus i ndeisceart Uladh ba mhó a bhí tóir ar an gcáca bacstaí. Is cosúil gurbh iad na daoine bochta is mó a d'úsáid é mar is *cáca fataí na mbocht* a thugtaí air freisin.



Caithfidh mé a rá nach bhfaca mé féin an cáca bacstaí á dhéanamh ariamh nó má chonaic, níor thug mé mórán suntais dó. Is é an uair a bhí muid ag déanamh píosa cócaireachta don chlár *Siamsán Maidine* ar RTÉ Raidió na Gaeltachta, roinnt blianta ó shin, an chéad uair a rinne mé iad. Theastaigh ó Mháirtín Jamsie an bacstaí a dhéanamh ar an gclár. Bhraith mé féin nach raibh mé sách eolach le tabhairt faoi agus chuir mé tuairisc le mo mháthair agus is uaithi a fuair mé an t-eolas.

Ní haon iontas gur tugadh *cáca fataí na mbocht* air mar níl tada ann ach fataí agus gráinne salainn. Seo a leanas an t-oideas a thug mo mháthair dom. Tá sí féin ar shlí na fírinne anois, go ndéana Dia grásta uirthi.

Máire Ní Chéidigh

Bacstaí

Idir 8 agus 10 gcinn d'fhataí
Salann
(Im leis na fataí a bhruith)

Modh:

1. Nigh agus glan na fataí, bain an craiceann díobh.
2. Grátáil isteach i mbabhla nó trádaire iad.
3. Cuir isteach in éadach glan bán iad agus fáisc amach an méid is féidir den uisce astu.
4. Cuir salann leo.
5. Tóg lán spúnóige den mheascán agus déan cáca beag tanaí as.
6. Lean ar aghaidh go mbeidh an meascán ídithe.
7. Bruith ar fhríochtán te iad ag úsáid im leáite go mbeidh dath deas donn ar chaon taobh ar feadh 25 nóiméad ag brath ar chomh tiubh is atá siad.
8. Dáiligh te iad le rúinne ime.

Sa lá atá inniu ann, tá cáca bacstaí le fáil go forleathan i mbialanna ar fud na tíre ach tá na hoidis athraithe go mór; ní féidir a rá gur *cácaí fataí na mbocht* é an cáca bacstaí níos mó. Tá réimse leathan comhábhair iontu inniu cosúil le huibheacha, luibheanna, im, brúitín, bainne, plúr agus ábhair eile.

Tá mé beagnach cinnte go mbaineann traidisiún an bhacstaí leis an tír seo mar ní fheicim aon tagairt ceart dóibh i leabhair chócaireachta ó thíortha eile.

Bhí sé ráite nach raibh seans ag bean óg fear a fháil mura raibh sí in ann cáca bacstaí a dhéanamh; b'fhéidir gur as sin a tháinig an ráiteas *Is é an bacstaí bread a chuireann na cailleacha ag troid*. Níl mé in ann a rá cé hiad na cailleacha, an iad na mná óga nó a gcuid máithreacha atá i gceist? Is dócha go bhfuil freagra na ceiste sin ag duine éigin eile.

Cáca Brioscaí Seacláide

Comhábhair

454 g. (1pht.) gnáthbhrioscaí
(plain biscuits, Rich Tea, Marietta, nó Arrowroot)

227 g. (1/2 pht.) margairín Stork

114 g. (4 unsa) de shiúcra

2 ubh bhuaile

3 spúnóg bhoird de phúdar seacláide Cadbury's (drinking chocolate)



Leáigh an margairín agus an siúcra i sásan, ar theas íseal. Corraigh nó go mbeidh sé leáite. Tóg den teas é agus lig dó fuarú beagán.

Cuir leis an bpúdar seacláide agus na huibheacha buailte é.

Cuir ar ais ar an teas é.

Tabhair go fiuchphointe é.

Tóg den teas é láithreach.

Ná lig dó fiuchadh.

Cuir isteach na brioscaí briste leis an meascán.

Measc go maith é.

Iompaigh amach ar pháipéar gréiscdhíonach.

Cuir cuma bhollóige ar an meascán.

Fág i leataobh é go bhfuaraíonn sé.

Nuair atá sé fuar, cuir sa chuisneoir é, más maith leat.

Fuarthas an t-oideas seo ó Mháire Uí Ráighne, Coill Rua, Indreabhán.

Sonny Robert

(Séamus Ó Caisín ón Aill Bhuí)

Maidhcín Dan Ó Droighneáin

Airíonn muid uainn thú, a sheanchaí ghreannmhair ón Aill Bhuí, do chuid eachtraí agus scéalta móra, ach mar sin féin, ní bhfaighidh an aois an ceann is fearr go deo ort mar fuair tú an bás ab ansa leat – ar do shuimreas i measc cairde a bhí go fial flaithiúil agus a chuir go minic Fáilte Uí Cheallaigh isteach romhat san áras ar a dtugtar an t-ainm draíochta sin “Tír na nÓg”.

Ag fás suas dó mar mhalrach i gceantar álainn Ros Muc, Sonny Robert a thugaidís mar ainm air agus cé hé mise leis an ainm sin a athrú, dar a shon, ach, mar sin féin, soir bealach Chois Fharraige san áit ar chaith sé cuid mhaith dá shaol go macánta mánla nó gur sciob an bás go tobann chun siúil é, Séamus Cash a thugadh muid air, agus go minic “Cash”. Deireadh sé “Ná bígí ag glaoch Cash orm; níl sé sin feiliúnach mar tá sé ag teacht salach ar mo phóca, mar adéarfá!” cé go mbeadh sé ag maíomh anois agus arís go raibh gaol gar aige leis an amhránaí cáiliúil Johnny Cash. Sciorradh corrbhlogam Béarla uaidh anois agus arís agus deireadh sé “*San Quentin, I hate you!*”, go tobann ar ais ar a theanga dhúchais agus deireadh sé “Ó, m’anam gur fíor dom é!”

Blianta siar agus muid ar cuairt Tigh Pheadair Mhóir agus Tigh Johnny Sheáin, b’fhéidir oícheanta fuara seaca geimhridh, ach ní aireodh muid dhá nóiméad san oíche ag éisteacht le Séamus agus é ag cur síos ar a chuid eachtraí móra agus a chuid taistil ar fud an domhain.

Deir sé gur chaith sé seal ag obair thuas i stát Alaska in éineacht leis na hEskimos agus foireann innealtóirí ó arm Mheiriceá agus iad ar thóir toibreacha ola; ach tharla easaontas agus b’éigean do Shéamus é a ghearradh, ag rith anuas an cnoc agus iad ag cur liathróidí sneachta amach thar a mhullach; “agus dá seasainn talamh an lá sin,” adeir Séamus, “bheinn thuas ansin fós in mo spíle mar a bheadh fear sneachta!”

Chaith sé seal eile i gceantar Bhooston san áit ar imir sé roinnt

cluichí leis an bhfoireann cháiliúil ar a dtugtar na Red Sox. “M’anam,” adeir Séamus, “nuair a bhíodh roinnt de na cluichí thart go mbeadh níos mó ná “stocaí dearga” i gceist – polláirí fola agus easnacha briste. Rinne Séamus a bhealach chomh fada leis an Rúis go dtí cathair Mhoscó, an áit ar chuir sé aithne mhaith ar phríomh-aire na tíre sin, Krushev. “Tráthnóna amháin,” adeir Séamus, “bhí an Rúiseach agus mé féin ag marú cúpla buidéal vodka; dúirt Krushev: “Ar an gcaoi a bhfuil tú ag caint, a Shéamus, déarfainn gur álainn an áit é ceantar Ros Muc, ba mhaith liom cuairt siar ach nár mhór an onóir dom suí isteach agus cupán tae a ól i dTeach an Phiarsaigh, laoch mór na Cásca fadó.” “Beidh fáilte agus fiche romhat an bealach s’againne,” a d’fhreagair Séamus, “agus m’anam go bhfaighidh tú deoch níos láidre ná cupán tae – má chuala tú riamh trácht ar *Vodka Ros Muc?*” “Chuala mé go minic,” adeir Krushev, “agus má tá sé níos láidre ná an stof atá ar an mbord seo, tá sé ina dhiabhal uilig.” “Ara,” adeir Séamus, “níl ach uisce bog sna buidéal atá anseo le hais an deoch atá siar againne!”

Chaith Séamus tamall freisin ag obair i gcathair Londan agus ghlac sé páirt i rásaí gluaisteán. Tráthnóna amháin agus é ag teacht sa gcéad áit, leis an luas a bhí faoin gcarr, las na rothaí agus cuireadh fios ar thrí inneall dóiteáin. Bhí na mílte ag screadach agus ag fógairt an créatúr a shábháil – go raibh sé dóite brúite. “Ní raibh stró an diabhair ormsa,” adeir Séamus, “bhí mé clúdaithe le héadach speisialta.”

Chuir Séamus an-suim i gcúrsaí dornálaíochta agus chaith tréimhse

ag plé leis an gceird sin. Oíche amháin i Wembley, chuaigh sé isteach sa bhfáinne ag troid le ceann de na dornálaithe ab fhearr a bhí i Sasana – fear darbh ainm Randy Turpin. “Chaith muid,” adeir Séamus, “seacht mbabhta den troid ag greadadh a chéile, fuil chuile áit. Ach ag tús an ochtú babhta, mhaslaigh Turpin go mór mé nuair a thosaigh sé ag glaoch leasainmneacha orm, cosúil le “pocaide” agus mar sin, rud nach raibh tuillte ag mo dhream ná agamsa ón Aill Bhuí.” “Ach,” adeir Séamus, “dhúisigh an braon in íochtar mo rúitín agus suas leis go barr blaoisce agus d’imigh mo chiotóig mar a bheadh scáil isteach faoi na heasnachaí ag Turpin agus chuir mé amach glan trí na rópaí é san áit ar thóg sé leathuair ar an dochtúir a bhí ina shuí in aice an fháinne é a dhúiseacht. Agus nuair a tháinig an mothú ann, dúirt sé “Shíl mé gur *torpedo* a fuair mé isteach ar an mbolg ón bpocaide sin thall.” “Éirigh as do chuid loiciméarach,” adeir Séamus, “nó tabharfaidh mise ciotóig eile duit a chuirfeas codladh ort go ceann míosa!” “Ag an bpointe sin,” adeir Séamus, “bhí mo chairde ó Ros Muc ag léim sna suíocháin agus ag fógairt “Ali! Ali! Ó bhaile an Aill Bhuí” agus Turpin ina luí ar a bhéal faoi.” “Mo bhrón,” adeir Séamus, “lig mé na cairde sin síos go dona mar rinne an t-oifigeach a bhí i gceannas na troda amach – agus an ceart aige – gur bhuail mé Turpin buille beag íochtarach isteach,” adeir Séamus, “ar *No Man’s Land* nó, mar adeir Tom Chóil fadó nuair a fuair sé cic ó asal, ‘An-íochtarach! Drochphian!’ “Agus,” adeir Séamus,

“chaill mé an troid agus, níos measa fós, mo chheadúnas troda ar feadh cúpla bliain agus nuair a tháinig mé ar ais arís chun troda, ní raibh ionam ach scáile den té a bhí. Agus bhuail cuimleachán ó uachtar Shasana anghleadhradh orm agus séard a chuir isteach orm ná cúpla bliain roimhe sin go gcuimleoinn an cuimleacháinín sin de mo leath deiridh – i gcead don chomhluadar – go bhfóire Dia orainn. Ó, m’anam gur fíor dom é!”

Faraor, chaill Séamus an troid mhór dheireanach i mí na Samhna na bliana 2010 agus mhúch solas ar bhóthar Chois Fharraige san áit a raibh lorg a bhróg go minic agus tá deireadh leis na heachtraí agus na scéalta móra mar tá Séamus ina luí go socair i gcreafóig mhín Reilig Chill Bhreacáin. Ach tá má tá mar dúirt Timín Pheadair (agus m’anam gur feairín meabhrach é sin timpeall na tíre – cluais na heasóige air) gur chuala sé féin – má tá an fhírinne ann – go gcloistear corrscairt gháirí agus gleo anois agus arís ag teacht amach as an reilig seo i gceist, b’fhéidir ar uair mharbh na hoíche nó le briseadh lae. “Ar ndóigh,” adeir Timín, “tá

freagra simplí ar mo chuid cainte mar tá Sonny istigh, an áit trína chéile aige ag baint gáirí as na haspail agus na naoimh leis na scéalta barrúla atá aige sna críocha rúnda atá ar an taobh thall den uaigh.”

Arís, mar adeir mé ar ball, airíonn muid uainn thú, a sheanchaí ghreannmhair ón Aill Bhuí leis na scéalta spóirtiúla siúd agus do chuid taistil ar fud an domhain. Ach mar sin féin, nach deas an rud a bheith ag smaoineamh go dtiocfadh roinn de do chuid seanchais tríd an mbéaloidas anuas ó ghlúin go glúin ar feadh na gcéadta bliain.

Slán agus míle beannacht leat, suíochán i measc na naomh go raibh ag t’anam anocht, a mháistir na samhlaíochta, a Sonny Robert a bhí lách suáilceach, ón Aill Bhuí.

* * *



**Nioclás Ó Conchubhair Teo
Homevalue**

*Ábhar Tithíochta, Earraí Crua, Teas
& Pluiméireacht, Seomraí Folctha,
Cuisneoirí & Innill Níocháin, Solas,
Péint, Lárionad Gáirdín*

Casla, Co. na Gaillimhe

Teil: 091-506111 Facs: 091-506044

ephost: nicholasoc@eircom.net

Leitir Móir, Co. na Gaillimhe

Teil: 091-551114 Facs: 091-551258



**An Comhlachas
Náisiúnta
Drámaíochta**

Camas, Conamara

**Leabharlann Drámaí Gaeilge
Os cionn 650 teideal —
Ceardlanna agus Comhairle**

091 574146

eolas@drama-gaeilge.com

www.drama-gaeilge.com

Sconsa Scoil Shailearna

Máire Ní Fhlathartaigh

Is beag duine a théann siar bóthar Chois Fharraige ó dheireadh an tsamhraidh seo caite nach dtugann faoi deara an sconsa breá atá ag síneadh amach roimhe ar thaobh na láimhe deise ag ceann thiar chlós Scoil Náisiúnta Shailearna agus leath bealaigh ó thuaidh comhthreomhar leis an scoil. Tógadh an sconsa nuair a leagadh na crainnte idir ‘Tigh Kheane’ / ‘Tigh Mhiss Conneely’ agus an scoil. Tosaíodh ar an obair thart ar mhí an Mheithimh 2010 agus cuireadh an chloch dheiridh in áit thart ar dheireadh an tsamhraidh 2011.

Triúr saor cloiche a rinne an obair faoi Scéim Sóisialta Tuaithe, urraithe ag Údarás na Gaeltachta agus is gach re seachtain a bhídís ag obair. Is iad an triúr saor ná Mícheál Mheáirt Churraoin as Na hAille, Maidhc Chóil Sheáinín Ó Tuathail as Leithrinn, An Cnoc, agus Pádhraic Ó Neachtain as Na hAille. Bhíodar ag obair faoi threoir Phádhraic Uí Churraoin, saoiسته na scéime as An Lipe, An Spidéal. Triúr ceardaithe den scoth agus máistircheardaí dá dtreorú.

Thug Mícheál Mheáirt a spéis sna clocha leis óna athair Meáirt Churraoin, go mba file agus ceardaí focal é chomh maith le bheith ina cheardaí cloch. Óna sheanathair Seáinín Ó Tuathail, a thóg Maidhc a spéis sna clocha agus a leanann iad, agus bhí cleachtadh mhaith ag Pádhraic Ó Neachtain as Gleann Mhac Mhuirinn ar obair chloiche sular thosaigh sé ar thógáil an sconsa seo.

Baineadh na clocha i gcairéal Phádhraic Uí Chonghaile, i mBaile na Cille, Leitir Mealláin ach d’aithneofa orthu nach n-airíonn siad go bhfuil siad ar deoraíocht i gCois Fharraige! Dúirt Pádhraic liom gur cairéal cloch eibhir dhaite é an cairéal. Cloch nach bhfuil gáifeach

ná scréachta í ach a bhfuil teolaíocht agus daingneacht ag baint léi.

Gearradh trínse a bhí trí troithe doimhin i dtosach, agus ansin leagadh síos dúshraith cloch faoin sconsa. Balla fuar (*dry stone wall*) atá ann; thart ar 200 slat san iomlán is fad dó; thart ar 5’ ar airde atá sé sa gcuid is airde de agus thart ar 3’ ar airde sa gcuid de atá siar leis an mbóthar mór. Balla singil atá sa 50 slat is faide ó thuaidh den sconsa a bhfuil máithreacha móra clocha in íochtar agus clocha níos lú in uachtar ann.

Gearradh bóthar breá, comhthreomhar leis an sconsa, trí

Shliabhán Kheane, a fhágann go bhfuil ar chumas carranna tiomáint suas ar chúl na scoile anois. Laghdaíonn seo baol timpistí ar an mbóthar mór ar aghaidh na scoile. An toradh is fearr, b’fhéidir, a leanann tógáil an sconsa ná go bhfuil an bóthar mór agus timpeallacht na scoile níos sábháilte anois do scoláirí, don trácht agus don phobal fré chéile. Ní hé Balla Mór na Síne thall é ach sconsa daingean Shailearna, saothar chomh healaíonta, sílim, agus atá le feiceáil sna bólaí clochacha seo. Molann an saothar na ceardaithe. Nár laga Dia sibh!



Triúr fear ag tógáil sconsa

Mícheál Ó Curraoin, agus Pádhraic Ó Neachtain as Na hAille agus Mícheál Ó Tuathail as Leithrinn, An Cnoc.

Tearmann Éanna

– Tearmann don Aosach

Peigí Uí Chéidigh

Is i dtús na nóchaidí a cuireadh tús le Coiste na nAosach/Tearmann Ainnín agus le himeacht ama bunaíodh an comhlacht Tearmann Éanna Teo. le seirbhísí den scoth agus d'ardchaighdeán a chur ar fáil d'aoisigh agus d'easláin an cheantair. Is eagraíocht dheonach Tearmann Éanna Teo. ar a bhfuil Bord Stiúrtha de dheichniúr stiúrthóirí agus beirt bhall coiste ag feidhmiú go deonach. Tá muid ag brath go hiomlán ar mhaoiniú agus ar dhea-thoil na n-eagraíochtaí stáit cuí leis na seirbhísí a chothú agus a chur chun cinn don Aosach. Tá tríocha a dó Teach Sóisialta, Ionad Lae, Ionad Sláinte agus Aireagal Phóil, lena mbaineann naoi n-árasán, tógtha go dtí seo ag Tearmann Éanna Teo.

Mar chuid den obair fhorbartha atá idir lámha ag Tearmann Éanna Teo., rinneadh cinneadh go ndéanfaí roinnt oibre in earnáil an oideachais le freastal ar riachtanais oideachais na nAosach ní hamháin i gCois Fharraige ach ar fud Chonamara agus Oileáin Árann. Cuireadh traenáil agus oiliúint ar fáil d'ochtár ó chuile cheard de Chonamara le scileanna áisitheoireachta a bhaint amach dóibh féin agus le go mbeadh ar ár gcumas an clár 'Aosú le Muinín' a chur ar fáil trí mheán na Gaeilge d'aoisigh an cheantair seo.

I dtosach báire d'éirigh linn ábhar an chúrsa ar fad a aistriú go Gaeilge leis na deiseanna agus na cearta céanna oideachais a bheith ar fáil d'aoisigh na Gaeltachta atá ar fáil d'aoisigh i gceantracha taobh amuigh den Ghaeltacht.

Is i gcomhar leis an eagraíocht Age and Opportunity a reáchtáladh an cúrsa. Is é aidhm an chlár 'Aosú le Muinín', ina bhfuil ocht seisiún ina iomláine, cuidiú agus éascaíocht a sholáthar do dhaoine le scrúdú a dhéanamh ar a gcuid aosachta féin agus eolas a chur ar fáil faoi ghnéithe fisiciúla, síceolaíocha agus sóisialta a bhaineann le haoisacht, féinmhuinín a chothú agus a chaomhnú agus fiúntas agus sult a bhaint as na blianta amach romhainn.

Tá Tearmann Éanna Teo. ag súil go mór le tús a chur le sraith cláracha 'Aosú le Muinín' i mí Meán



Fómhair na bliana seo, i gcomhar leis na háisitheoirí agus le tacaíocht na bpáirtneirí: An Coiste Gairmoideachais, Údarás na Gaeltachta agus Feidhmeannas na Seirbhíse Sláinte.

Nóta buíochais: Ar an 29 Meitheamh 2011, d'éirigh an tAthair Mícheál Ó Flannabhra as mar Chathaoirleach ar Thearmann Éanna Teo. Gabhann muid buíochas ó chroí leis an Athair

Mícheál as an tseirbhís fhada atá tugtha aige don Bhord Stiúrtha agus an dúthracht a léirigh sé ag cuidiú le haoisigh agus le heasláin an cheantair agus as ucht a stuaim agus a chuid iarrachtaí ar fad le cur le líon agus le caighdeán na seirbhísí dóibh.

In 2010 chinn Bord Stiúrtha Thearmann Éanna Teo. cuireadh a thabhairt do dhaoine a raibh spéis agus saineolas faoi leith acu in earnáil na n-aosach, ar mhaithe le forbairt ar na seirbhísí dóibh agus a gcur chun cinn.

Ag cruinniú i mí Bealtaine 2011, toghadh oifigigh nua ar Bhord Stiúrtha Thearmann Éanna Teo. Seo thíos liosta d'oifigigh, de stiúrthóirí agus de bhaill coiste Thearmann Éanna:

Máire Ní Chéidigh (Cathaoirleach), Sorchá Nic Dhonncha (Leas-Chathaoirleach), Peadar Mac an Iomaire (Rúnai), Aodán Mac Donncha (Oifigeach Staidéar Féidireachtaí agus Comh-Chisteoir) Katie Uí Chualáin (Comh-Chisteoir), an tAthair Mícheál Ó Flannabhra, Pádraic Willie Ó Fatharta, Máire Áine Nic Dhonnacha, Máire Bhreathnach, Máire Denvir, Morgan Ó Conchubhair, Máirín Bhreathnach (Ball Coiste), Caitlín Uí Fhatharta (Ball Coiste).

'Ní Neart go cur le chéile'

* * *

Coiste Pobail na Tulaí



◀ Rinne Coiste Pobail na Tulaí éacht i mbliana nuair a bhaineadar amach an chéad duais sa rannóg do choistí gan cúnamh fostaíochta i gcomórtas Ghlór na nGael. Déanadh an bronnadh i dTeach Carton, Má Nuad, san Aibreán 2011. Sa bpictiúr, tá an Dr Íde Ní Uallacháin agus an tAire Donncha Mac Fhionnlaoich in éineacht le Rúnaí an Choiste, Nuala Ní Chonghaile, agus an Cathaoirleach, Tomás Ó Neachtain.



▲ Tugadh cuireadh go hÁras an Uachtaráin do Choiste Pobail na Tulaí mar chuid de chomóradh 50 Bliain Ghlór na nGael. Sa bpictiúr, tá Uachtarán na hÉireann, Máire Mhic Giolla Íosa, ag bualadh le Caitlín Bn Uí Fhatharta, Máire Ní Óbáin agus Nuala Ní Chonghaile.



▲ Bhí Féile Lá an Phátrúin ar an Déardaoin, an 9 Meitheamh, agus bhí clár imeachtaí réitithe ag an bhfochoiste in ómós don cheilúradh. I measc na n-imeachtaí, bhí léachtaí spioradálta, tuairisc a scríobh Johnny Chóil Mhaidhc i 1963, amhránaithe agus ceoltóirí óga an cheantair chomh maith le cur síos ar stair Naomh Colmcille ó Mháirín Mhic Lochlainn. Dúradh Rúndiamhra Sólásacha an Phaidrín. Bronnadh duaiseanna ar pháistí na mbunscoileanna áitiúla a ghlac páirt i gcomórtais Aistí agus Ealaíon. Bhí fáilte roimh chách agus bhí slua maith ann agus tá súil againn go leanfar ar aghaidh leis agus go bhfaighfear an tacaíocht sna blianta beaga amach romhainn.

Sa bpictiúr, tá Máirín Mhic Lochlainn agus ball d'Fhochoiste an Phátrúin, Máire Ní Óbáin.



◀ Tháinig muintir cheantar na Tulaí le chéile ina gcéadta i mí Feabhra seo caite nuair a tháinig slua mór amach ag léirsiú le haghaidh cosán coisithe. Tá Coiste Pobail na Tulaí i mbun feachtais go dtógfaí an cosán seo le beagnach 30 bliain agus tá an píosa ina chontúirt amach is amach. Mar thoradh ar an

léirsiú, bhí comhráití dearfacha idir an Chomhairle Contae, Meitheal Forbartha na Gaeltachta agus an coiste. Tá sárbair déanta ar an togra seo agus súil againn tús a chur leis gan an iomarca moille. Beidh tús á chur leis an gCrannchur 50/50 arís chun maoiniú a chur ar fáil don togra seo.

Sa bpictiúr, tá Seán Ó Tuairisg agus Seosamh Ó Cuaig, beirt de na comhairleoirí contae a tháinig ann le tacaíocht a thabhairt don léirsiú.

Cuireadh deireadh leis an obair athchóirithe a déanadh ar Halla na Tulaí agus tá sé in úsáid go rialta anois ag grúpaí spóirt agus le haghaidh oícheanta sóisialta don phobal uilig. Tá muid thar a bheith buíoch as an tacaíocht a fuarthas ó mhuintir an cheantair agus ó na grúpaí éagsúla a bhaineann úsáid as an halla. Táthar ag réiteach le hoíche chártaí (cúig fichead) a chur ar bun gach Déardaoin sa halla agus beidh fáilte roimh aon duine atá ag iarraidh imirt nó láimh a thabhairt.

Abairleat! BEO


Mícheál Ó Foighil



AbairLeat! BEO is ainm don suíomh pobail sóisialta atá á fhorbairt againn i gColáiste Lurgan, i gcomhar leis an gcomhlacht idirghníomhach domhanda, F-i (Fantasy Interactive Inc.) atá lonnaithe i Nua-Eabhrac. Beidh an leagan trialach ar fáil ar www.abairleat.com faoi thús mhí na Nollag 2011. Beifear á sheoladh go náisiúnta mí Feabhra 2012.

Is suíomh don chéad ghlúin eile é AbairLeat!BEO a ligeann d'úsáideoirí a gcuid scéalta a scaipeadh le háiseanna amhairc, chomh maith le téacs. Tá fáilte roimh chuile dhuine páirt a ghlacadh sa ghréasán sóisialta seo. Féadfaidh daoine nuashonraí stádais a phostáil nó micreabhlaganna a scaipeadh agus iad go hiomlán as Gaeilge.

Is é AbairLeat! BEO an chéad suíomh gréasáin sóisialta a fhreastalaíonn go heisiach ar riachtanais mionteanga. Tá muid ag iarraidh an suíomh seo a bheith difriúil ó shuíomh eile, sa mhéid is gur i nGaeilge go príomha a dhéanfar an comhrá. Tá bogábhar nua á réiteach againn le postáil, a thabharfaidh aiseolas don úsáideoir ar chéatadán na Gaeilge atá sa téacs. Má bhíonn líon na bhfocal Gaeilge faoi bhun 70% beidh leasuithe le déanamh sula bhfoilseofar é. Fáilteofar roimh bheagán den dátheangachas chomh fada



agus a bhíonn formhór an téacs i nGaeilge.

Ní gá do dhuine a bheith líofa chun AbairLeat!BEO a úsáid. Teastaíonn uainn go n-úsáidfadh líon mór daoine an suíomh, agus chuige sin, tá tacaíocht agus misneach ar fáil do chách chun logáil ar an suíomh, comhrá a dhéanamh agus páirt a ghlacadh ann. Tá uirlisí againn ar an suíomh a chabhróidh le duine focail a litriú agus a aistriú ó Bhéarla go Gaeilge agus mar gheall air sin ní bheidh stró ar dhuine

tuairimí agus nuashonraí a fhoilsiú nó poist a fhógairt as Gaeilge.

Ní thógfaidh sé ach cúpla soicind ort clárú agus do chuid scéalta, smaointe, grianghraif, comhaid fuaime agus físeáin a roinnt le do chairde, do chomhghleacaithe agus do ghaolta i dtimpeallacht shimplí, éasca le húsáid – agus é sin go léir as Gaeilge! Roinn do chuid smaointe as Gaeilge le daoine nó le grúpaí daoine nó fiú le pobal iomlán AbairLeat!Beo! Tá ceangal idir AbairLeat!Beo

agus cuntais Twitter agus Facebook, ionas gur féidir an comhrá a choimeád ar siúl lasmuigh den suíomh.

Trí bhreathnú ar dheis AbairLeat! BEO feicfidh tú a bhfuil ar siúl ag chuile dhuine eile, ina n-aonar agus i ngrúpaí, agus beidh formhór an ábhair scríofa air i nGaeilge. Cabhróidh AbairLeat!BEO le daoine atá ag foghlaim na teanga í a úsáid chun iad féin a chur in iúl, ionas nach foghlaimeoirí amháin a bheas iontu, ach úsáideoirí na Gaeilge chomh maith.

Club Óige Lurgan

2010/2011



Deborah Ní Ghibne

Tagann Club Óige Lurgan le chéile chuile Aoine i gColáiste Lurgan in Indreabhán agus is deis iontach é do dhaoine óga na háite bualadh le chéile ar bhonn sóisialta. Is Club lán-Ghaeilge é an club seo agus bíonn béim ar leith ar na daoine óga a spreagadh chun an Ghaeilge a úsáid agus chun bród a mhúscailt iontu as a dteanga dhúchais. Is é bunaidhm an chlub spás sábháilte a chur ar fáil do dhéagóirí, ní hamháin chun bualadh lena gcuid cairde ach, chomh maith leis sin, chun scileanna sóisialta nua a fhoghlaim. Spreagtar na daoine óga go gníomhach chun cinneadh a dhéanamh as a stuaim féin agus chun seilbh agus freagracht a ghlacadh ar an gclub. Is é Coiste na nÓg, i gcomhar leis na daoine fásta atá ar Choiste an Chlub féin, a dhéanann na himeachtaí a phleanáil. Is tuismitheoirí iad formhór na ndaoine fásta seo, daoine a bhfuil suim ar leith acu a bheith ag obair le déagóirí agus ag iarraidh iad a chumasú. Bíonn neart oibre agus pleanála i gceist leis an gclub seo a rith agus, ar ndóigh, bíonn muid i gcónaí ag cuartú oibritheoirí deonacha chun cúnamh a thabhairt dúinn.

Tá an club cleamhnaithe le hÓige na Gaeltachta agus glacann muid páirt in an-chuid imeachtaí a eagraíonn an t-eagras seo, chomh maith le go leor imeachtaí eile. D'fhorbair na daoine óga lógó nua don chlub i mbliana agus fuair siad léinte allais déanta i ndathanna an-gheala (gléghorm agus bándearg!) agus, dá bharr seo, tá sé an-éasca muid a fheiceáil agus a aithint pé áit a mbíonn muid!

Bhí muid an-ghnóthach i mbliana agus seo a leanas roinnt de na himeachtaí a bhí ar siúl againn:

Ghlac muid páirt sa tsiúlóid don Oispís a bhíonn ar siúl go háitiúil chuile bhliain. Bhí freastal láidir ón gclub óige ar an tsiúlóid seo agus thug sé tuiscint mhaith do na déagóirí ar a gcuid dualgas poiblí.

D'fhreastail 20 déagóir ar an Oireachtas i gCill Airne i mbliana. Chuir siad seó iontach ar an stáitse – seó a scríobh siad féin! Bhí na déagóirí seo théis bualadh le chéile ar feadh 8 seachtaine roimh ré chun an dráma a scríobh, na feistis a dhearadh, an ceol a chur le chéile agus cleachtadh a dhéanamh – agus bhí siad chomh fuinniúil agus díograiseach sin go raibh sé ina phléisiúr a bheith ag



Daoine óga as Club Óige Lurgan 2008.

tabhairt cúnamh dóibh. Bhí neart tacaíochta ó thuismitheoirí chun an seó seo a chur le chéile agus chun cúnamh a thabhairt don chlub nuair a bhí muid thíos i gCill Airne.

Bhí *Fachtóir Chonamara* ar siúl do chlubanna Óige na Gaeltachta i Seanscoil Sailearna, Indreabhán, i mí Feabhra. Bhí thart ar 100 ball as Indreabhán, Carna, Cill Chiaráin agus an Trá Bháin i láthair. Is seó ardáin é *Fachtóir Chonamara* atá bunaithe ar an gclár teilifíse *The X Factor*. Bhain Caitríona Ní Churraoin ón gclub s'againne an tríú háit amach sa gcomórtas seo, rud a chiallaigh go raibh deis againn freastal ar an gCraobh a bhí ar siúl i nGort an Choirce, Tír Chonaill, san Aibreán.

Chuir Óige na Gaeltachta cúrsa ceannaireachta ar fáil do dhéagóirí idir 15-18 bliana atá gníomhach sa gclub óige. D'fhreastail ochtar ball de



Daoine óga as Club Óige Lurgan 2008.



An Club Óige – roinnt blianta ó shin.
An aithníonn sibh iad?

Choiste na nÓg ar an gcúrsa seo a bhí ar siúl i mí Bealtaine in oifig Óige na Gaeltachta i gCasla. Bhí an cúrsa seo an-úsáideach is d'fhoghlaim na daoine óga an ní atá i gceist le bheith i gceannas ar chlub agus na scileanna cuí chun é seo a dhéanamh go héifeachtach.

Rinne muid cuairt malairte leis an gclub óige i gCarna – Ionad Óige Iorras Aithneach – agus bhí an-oíche go deo againn uilig. Bhí téama Haváíoch leis an oíche agus bhí neart ceoil agus craic ag na déagóirí! Oíche thábhachtach a bhí ann chomh maith le déagóirí ó chlubanna Gaeltachta

difriúla a tharraingt le chéile chun aithne a chur ar a chéile.

Sular scoir an club don samhradh, thug muid 60 ball chuig an bpictiúrlann agus bhí sé go hálainn a bheith ina dteannta an oíche sin mar tá an oiread spraoi agus beochta ag baint leo!

Ba é buaicphointe na bliana dúinn nuair a bheartaigh na déagóirí a gcuid am saor a thabhairt suas chun airgead a chruinniú le haghaidh duine óg as an áit a bhí an-bhreuite. D'eagraigh siad díolachán earraí i gColáiste Lurgan agus bhí sé ar siúl acu thar dhá lá. D'oscail siad caifé beag ann le linn

an dá lá seo agus bhí deochanna teo agus cácaí ar fáil do mhuintir na háite (a thug go fial dóibh!). Bhailigh na daoine óga €700 agus tá ardmholadh tuillte acu as an éacht seo!

Bhí bliain ar leith againn ach bhí neart dúshlán romhainn chomh maith. Ceann de na dúshláin ba mhó a bhí ann ná níos mó daoine fásta a mhealladh chun cúnamh a thabhairt. Tá na daoine fásta go léir atá ar an gcoiste ag obair go deonach agus obair na gcapall ar siúl acu. Bhí róta againn le go mbeadh tuismitheoirí i láthair gach Aoine chun cúnamh agus tacaíocht a thabhairt. Ach tá géarghá le níos mó daoine a bheith ar an gcoiste chun páirt ghníomhach a ghlacadh i bpleanáil agus i reáchtáil an Chlub. Dá mbeadh níos mó daoine againn ag plé go gníomhach leis an gclub, ní bheadh an oiread céanna oibre le déanamh ag daoine. Chomh maith leis sin, feictear dúinn nach mór oibrí óige a fhostú ar bhonn lánaimseartha a bheas in ann tacaíocht a thabhairt do na hoibrithe deonacha atá ag obair sa gclub.

Dúshlán eile ná an t-ionad ina mbíonn an club ar siúl gach Aoine. Níl na háiseanna i gColáiste Lurgan feiliúnach do chlub óige agus tá gá leis an áit seo a athchóiriú nó áit nua a aimsiú le haghaidh an chlub. Is bocht an scéal é nach bhfuil áit cheart, chompórteach, the againn le déagóirí na háite a thabhairt le chéile ann. É sin ráite, ní dhearna na déagóirí aon ghearán i gcaitheamh na bliana rud a chuir iontas orainn – bhíodar siúd an-sásta a bheith le chéile cuma cén áit a raibh sé! Daoine ar leith iad ar fad, bail ó Dhia orthu!



An aithníonn sibh iad seo ó Chlub Óige Lurgan ag dul siar sna blianta?

Cluichí Pobail i gCois Fharraige

Donncha Ó hÉallaithe
Rúnaí, Cluichí Pobail Chois Fharraige

Cuireadh tús leis na Cluichí Pobail i mBaile Átha Cliath sa mbliain 1968 le deis a chur ar fáil do ghasúir páirt a thógáil i gcluichí de gach cineál. Cuireadh an bhéim i dtosach ar an lúthchleasaíocht. Níor thóg sé i bhfad ar an eagraíocht leathnú ar fud na tíre, ó thuaidh is ó dheas, agus leathnaíodh amach an raon imeachtaí ina mbíonn comórtais.

Tá Gaillimh ar cheann de na contaetha is eagraithe sa tír. Tá os cionn 40 coiste gníomhach ar fud an chontae ach go dtí le gairid ní raibh deis ag gasúir i gceantar Chois Fharraige páirt a thógáil sna Cluichí Pobail mar nach raibh aon choiste sa gceantar. Ach tá anois, agus seo mar a tharla.

Patsaí Ó Conghaile ón Spidéal a tháinig aníos leis an smaoineamh Cluichí Pobail a chur ar bun i gCois Fharraige. Le tacaíocht ó Chumann Mícheál Breathnach agus CLG an Spidéil, bunaíodh coiste beag le deis a thabhairt do ghasúir sa gceantar ó na Forbacha siar chomh fada le hAbhainn Chasla páirt a thógáil in imeachtaí Cluichí Pobail faoi bhrat Chois Fharraige. Thug Cumann Forbartha Chois Fharraige tacaíocht airgid an chéad dá bhliain le cur ar chumas an choiste beagán trealaimh agus geansaithe a cheannacht.

Cé mar a oibríonn sé?

Ó Mhárta go Meitheamh chuile bhliain, eagraítear raon leathan comórtais ag leibhéal an chontae. Go dtí seo, ghlac foirne ó Chois Fharraige páirt sna comórtais seo a leanas: iománaíocht, camógaíocht, sacar, ficheall, tráth na gceist, júdó, rothaíocht, liathróid láimhe, poc fada agus lúthchleasaíocht. Ach bíonn níos mó ná spóirt agus lúthchleasaíocht ar chlár na n-imeachtaí. I mí na Márta, mar shampla, bíonn comórtais ceoil, amhránaíochta is damhsa ann chomh maith le healaín agus lámhscríbhneoireacht.

Go dtí seo, is sa liathróid láimhe is fearr atá muid ag cruthú. Le trí bliana anuas, tá na boinn óir tugtha

abhaile ó Chluichí Ceannais na hÉireann ag cailíní Chois Fharraige sa gcomórtas faoi 13, traenáilte go paiteanta ag **Frances Uí Churraoin**. I mbliana, ghnóthaigh **Maela Ní Choistealbha** ón bPáirc sa Spidéal bonn airgid i gCraobh na hÉireann sa Júdó, théis di bonn óir a thabhairt abhaile léi anuraidh. D'éirigh le

Rónán Ó Direáin as Baile Liam sa Spidéal bonn airgid a bhuachaint i mbliana sa rothaíocht faoi 13.

Ach níor cheart ceantar a mheas ar líon na mbonn a thugtar abhaile ó na Cluichí Ceannais in Áth Luain. Tá sé níos tábhachtaí, i mo thuairimse, go dtabharfaí deis do ghasúir na háite páirt a thógáil sna



Páistí as ceantar Chois Fharraige a ghlac páirt in imeachtaí na gCluichí Pobail do Chontae na Gaillimhe, i mBaile an Doirín, deireadh seachtaine na Cincise 2011:

Chun tosaigh, ó chlé: Cormac Ó Scanláin (Púirín, Indreabhán), Sadhbh Ní Fhlaithearta (An Chrí Dhubh, An Spidéal), Maedhbh Ní Dhíreáin (An Cnoc, Indreabhán), Brianna Pfeiffer (An Lochán Beag, Indreabhán), Aisling Ní Chonghaile (Baile Liam, An Spidéal). I lár báire, ó chlé: Conall Ó Caoimh (Sidheán, An Spidéal), Éanna Ó Cualáin (Cor na Rón, Indreabhán), Caomhán Ó Feinneadha (An Chrí Dhubh, An Spidéal), Pádhraic Ó Conghaile (Leitir Péic, An Spidéal), Tommy Lee Ó Fatharta (Sáile Chuanna, An Spidéal), Fainche Robertson (Coilleach, An Spidéal). Ar chúl ó chlé: Vitor Cruz Ó Fatharta (Na hAille, Indreabhán), Caoimhe Ní Chonghaile (Baile Liam, An Spidéal), Sadhbh Ní Chonghaile (Baile Liam, An Spidéal), Liadh Robertson (Coilleach, An Spidéal), Eoin Ó Domhnaill (Páirc Thoir, An Spidéal) agus Iarla Ó Feinneadha (An Chrí Dhubh, An Spidéal).

himeachtaí ag leibhéal áitiúil agus ag leibhéal an chontae. Domsa, is é buaicphointe na bliana an Lá Spóirt a eagraítear tar éis na Cásca ar Pháirc Cholaíste Chonnacht sa Spidéal. Thug Comhar Creidmheasa Cholmcille cúnamh airgid leis an Lá Spóirt a eagrú i mbliana. Bíonn os cionn 200 gasúr páirteach sa Lá Spóirt chuile bhliain agus téann thart ar 30 acu siúd ar aghaidh chuig Cluichí Pobail an Chontae i mBaile an Doirín, áit a mbíonn os cionn míle gasúr ó mhórán chuile pharóiste sa gcontae san iomaíocht, deireadh seachtaine na Cincise.

Eagrú na gCluichí Pobail

Coiste beag a eagraíonn na Cluichí Pobail i gceantar Chois Fharraige: triúr ón Spidéal agus triúr ón gCnoc. Ag tús na bliana, téann an coiste i dteagbháil leis na heagraíochtaí spóirt sa gceantar ag tabhairt cuireadh dóibh foireann a eagrú le páirt a thógáil sna Cluichí Pobail ag leibhéal an chontae. Fágtar faoi na heagraíochtaí trialacha a eagrú agus foirne a phiocadh. Mar shampla, d'eagraigh Cumann Sacair Chois Fharraige trialacha i mbliana le foireann



Reathaithe Sealaíochta Chois Fharraige faoi 10 a ghlac páirt in imeachtaí na gCluichí Pobail do Chontae na Gaillimhe, i mBaile an Doirín, deireadh seachtaine na Cincise 2011. Ó chl: Eoin Ó Domhnaill (Páirc Thoir, An Spidéal), Brianna Pfeiffer (An Lochán Beag, Indreabhán), Caomhán Ó Feinneadha (An Chrí Dhubh, An Spidéal) agus Aisling Ní Chonghaile (Baile Liam, An Spidéal).



Foireann sacair faoi 12, ó cheantar Chois Fharraige, a buaileadh i gcluiche ceannais an chontae le gairid. Chun tosaigh ó chl: Oisín Ó Flatharta (Radharc na Rúin, An Spidéal), Seán Mac Uidhílin (An Bóthar Bui, Indreabhán), Conall Ó Caoimh (Sidheán, An Spidéal), Fionn Ó hIarnáin (An Lochán Beag, Indreabhán), Con Ó Gibne (An Teach Mór, Indreabhán), Conall Ó Cuirrín (Na Mine, Indreabhán), Antaine Ó Gallchóir (An Teach Mór, Indreabhán), Oliver Ó Cuinn (Radharc na Rúin, An Spidéal). Ar chúl: Cathal Ó Gamhnáin (Seanadh Gharráin, An Spidéal), Conor Breathnach (An Choill Rua, Indreabhán), Rónán Ó Direáin (Baile an tSagairt, An Spidéal), Harry Ó Donnghaile (An Choill Rua, Indreabhán), Liam Ó Fatharta (Na hAille, Indreabhán), Gearóid Ó Conghaile (Leitir Péic, An Spidéal), Éanna Ó Cualáin (Cor na Rón, Indreabhán) agus Oisín Ó Neachtain (Baile an tSagairt, An Spidéal). Ina seasamh taobh thiar, tá an dá thraenálaí ó Chumann Sacair Chois Fharraige a thraenáil an painéal don chomórtas, Kevin Mc Donnell agus Declan Folan.

buachaillí faoi 12 a roghnú, le deis a thabhairt do gach buachaill a bhfuil cónaí air sa gceantar é féin a chruthú ag triail sular piocadh foireann. Ar an bhfoireann a roghnaíodh, bhí buachaillí a imríonn sacair le Bearna chomh maith le buachaillí a imríonn le Cumann Sacair Chois Fharraige agus roinnt bheag nach mbíonn ag imirt le haon fhoireann sacair ach atá sách maith go bpiocfaí iad. Sin cuid den fhealsúnacht a bhaineann leis na Cluichí Pobail, go mba cheart seans a thabhairt do gach gasúr sa gceantar iad féin a chruthú.

Ag caint ar an sacair, níor mhiste a lua gur éirigh le buachaillí Chois Fharraige dul chomh fada le Cluiche Ceannais an Chontae i mbliana, ag bualadh foirne maithe ar an mbealach.

Go leor eile a d'fhéadfaí a dhéanamh ach an cúnamh a fháil

Tá go leor eile a d'fhéadfadh muid a dhéanamh i gceantar Chois Fharraige faoi scáth na gCluichí



Tommy Lee Ó Fatharta (Sáile Chuanna, An Spidéal) ag críochnú sa darna háit sa rása 80m faoi 8 ag Cluichí Pobail an Chontae 2011, i mBaile an Doirín.

Pobail do ghasúir an cheantair. Mar shampla, tá go leor daoine óga ag casadh ceoil agus ag canadh amhrán i gCois Fharraige anois, a bhuíochas sin don obair iontach atá déanta thar na blianta ag an nGaelacadamh. Bíonn comórtais tallainne ann do ghasúir faoi 14 i réimsí éagsúla: grúpaí beaga ag canadh nó ag ceol nó ag damhsa. Bíonn comórtais aonair ann chomh maith sa gceol, san amhránaíocht agus san

aithriseoireacht. Níl aon easpa gasúr i gCois Fharraige le tallann ach theastódh roinnt daoine fásta le cúnamh a thabhairt iad a ullmhú do na comórtais a bhíonn ann thar dheireadh seachtaine amháin i mí na Márta.

Ar an gcaoi chéanna, is é an peaca nach dtugtar an deis do ghasúir an cheantair páirt a thógáil sna comórtais ealaíne a

eagraítear mar chuid d'imeachtaí na gCluichí Pobail. Ach tuismitheoirí a bheith toilteanach beagán cúnamh a thabhairt, d'fhéadfadh muid i bhfad níos mó a dhéanamh i gCois Fharraige. Tá spórt is lúthchleasaíocht an-tábhachtach do dhaoine óga agus bíonn daoine fásta ar fáil le cúnamh a thabhairt lena n-eagrú. Ach tá cothú an cheoil agus na n-ealaíon chomh tábhachtach céanna. Dá mbeadh beirt nó triúr duine fásta ar fáil le gasúir a réiteach

do na comórtais ceoil is amhránaíochta, d'fhéadfadh Cois Fharraige a bheith páirteach sna himeachtaí cultúir a eagraíonn na Cluichí Pobail.

Faigheann Coiste na gCluichí Pobail neart cúnamh ó na scoileanna sa gceantar chuile bhliain: murach an comhoibriú sin, ní fhéadfaí an Lá Spóirt a eagrú. Tugann eagraíochtaí spóirt an-chúnamh dúinn chomh maith. Dá mbeadh roinnt bheag daoine eile ar fáil, a d'fhéadfadh beagán cúnamh a thabhairt le gasúir a ullmhú do na comórtais ealaíne, na comórtais ceoil, damhsa is amhránaíochta, ba bhreá linn cloisteáil uathu. Beidh an Cruinniú Cinn Bhliana ann tús mí na Samhna agus beidh fáilte roimh dhaoine nua le fuinneamh nua agus le smaointe nua. Tuigim nach mbíonn daoine ag iarraidh a bheith ar an iomarca coistí ach ní gá a bheith ar an gcoiste le cúnamh a thabhairt. A bheith sásta freagracht a thógáil as rud amháin a eagrú sa gceantar, ba leor sin.



Seán Denvir, captaen fhoireann Choláiste Phádraig, Droim Conrach, a ghnóthaigh Corn Trench 2011, comórtas uile-Éireann do choláistí tríú leibhéal. Sa bpictiúr leis tá a athair, Gearóid, agus a dheartháir, Frainc.

Cumann Mícheál Breathnach 2011

Conall Ó Céidigh (Rúnaí)

Tá bliain eile curtha dinn anseo in Indreabhán agus bhí go leor ag tarlú i gcaitheamh na bliana. Idir na foirne faoi aois agus na foirne Sóisir agus Sinsir, tá an oiread cluichí imeartha agus traenáil déanta i gcaitheamh na bliana. Chomh maith leis sin d'fhág muid slán ag ár gCathaoirleach, Pádhraic Joe Shéamuís Ó Fatharta. Ba mhaith liom thar ceann an Chumainn - na baill agus na foirne agus na fochoistí ar fad - buíochas a ghlacadh le Pádhraic as ucht an obair a chuir sé isteach sa gCumann ar feadh na mblianta. B'ambasadóir iontach don Chumann é agus aireoidh muid uainn go mór é. Faoi láthair is é Tadhg Mór Ó Curraoin a sheas isteach sa mbearna. Ba mhaith liom freisin buíochas a ghlacadh leis na bainisteoirí, traenálaíthe agus imreoirí a rinne a ndícheall i gcaitheamh na bliana. Is iontach an chreidúint sibh ar fad do Chumann Mícheál Breathnach.

Tá muid i gcónaí ag cuartú cúnamh ó mhuintir na háite. Má tá suim agat cúnamh a thabhairt, labhair le duine de na bainisteoirí nó le duine ar bith ar aon choiste; bheadh míle fáilte romhaibh ar fad. Is féidir freisin tacaíocht a thabhairt nuair a imríonn sibh an lotto. Ní chosnaíonn sé ach €2 sa tseachtain agus tugann sé cúnamh dúinn na foirne agus an pháirc a choinneáil ag imeacht. Is féidir an lotto a cheannacht ar líne freisin ag www.michealbreathnach.com.

Ba mhaith liom freisin buíochas a ghlacadh le Coiste na Páirce. Ní jab éasca é an pháirc a choinneáil i gceart ach bíonn sí thar barr i gcónaí. Tá buíochas feisin ag dul do Bheachla Ó Maoileoin agus do Choiste Páirce Ros an Mhíl as ucht cead a thabhairt dúinn an pháirc a úsáid i gcaitheamh na bliana.

Le cúnamh Dé, déanfaidh muid ar fad arís é an bhliain seo chugainn.

Peil Sinsir

I gcraobh sinsir peile na Gaillimhe i mbliana, tarraingíodh Mícheál Breathnach i gcoinne Chora Finne sa gcéad bhabhta den chraobh ach, ar an drochuair dóibh, chliseadar leis an scór 2-11 le 1-6. Sa gcéad bhabhta eile, an babhta cúldorais ar an 29ú lá de Bhealtaine, bhí bua maith ag na Breathnaigh ar an gCreagán/Maigh Locha leis an scór 1-11 i gcoinne 0-12. Ar an drochuair, rinne foireann an Achreidh achomharc maidir leis an gcluiche sin agus, i ndiaidh próiseas fada agus go leor anonn agus anall, athimríodh an cluiche ar an 11ú lá de Mheán Fómhair agus d'éirigh leis an gCreagán bua de dhá chúilín a fháil agus d'fhág Mícheál Breathnach slán le craobh na bliana seo.

Bhí an fhoireann sinsir páirteach i Roinn 1a na sraithe i mbliana agus

d'éirigh leo cluiche amháin a bhuachan i gcoinne Bhóthar na Trá. Chliseadar ina gcuid cluichí i gcoinne Bhaile an Mhuilinn, Bhearna, Naomh Anna, Chora Finne, Chill Fhir Iarainn agus na Ceathrún Rua. Tá dhá chluiche fós fagtha i gcoinne Réalta Thuama agus Mhaigh Cuilinn ach beidh an fhoireann páirteach i Roinn 1b an bhliain seo chugainn.

I gcraobh faoi 21 na bliana seo, bhí bua maith de chúig chúilín ag Mícheál Breathnach ar fhoireann na cathrach, Naomh Mícheál, sa gcluiche ceathrú ceannais leis an scór 1-10 i gcoinne 1-5. Sa gcluiche leathcheannais, fuair siad an láimh in uachtar ar Chill Aithnín le dhá chúilín, 1-8 i gcoinne 0-9, agus tá siad cáilithe don chluiche ceannais i gcoinne Bhóthar na Trá/Cnoc na Cathrach nach bhfuil imeartha go fóill.

Iomáint

Bliain stairiúil a bhí i 2011 do Choiste Iomána Chumann Mícheál Breathnach. Bhí dhá fhoireann fásta, na Sóisir B agus na Sóisir C, san iomaíocht den chéad uair, agus bhí na Sóisir B fós sa tóir go láidir ar Chraobh an Chontae agus an méid seo á scríobh.

Bhain an fhoireann Sóisir B barr an tábla sa ngrúpa amach, agus áit sna babhtaí ceathrú ceannais dá réir, le buanna ar an gCaisleán Gearr, ar Ard Rathain, ar Chill Chon Iarainn agus ar Chreachmhaoil; chríochnaigh a gcluiche le Naomh Tomás ar comhscór agus níor chaill siad cluiche grúpa ar bith. Bhuaigh siad ar na Sáirséalaigh sa gcluiche ceathrú ceannais agus bhí siad ar tí imirt sa gcluiche leathcheannais in aghaidh Thíne/Mainistir/Dún Doighre nuair a bhí sé seo á scríobh. (Féach lth. a 42)

Bhí rith maith ag an bhfoireann Sóisir C sna cluichí grúpa ach tháinig deireadh leis an rith sin in aghaidh an Chairn Mhoir sa gcluiche ceathrú ceannais.

Bhí bliain mhaith ag na Mionúir freisin; cháiligh siad as an ngrúpa ach níor éirigh leo sa mbabhta ceathrú ceannais.

Coiste na nÓg

Bhí bliain iontach ag ógánaigh Mícheál Breathnach le neart cluichí agus go leor gasúr ag glacadh páirte. Ó aois 8 suas go dtí 16 bliain, bhí siad cruógach ag traenáil agus ag imirt. Bhí Féile na nGael ar siúl i mbliana freisin agus tháinig foireann as Contae Lú a chaith an deireadh seachtaine anseo i gCois Fharraige linn. Bhí cluichí go leor ar siúl ag an aoisghrúpa 8-12 agus a lán gasúr ag glacadh páirte, idir bhuachaillí agus chailíní. D'éirigh thar cionn leis na leaids faoi 13, chuaigh siad go dtí an cluiche ceannais sa City League, bhain siad fíorshásamh as a gcuid cluichí agus as a gcuid traenála.

D'éirigh thar barr le buachaillí Mícheál Breathnach faoi 14 nuair a chrochadar leo corn Roinn 2 an Iarthair ar pháirc Ros Muc i gcluiche ceannais Pheil na nÓg. Fuaireadar an ceann is fearr ar Rinn Mhaoile leis an scór 5-13 in aghaidh 4-07. Ar aghaidh ansin go dtí cluiche ceannais Shraith an Chontae a d'imir na leaids in aghaidh Dhún Mór Mhic Éil, Dé Domhnaigh, an 3 Iúil, i Staid an Phiarsaigh ag 1.15 i.n., agus d'éirigh leo an bua a fháil ansin freisin.

Bhí campaí samhraidh ar siúl, don pheil agus don iomáint, ar Pháirc na mBreathnaigh agus d'fhreastail líon mór gasúr, idir bhuachaillí agus cailíní, ar na campaí seo. Bhí coicís spraoi ar siúl, ag foghlaim scileanna agus ag imirt cluichí, agus baineadh an-sásamh as sin. Tríd is tríd, bhí bliain mhaith shásúil ag Coiste na nÓg agus míle buíochas ón gCoiste le chuile dhuine a ghlac páirt, idir na gasúir, na tuismitheoirí / caomhnóirí agus chuile dhuine eile a thug tacaíocht.

Cúrsaí Liathróid Láimhe 2011

Meaití Jó Shéamuis

Rúnaí Chumann Liathróid Láimhe Mhícheál Breathnach

Is áit fíorchruógach, ach thar a bheith spleodrach pléisiúrtha, é pinniúr an chumainn sin againne ar an gCnoc ó cheann ceann na bliana mórán ag óg agus aosta, ní hé amháin lena mbíonn d'ímirt agus de thraenáil ann ach mar gheall ar an méid spraoi agus spóirt a bhíonn taobh istigh de cheithre ballaí an ionaid féin. Go deimhin, is ionad iontach sóisialta é, áit a gcloistear gacha le scairt bhreá gháirí go minic ag baint oiread macalla taobh istigh ann is a níonn lascadh liathróide in aghaidh na mballaí céanna!

Ach is ann freisin atá bunchloch an traidisiúin fhada atá ag an gcluiche féin sa bpobal á dhaingniú go láidir le blianta deasa anuas anois chomh maith. Tá clú saothraithe ag óige an pharáiste nár samhlaíodh ach a raibh an pinniúr á thóigeáil os cionn deich mbliana fichead ó shin. Agus is i neart agus i dtreise atá an clú sin

ag dul. Baineadh curadhiarrachtaí amach i rith na bliana seo caite a mba mhór ag cumainn eile ar fud na tíre a leath oiread a bheith le maíomh acu. Obair chrua leanúnach agus uaireanta fada traenála sa bpinniúr féin a shaothraigh an stádas iontach seo atá bainte amach againn ar bhonn

contae, cúige agus náisiúnta. Beidh neart mionscagtha agus neart tagairtí do ghaisce imeartha na hóige agus na ngrádanna faoi aois á ríomh agam ar ball de réir mar a thiocfas mé chomh fada leo ó mhí go mí.

Ach mar adeireadh an mhuintir a tháinig romhainn “mara mbeidh



Tadhg Ó Curraoin, Cian Ó Conghaile, Eimear Ní Bhiadhá agus Jimí Ó Fatharta.



Cluiche pobail faoi 13

Eimear Ní Bhiadha, Fionnuala Ní Ghrúinnéil, Laoise Breathnach, Majella Nic Dhonncha agus Anna Ní Odhráin-Ní Mhurchú.

siad beag ann, ní bheidh siad mór ann” agus níl aon tsiléig ag baint leis na himreoirí fásta ná seanfhásta ach an oiread! Is thiar i ndeireadh mhí Eanáir a scríobh mé an méid seo thíos nuair a thosaigh na comórtais contae sna grádanna éagsúla do dhaoine fásta agus tráth a raibh glac deas d’imreoirí an chumainn páirteach. Facthas fíorchoimhlintí den chéad scoth sa bpinniúr sin againne ar an dara deireadh seachtaine deiridh de mhí Eanáir nuair a tháinig imreoirí ó chumainn Achréidh na Gaillimhe, ar nós Anach Cuain agus Naomh Greallán Bhéal Átha na Sluaighe, agus amach anall as Árainn oíche Aoine agus i gcaitheamh an lae Dé Domhnaigh go raibh sé thar am tae. Níor mhiste d’aon duine ar spéis leo áilleacht an chluiche nuair a bhíonn sé á imirt ar chaighdeán fíorard, agus go háithrid daoine óga, bualadh isteach ag breathnú ar choimhlintí fíochmhara den chineál seo idir gaiscíochaí forásacha an chontae. Agus is mór an chreidiúint d’Inis Oírr an chaoi nár lig cúpla gaiscíoch leosan a gcuid maidí le sruth ná a gcnáimh le muintir an taobh thoir i ndiaidh cúpla coimhlint chráite a mhair cheithre huaire go leith!

Bhí iomaíocht contae na mbunscol tosaithe freisin san athbhliain agus na buachaillí agus na cailíní a bhí ag freastal ar Scoil Shailearna ag leanacht de shampla agus den cháil atá saothraithe ag an scoil le blianta beaga anuas. Chruthaigh an scata a thug a n-aghaidh isteach ar Bhóthar na Trá Dé Sathairn, an 22 Eanáir, thar cionn ar fad nuair a chroch siad leo seacht gcinn as ocht gcinn de chraobhacha contae faoi 11 bliain agus faoi 13 bliana agus iad ag úsáid liathróid *dúshlánaí uimhir a dó nó challenger # 2*. Is iad Róisín Ní Ghionnáin as Cor na Rón agus Liam Cruz Ó Fatharta as Na hAille seaimpíní singil na Gaillimhe i mbliana faoi 11 bliain, is iad Eimear Ní Bhiadha as an mBóthar Buí, An Cnoc agus Cian Ó Conghaile as Cor na Rón a ghnóthaigh na craobhacha singil contae faoi 13 bliana. Is iad Shauna Spratt as Cor na Rón agus Aisling Ní Fhurghais as an mBóthar Buí, An Cnoc a chroch leo craobh dhúbailte na gcailíní faoi 11 bliain agus i gcomórtas dúbailte na mbuachaillí faoi 11 is iad Máirtín Ó Maoláin as Cor na Rón agus John Ó Biadha as an mBóthar Buí, An Cnoc a rinne an ghaisce. Is go dtí an Lochán Beag agus go dtí an Teach Mór a chuaigh

craobh dhúbailte na gcailíní faoi 13 bliana ag Anna Ní Odhráin-Ní Mhurchadha agus Majella Nic Dhonnchadha. Comhghairdeachas mór ó chroí le imreoirí sin Scoil Shailearna ar baill iad de Chumann Liathróid Láimhe Mhícheál Breathnach chomh maith.

Ag neartú air a bhí cruóig imeartha agus comórtais an aosa óig i rith na míosa dár gcionn nuair a hiarradh liostaí buachaillí agus cailíní faoi 13 bliana agus faoi 15 bliana a bheith ar fáil do chomórtais na gcluichí pobail agus seolta ar aghaidh go dtí Rúnaí an Chontae faoin 4 Feabhra mar gur i gCill Rónáin a bhí Comórtais Cluichí Pobail Chontae na Gaillimhe le bheith ar an Satharn an 19 Feabhra. B’ar an 10 Feabhra a bhí réamhbhabhtaí Chomórtas Ghael Linn do liathróid *Challenger #1* idir foirne ar a mbeadh buachaill agus cailín faoi 13 bliana. Na scoileanna as an Spidéal, Sailearna, an Tulaigh agus Oileáin Árann a bhí le bheith sa bpinniúr ar an gCnoc. B’ann freisin a himríodh babhtaí ceannais Chonnacht liathróid *Challenger #2* sa ngrád faoi 13 Ghael Linn ar an 27 Feabhra. Ach sula dtaga mé chomh fada leis an údar bróid a bhain leo siúd, b’údar mór eile mórtais don pharáiste seo Gradam na Réalta Náisiúnta a bronnadh i bPáirc an Chrócaigh i mí na Nollag ar ár mbanlaoch óg, Ciana Ní Churraoin as an gCathair. Is cuí gur go hard le hais na dtrófaíthe móra cúige, náisiúnta agus domhanda eile a bhí gnóite roimhe sin agus ó shin aici atá an tseoid sin ina luí faoi ghradam ar an matal Tigh Bhrian agus Frances Uí Churraoin ar Bhaile na Cathrach! Agus is iomaí tagairt eile a bheidh sa bpíosa seo dá liachtaí gaisce mhór eile a bhí i ndán do Ciana arís i gcaitheamh na bliana seo.

Imreoirí óga eile, tamall níos óige ná í, a raibh an-bhliain acu féin is ea Majella Nic Dhonncha agus Anna Ní Odhráin-Ní Mhurchú, John Ó Biadha, Máirtín Ó Maoláin, Liam Ó Fatharta agus Cian Ó Conghaile. D’ardaíodar siúd leo craobhacha ceannais cúige na mBunscol i mí Feabhra. Craobh náisiúnta a bhí i ndán do dhuine acu siúd agus do dheirfiúr duine eile acu taobh istigh de mhí eile nuair a ghnóthaigh Cian



Ó chl : Ciana N  Churraoin, Cr st  r   Corra n agus Adhna N  Bhraon  n.

  Conghaile agus Eimear N  Bhiadha Corn Ghael Linn sa M rta. Seo com rtas at  ar bun le bliain is fiche anuas agus is   an dara huair an ghaisce seo a bheith d anta ag beirt sa gcumann s'againne, caoi a fh gann ar comhch im muid leis na cumainn mh ra eile ar fud na t re is m  a bhfuil an corn seo buaite go dt  seo acu: ar  anuraidh a rinne an ch ad bheirt  n gcumann seo an ghaisce cheana nuair a thug Ciana N  Churraoin agus Cian   Fatharta an corn go dt  an par iste den ch ad uair!

Gaisce mh r eile f s a d anadh sa M rta ab ea cheithre cinn de chraobhacha ceannais singil Gr d "A" Chonnacht a bheith tugtha leo ag beirt chail n  agus beirt bhuachaill . Is iad Abhna N  Bhraon  n (faoi 15 bliana) agus (Ciana N  Churraoin) faoi 16 bliana na cail n  agus choinnigh Ciana uirthi ansin gur thug l i Craobh na h ireann ar an 3  l  d'Aibre n i ndiaidh di f orghrios il a thabhairt do "shean-n mhaid", M adhbh McElduff as Ard Mhacha! Agus is iad Cian   Conghaile agus R n n   Beol  n an bheirt seaimp n  "A" d  gcuid aoise i gConnacht, Cian faoi 12 agus R n n faoi 14. San Aibre n a himr odh na craobhacha c ige "B" agus gn tha odh p ire acu sin freisin faoi 11 bliain: ceann singil na gcaill n  ag R is n N  Ghionn  n agus craobh dh bailte na

mbuachaill  ag M irt n   Maol  n agus John   Biadha.

Ba tr imhse chru gach an tAibre n ach ba rath il. D' irigh le

foireann cail n  faoi 13 agus foireann buachaill  faoi 15 bliana an chumainn Craobh Chonnacht i gCom rtas na gCluich  Pobail a ghn thacht il agus ba bheag b deach nach raibh an cleas c anna d anta ag an bhfoireann cail n  faoi 15 n r chlis ach le aon phointe g gach amh in! Bh  ceathar d r ngearrchail    ga ar fhoireann Chonnacht a thug gleadh adh maith ar Luan C ska, an 25 Aibre n, d'fhoireann Muimhneach sa gcom rtas *Best of Ten* idir 13 agus 17 bliana. B'shi d iad Ciana N  Churraoin, Eimear N  Bhiadha, Anna N  Odhr  n-N  Mhurch  agus Abhna N  Bhraon  n. Bh  beirt acu sin ar an bhfoireann faoi 13 a thug leo Craobh na h ireann i gcom rtas na gCluich  Pobail i nd ireadh na Bealtaine. Ba iad an c igear banlaoch  g sa gc s sin a chriog foirne as T r Eoghain agus as Luimneach le Craobh na gCluich  Pobail a thabhairt abhaile go Cois Fharraige: Anna N  Odhr  n-N  Mhurch , Eimear N  Bhiadha,



R n n   Beol  n, Cian   Conghaile, Daragh   Fatharta, Ruadh n   Curraoin agus R n n   Curraoin.



Colm Mharcuis Ó Cualáin a bhuaigh Craobh Máistrí Ruby na bhFear Aon Bhalla Amháin i gCaisleán an Bharraigh i mí Iúil na bliana seo.

Fionnuala Ní Ghruinnéil, Majella Nic Dhonnchadha agus Laoise Bhreathnach. Bhí a bhformhór seo caithréimeach arís an mhí dár gcionn nuair a reachtáladh Féile na nGael i gContae seo na Gaillimhe den chéad uair le cosamar scór blianta. Is i bpinniúr Mhícheál Breathnach ar an gCnoc a cuireadh cóir reachtála ar fhoirne cailíní Roinn a Dó. Ba iad Baile Liam oirthuaisceart an chontae agus Mícheál Breathnach ionadaithe na Gaillimhe agus ó tharla chaon fhoireann acu a bheith dochloíte ina gcuid grúpaí éagsúla ar an Satharn is rompu a bhí an babhta ceannais i ndán an lá dár gcionn istigh i mBóthar na Trá. Ach rinne cailíní an chumainn s’againne fíorghaisce babhta amháin eile, in ainneoin beirt acu a bheith tinn, gur ghnóthaíodar dhá chluiche in aghaidh tada leis an scór 21–13, 21–13. Ar an bhfoireann bhí Eimear Ní Bhiadha, Anna Ní Odhráin-Ní Mhurchú, Siorcha Ní Bhraonáin, Majella Nic Dhonnchadha agus Sinéad Ní Mhaoláin.

Athraíonn an bhéim roinnt ón ngnáthphinniúr go dtí an imirt binne nó Aon Bhalla Amháin sa samhradh, nó tamall roimhe sin féin le blianta beaga anuas.

Liathróid níos mó agus níos boige ná an ceann a bhíonn in úsáid againn sa ngnáthphinniúr dúinte cheithre bhalla a imrítear, caoi a fhágann an scéal níos éasca ar bhoiseanna na lámh – ach sin uile a mbíonn d’éascaíocht ag baint leis an imirt féin! Is maith an réiteach é an cleachtadh a nítear i halla na bunscoile agus i bpinniúir chlós na scoile sin do na comórtais mhóra idirnáisiúnta a imrítear go hiondúil i gcorplár an tsamhraidh. Is ceann acu sin a bhí tamall de bhlianta á imirt i mBaile an Mhóta agus i mBéal Easa Dara i gCo. Shligigh agus atá aistrithe anois le cúpla bliain anuas go dtí Spórtlann Theach Ósta Bhreachmhaí i gCaisleán an Bharraigh. Bíonn ionadaíocht láidir fairsing ag Cumann Mhícheál Breathnach ann le blianta agus ní folamh a bhíonn riar acu ag teacht abhaile thar éis an dá lá ach oiread. Comhghairdeachas le idir óg agus fásta a bhí páirteach ar an gcéad deireadh seachtaine de mhí Iúil i mbliana agus a choinnigh an bhratach ar foluain thar ceann an pharáiste seo. Chuaigh cuid acu píosa maith ar a gcuid comórtais, léithéidí Chian Ó Conghaile agus Anna Ní Odhráin-Ní Mhurchú ina

n-aoisghrádanna agus Gearóidín Ní Chadhain, iad fré chéile a chuaigh chomh fada le babhtáí leathcheannais agus leo siúd a thug toirtíní abhaile leo: Stiofán Ó Conghaile agus Dónal Ó Braonáin a ghnóthaigh an Pláta do Bhuachaillí faoi 10, Eimear Ní Bhiadha a ghnóthaigh Craobh na gCailíní faoi 14, Ciana Ní Churraoin an chraobh Cailíní faoi 16 agus Colm Mharcuis Ó Cualáin Craobh Máistrí Ruby na bhFear chomh maith le Tadhg Ó Curraoin a chuaigh go dtí an babhta ceannais.

Roimh bhuille scoir, cúpla toradh coláistí dara leibhéal ón mí seo caite. Is é Cian Ó Conghaile Seaimpín Chonnacht d’imreoirí na céadbhlíana, gaisce a rinne sé i mBaile Liam thar ceann Choláiste Cholmcille agus ba bheag bídeach nár éirigh le Anna Ní Odhráin-Ní Mhurchú an cleas céanna a bheith déanta aici sa gcluiche ceannais cúige do chailíní céadbhlíana. Níl uaithi ach beagán eile cleachtaidh ar an bpinniúr mór 60 troigh faoi 30 troigh!

Agus an focal scoir do rí-imreoir na Cathrach... sea, d’eile ach Ciana Ní Churraoin atá luaite chomh minic sin agam ó thosaigh mé air seo. Ach d’fhág mé cheithre cinn eile de chraobhacha as an gcomhaireamh go dtí anseo faoi dheireadh. Ghéill sí seacht nó a hocht de bhlianta dá cuid céilí comhraic nuair a thug sí Craobh Uile-Éireann faoi 23 abhaile as Loch Garman léi sa mBealtaine seo caite, mí go díreach i ndiaidh di an chraobh faoi 16 a bheith gnóite aici. I mí Iúil, is í Adhna Ní Bhraonáin an páirtí a bhí aici nuair a ghnóthaigh siad Craobh Dhúbailte na hÉireann sa bPinniúr 60 x 30 do chailíní faoi 15 agus thug sí léi an Chraobh Shingil 60 x 30 ar an Domhnach an 25ú lá de Mheán Fómhair nuair a chríog sí cailín Ard Mhacha, Méadhbh McElduff, sa gCeannanas Mór leis an scór 21–4, 21–10. Tá Craobh Sóisir Liathróid Láimhe na gColáistí Dara Leibhéal curtha aici ó shin leis an méid sin dá hAlma Mater, Coláiste na Coiribe i nGaillimh. Nár laga Dia Ciana agus go bhfága Sé againn í mar níl aon ríochan go deo léi, bail ó Dhia ’s ó Mhuire uirthi!

Craobh Uile-Éireann faoi 21

Fiontán Ó Curraoin

Ag siúl amach ar Pháirc an Chrócaigh dom, ag éisteacht leis an slua ag tacú linn ar lá Chraobh Uile-Éireann faoi 21, bhí mé ar mhuin na muice. Tá cuimhne mhaith agam ar chluiche ceannais Chraobh na hÉireann i 1998, mo chéad thuras go Páirc an Chrócaigh in 2000 agus a bheith i láthair don bhua iontach i gcoinne na Mí in 2001. Bhíodh imreoirí na laethanta sin ina laochra agam. Ag breathnú timpeall orm féin, bhí lúcháir chroí orm go raibh mé féin agus na leaids i ndiaidh dul chomh fada leis an gcluiche craoibhe agus bhí a fhios agam go raibh sé tuillte againn a bheith ann.

Thosaigh mé amach ag traenáil le foireann Mhícheál Breathnach ag aois a 7 agus is cinnte go raibh an-tionchar ag imreoirí, cóitseálaithe agus acu siúd a oibríonn go deonach ar son an chumainn go háitiúil ar an dul-chuncinn a rinneas ó thaobh na peile de. Buíochas ó chroí leo ar fad agus le mo mham agus mo dheaid a bhí ina dtiománaithe tacsáí agam i gcónaí! Bhí craic, spóirt agus spraoi againn ar an bpáirc ó na laethanta faoi 10 go dtí an lá atá inniu ann agus rinne siad seo uilig a seacht míle dícheall a chinntiú go mbeadh muid chomh maith agus a d'fhéadfadh muid a bheith, rud a léiríodh go soiléir nuair a fuair triúr againn, mé féin, Peadar Óg Ó Gríofa agus Fiach Ó Béarra, áit ar fhoireann mionúir na Gaillimhe anuraidh!

Ainmníodh mé don phainéal faoi 21 agus, mar aon le Tomás Ó Floinn a bhí ag imirt peil mionúir liom do Ghaillimh, d'éirigh liom áit a bhaint amach ar an bhfoireann, ag imirt i lár páirce. Chaith mé an bhliain ag taisteal ar an M6 as Baile Átha Cliath go Baile Chláir na Gaillimhe chuig an traenáil, ar a laghad faoi dhó sa tseachtain, ach ar deireadh is cinnte gurbh fhiú é. Bhí sárphainéal againn, rud a bhí ar taispeáint agus muid ag crochadh linn Chraobh Chonnacht agus, go háirithe, i gcoinne Chorcaí, rogha na coitiantachta. Ar an lá sin i mí an Aibreáin, d'imir muid chomh maith in Éirinn agus a d'fhéadfadh muid. Fiú amháin agus muid ceithre phointe síos, bhí meon iontach ag an bhfoireann ar fad; theastaigh uainn an cluiche a bhuachaint agus, dóibh siúd a bhí ar phainéal na mionúir an bhliain roimhe, theastaigh uainn díoltas a bhaint amach. Agus rinne! D'éirigh linn sa deireadh an sárthaispeántas peile sin a bhuachaint le 1-11 in aghaidh 0-12; cúl iontach ó fhear oirthear na Gaillimhe, Michael Boyle, an difríocht idir na foirne ar an gclár scórála. Bhí muid ann, cluiche ceannais na hÉireann i bPáirc an Chrócaigh os ár gcomhair i gcoinne Chontae an Chabháin, brionglóid fhormhór ghasúir na hÉireann bainte amach againn agus gan idir muid agus Corn an Chléirigh ach aon chluiche amháin.

Bhí muid ag súil le cluiche deacair i gcoinne an Chabháin agus bhí a fhios againn go gcoinneodh na himreoirí ag déanamh a seacht míle dícheall go dtí séideadh na feadóige deiridh ach bhí muid réidh dóibh. Ar deireadh, ní raibh an cluiche chomh gar agus a bhí an cluiche leathcheannais ach, é sin ráite, bhí sé níos deacra ná a cheapfá ón scór 2-16 in aghaidh 1-09. Bhí an lá linn! Níl cur síos ná insint béil ar an tsástacht a mhothaigh mé féin agus mo chomhbhádóirí i ndiaidh an chluiche sin.



Fiontán Ó Curraoin ag bualadh báire.



Fiontán ag imirt do Gaillimh faoi 21, 2011.

Ba é m'aislingse i gcónaí, agus go deimhin gach leaid óg ar fhoireann na mBreathnaigh, corn a ardú i bPáirc an Chrócaigh agus bhí mé i ndiaidh é sin a bhaint amach, in éineacht le beirt eile as ceantar Chois Fharraige, Peadar Óg Ó Gríofa agus Maghnus Breathnach. Tá mé an-

bhuíoch dár dtraenálaíthe, Alan Mulholland agus Dónal Ó Fatharta, as an méid a rinne siad dúinn le linn na bliana; is leosan an bua chomh maith! Comhairle do na leaids óga atá ag traenáil leo maidineacha Sathairn ar an bpáirc: coinnigh leis agus b'fhéidir go mbeadh tú féin sa mbád céanna.

Thosaigh mé anuraidh ar an ollscoil i mBaile Átha Cliath, in Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath (DCU). Bhain mé scoláireacht amach don pheil agus is cinnte go bhfuil an-fheabhas déanta agam ag imirt agus ag traenáil le cuid de na peileadóirí is fearr sa tír. Seans iontach atá i bpeil ollscoile chun imirt le himreoirí idirchontae eile! D'éirigh linn comórtas na bhFreshers a bhuachaint agus tá an-dul-chun-cinn déanta agam féin agus ag m'fhoireann ann.

Ba chúis iontais dom féin an t-ainmniúchán ar phainéal sinsir na Gaillimhe i mbliana agus tá mé an-bhuíoch de Thomás Ó Flatharta as ucht an deis a thug sé dom féin agus go leor ógánaigh eile. Bhí díomá orainn i ndiaidh an chluiche i gcoinne Mhaigh Eo ach thug muid aghaidh ar an traenáil arís. Bhí gliondar croí orm nuair a ainmníodh mé ar an bhfoireann i gcoinne na Mí ag uimhir a 9, an chéad duine ó fhoireann Mhíchéal Breathnach a d'imir don chontae ag leibhéal na sinsear. Ní raibh an t-ádh linn ar an lá agus bhí díomá an domhain orm féin agus ar mo chomhleacaithe ach tá coinneal an dóchais lasta fós agus is cinnte go bhfuil todhchaí gheal i ndán dúinn leis na himreoirí óga atá ag teacht tríd an gcóras faoi láthair. Dóibh siúd atá ag traenáil go dian anois do na foirne faoi 10, 12, 14, 16 agus 18, do na sóisir nó do na sinsir: coinnigh suas é, ní bheadh a fhios agat céard a bheadh i ndán duit. Níos tábhachtaí fós, C'MON NA BREATHNAIGH!



Foireann na Gaillimhe faoi 21, 2011.

Peil Sinsir i gClub Mícheál Breathnach

Seosamh Ó Conaire

A leithéid de bhliain! Agus mé á scríobh seo, tá muid fós ag fanacht ar chluiche a imirt i gcoinne Sheamróga Chortúin, i gCraobh Peile Sinsir na Gaillimhe. Tá a fhios ag madraí an bhaile céard is cúis leis an moill agus mura bhfuil, cuireadh siad ceist ar éinne a bhfuil suim acu sa bpeil agus míneoidh siad dóibh é. Mar phainéal imreoirí, tá muid ag traenáil mar is gnáth agus fócas iomlán againn ar an gcéad chluiche eile.

Tá a fhios ag madraí an bhaile freisin nach bhfuil muid ag imirt go maith i Sraith na bliana seo! Tá muid gan bua fós ach, leis an bhfírinne a insint, níl aon imní orainn. An rud is measa ná go bhfuil muid ag loic orthu siúd a bhíonn ag chuile chluiche i rith na bliana, iad siúd a leanann muid ó Pháirc an Mháimín soir go Bearna Dearg. Ba mhaith liom buíochas a ghlacadh leo ar fad thar ceann na n-imreoirí agus na bainistíochta as a dtacaíocht dúinn agus tá súil agam go mbeidh muid le chéile théis an ceann is fearr a fháil ar na Seamróga i bPáirc an Phiarsaigh go luath!

Tháinig cúpla oifigeach nua ar an bhfoireann bainistíochta i mbliana. I dteannta Thadhg Mór Ó Curraoin agus Phaddy Beag Ó Gríofa anois, tá Kevin Johnson agus Declan Chóil Ruaidí Ó Tuairisg. Tá Beartla an Chéidigh ag tabhairt láimh chúnta dúinn agus tá Tomás Ó Raighne mar fhisiteiripeach ag an gclub.

Bíonn go leor imeachtaí ar siúl nach mbíonn daoine ar an eolas fúthu, mar shampla, deireadh seachtaine a chaith an fhoireann le chéile i gCathair na Mart. Cé a chreidfeadh gur dhreap muid Cruach Phádhraic ag a hocht a chlog maidin Domhnaigh amháin! Ní raibh sé éasca! An lá roimhe sin, bhí cluiche eagraithe againn i

gcoinne Bhaile Átha an Tobair, seampíní sinsir Mhaigh Eo. Is léir go bhfuil go leor eagrú ag baint le bainistíocht foirne agus ba mhaith linn “Go raibh maith agaibh” a rá leis an bhfoireann bainistíochta ar fad.

Bíonn traenáil dhian againn ar an Máirt agus ar an Aoine agus bíonn cluiche nó traenáil againn ar an Domhnach. Roimh na cluichí Craoibhe i mbliana, bhuail muid le chéile in Áth Luain i rith na seachtaine go minic, le seisiúin traenála a bheith againn mar go bhfuil cónaí ar suas le deichniúr den fhoireann i mBaile Átha Cliath. Ceist a chuirtear orm go minic ná céard a dhéanann leaids Bhaile Átha Cliath nuair atá na leaids thiar ag traenáil sa mbaile? Bíonn muide ag traenáil le chéile i mBaile Átha Cliath freisin ach go mbíonn leaids ó cheann ceann na tíre in éineacht linn in aice Pháirc an Fhionnuisce. ‘Traenáil gan Taisteal’ is ainm dó seo agus is áis iontach traenála é d’imreoirí as baile i rith na seachtaine. Abhaile ansin ar an Aoine le seisiún traenála a bheith againn leis an gclub sa mbaile.

Tá an t-ádh liom go pearsanta go bhfuil mé buan sa phost atá agam. Tuigim seo nuair a fheicim cairde liom ag dul ar imirce chuile bhliain. Tá seans ann nach dtiocfaidh cuid acu ar ais. Cén fáth a dtiocfadh agus cúrsaí fostaíochta

sa tír mar atá? Airíonn muid uainn sibh, a leaids, pé áit sa domhan a bhfuil sibh anois, agus tá súil agam nach fada go mbeidh sibh ar ais ag imirt linn arís.¹ Bhí go leor acu seo linn ar an bpainéal Sinsir agus is faoi na leaids óga anois a mbrógas an a líonadh. Níl aon dabht ach go bhfuil siad ann, abróidh mé Fionntán Ó Curraoin agus Peadar Óg Ó Gríofa atá ar phainéal Sinsir na Gaillimhe. Tugadh Seán Denvir isteach ar an bpainéal freisin le gairid. Tá todhchaí shuimiúil amach romhainn!

Mar sin, cé nach bhfuil muid ag déanamh go maith sa tSraith, tá an Chraobh amach romhainn agus ní bheadh a fhios agat céard a tharlódh! Feicfidh muid linn!

Maidin amárach, tá muid ag dul ar aistear ar na rothair ó Choláiste Lurgan. Ní fios cá gcríochnóidh muid! Láidreoidh sé na cosa, tá súil agam, ach (níos tábhachtaí fós) láidreoidh sé an nasc idir na himreoirí.

“Buafaidh muid nó caillfidh muid le chéile mar phainéal.”

Sin é ár mana mar fhoireann.

¹ Cuid de na himreoirí a d’imir le Cumann Mícheál Breathnach ach atá anois thar sáile: Aodán Ó Finneagáin, Liam Willie Ó Fatharta, David Willie Ó Fatharta, Cathal Ó Conghaile, Caoimhín Ó Coisdealbha, Ciarán Ó Cadhain, Dónall Ó Héalaí.

Iománaíocht i gCois Fharraige

– Bliain stairiúil ag Cumann Mícheál Breathnach

Tomás Ó Ceallaigh

Bliain stairiúil a bhí in 2011 do Choiste Iomána Chumann Mícheál Breathnach. Ba é buaicphointe na bliana gan amhras ar bith an cluiche a imríodh ar an 5 Samhain i mBaile an Doirín nuair a bhuaigh an fhoireann Sóisear B Craobh an Chontae gur cháiligh don ghrád Sóisear A den chéad uair, céim mhór eile sa dul chun cinn atá déanta ag an bhfoireann ó bhíodar sa ghrád Sóisear C Speisialta in 2004. As sin go Sóisear C, ansin go Sóisear B in 2007, agus anois beidh siad ag imirt sa Chraobhchomórtas Sóisear A in 2012.

Níor chaill an fhoireann seo cluiche ar bith – sraithe ná craoibhe – in 2011. Bhain siad barr an tábla ina ngrúpa sa chraobhchomórtas agus áit sna babhtaí ceathrú ceannais amach le buanna ar an gCaisleán Gearr, Ard Rathain, Cill Chon Iarainn agus Creachmhaoil; chríochnaigh a gcluiche grúpa le Naomh Tomás ar comhscór. Bhuaigh siad ar na Sáirséalaigh 0-10 in aghaidh 0-4 sa chluiche ceathrú ceannais i mBaile Átha'n Rí. Bhí bua iontach ag na Breathnaigh ar Thíneacha/Mainistir/Dún Daighre sa chluiche leathcheannais. Bhí tús lag ag na Breathnaigh sa chluiche sin a imríodh i mBéal Átha na Sluaighe. Bhí siad 1-3 go 0-1 taobh thiar tar éis 8 nóiméad, ach ansin léirigh siad an croí agus na scileanna a d'fhág do-chloíte iad i gcaitheamh na bliana. Tháinig siad ar ais de réir a chéile go dtí go raibh an dá fhoireann ar comhscór, 1-7 araon

ag leath-am. Chuir na Breathnaigh a gcloigne chun cinn sa dara leath agus fuair siad an lámh in uachtar ar a gcéilí comhraic sa deireadh le 2-13 in aghaidh 1-10.

Bhí an lucht tacaíochta ag méadú de réir mar a bhí an fhoireann ag dul ar aghaidh agus bhí an slua ba mhó fós cruinnithe le tacú leo sa chluiche ceannais in aghaidh Naomh Tomás i mBaile an Doirín. Agus nach acu a bheadh an t-ábhar ceiliúrtha roimh dheireadh an lae! Cé gur scóráil na Breathnaigh cúl go luath sa chluiche nuair a tharraing Fiach Ó Béarra ar liathróid a tháinig isteach ó bhuille saor le Seán Ó Finneadha, is ag Naomh Tomás a bhí an lámh in uachtar sa chuid eile den chéad leath agus bhíodar sé phointe chun tosaigh, 1-11 go 1-5, ag leath-am. Ach bhí teacht aniar i bhfoireann seo na Gaeltachta agus ní raibh fonn ar bith orthu géilleadh. Chuir siad cath fíochmhar suas sa dara

leath. Bhí an dá fhoireann ar comhscór, 1-14 in aghaidh 1-14, agus 59 nóiméad caite nuair a fuair na Breathnaigh buille saor 40 méadar amach ó chúl Naomh Tomás. Ba é Seán Ó Finneadha a thóg agus, faoi mar a rinne sé naoi n-uaire roimhe sin sa chluiche, sheol sé an sliotar go cruinn agus go hard thar an trasnán agus bhí an bua ag Mícheál Breathnach le haon phointe amháin, 1-15 in aghaidh 1-14.

Bhí foireann Sóisear C ag na Breathnaigh freisin in 2011, an chéad bhliain a raibh dhá fhoireann iomána fásta ag an gCumann, ócáid stairiúil eile! Bhí rith maith ag an bhfoireann Sóisear C sna cluichí grúpa, ach tháinig deireadh leis an rith sin in aghaidh an Chairn Mhóir i gcluiche ceathrú ceannais.

Bhí bliain mhaith ag na Mionúir freisin; cháiligh siad as a ngrúpa ach níor éirigh leo sa bhabhta ceathrú ceannais le Cumann Pádhraic Mac Piarais.

Cumann Camógaíochta Chois Fharraige

1981-2011

Tá an cumann seo againne 30 bliain ar an bhfód i mbliana agus tá muid ag dul ó neart go neart. Bhí cóisir cheiliúrtha againn in Óstán na Páirce i mí Márta seo caite agus ba í Geraldine McGrath, Cathaoirleach Choiste Chontae na Gaillimhe, a bhí mar aoi speisialta. Bhronn sí boinn ar na foirne faoi 9, faoi 10, faoi 11, faoi 13 agus faoi 16 mar gheall ar na comórtais a bhuaigh siad i rith na bliana 2010/2011. Bhronn sí Gradam Imreoir na Bliana ar na buaiteoirí faoi 9, 10, 11, 12, 13, 14, 15, 16, 18 agus sóisir. Bhí an-oíche ag chuile dhuine den 183 a bhí ann agus an ceol á chasadh ag Buckley agus a Chairde.

Bhí an fhoireann faoi 14 páirteach i bhFéile na nGael i mí an Mheithimh. Chaith na cailíní as Camros (Co. Laoise) an deireadh seachtaine i gCois Fharraige. D'imir muid cluichí in aghaidh Chamrois, Cheapach Choinn agus an Chairn Mhóir agus cé nár bhuaigh muid, chuir chuile chailín den phainéal de 24 an-troid suas. Bhí paráid mhór i mBaile Locha Riach Dé hAoine, an 22 Meitheamh, áit a raibh os cionn míle imreoir as chuile chontae sa tír ag máirseáil. Bhuaigh an cumann seo againne an duais don Bhratach is Fearr sa bParáid. Ba é Philip Robinson (nach maireann) as an gCré Dhubh a rinne an bhratach seo i 1981. Chuir Danny Wallace maisiú air i mbliana agus chuidigh sé go mór linn.

Roghnaíodh cúigear ón gcumann ar phainéal na Gaillimhe faoi 14 i mbliana; Neil Ní Chonluain, Sorchá Ní Fhrighil, Dearbhail Ní Chaoimh, Sarah Comerford agus Sorchá Ní Bhraonáin. Agus bhí beirt ón gcumann ar phainéal faoi 16 na Gaillimhe; Ciara Ní Churraoin agus Darina Ní Chollanáin. Nár laga Dia iad ar fad.

D'éirigh leis an bhfoireann sóisir Sraith an Chontae a bhuachaint i mbliana nuair a bhuail siad na Brídeoga le dhá chúilín sa gcluiche ceannais. Nuair a d'imir an dá fhoireann ar an gcéad lá, chríochnaigh siad cothrom tar éis am breise. Ar an dara lá, bhí an-fhéachaint ann arís: Cois Fharraige chun cinn ag leath ama le cúilín amháin! Tháinig na Brídeoga ar ais sa dara leath, chuaigh dhá chúilín chun tosaigh ach fuair Cois Fharraige cúl agus cúilín (in aghaidh na gaoithe) agus thug siad leo an Corn! Cóisir eile i mbliana!



Sorchá Ní Fhrighil, Dearbhail Ní Chaoimh, Sarah Comerford, Sorchá Ní Bhraonáin agus Neil Ní Chonluain.



Geraldine Mc Grath ag bronnadh Gradam Imreoir na Bliana ar Ghráinne Ní Ghaoithín.



An Bhratach is fearr sa bParáid.

An Nádúr

Ceapaim nach bhfeicfidh mé
Dán chomh galánta leis an gcrann.

Crann a bhfuil a bhéal oscailte
Agus a chrochann a dhuilleoga leis an ngaoth.

Crann a bhíonn ag féachaint ar Dhia,
Agus nead éin ar an gcrann.

Bíonn go leor crann ann freisin,
Agus bíonn siad go hálainn le feiceáil.

Bíonn dánta scríofa ag daoine,
Ach is é Dia an t-aon neach
Atá in ann crann a dhéanamh.

(Aistriú ar dhán Béarla)
Susanne Ní Chualáin

* * *

Tá balla carraige thart timpeall an gharraí
Athraíonn sé leis na séasúir
Ag feabhsú nó ag éirí níos measa le haois;
San earrach ceiliúrann sé breith nua.

Ena Ní Dhonnacha

* * *

Bhí an crann ansin
Chomh fada is a bhí cuimhne agam.

Ní raibh a fhios ag aon duine
Cé chomh sean is a bhí sé.

Shiúilinn thairis gach lá
Ar mo bhealach abhaile.

Ach ní raibh sé ann inniu.
Tá sé imithe!

“Tá sé goidte,” a scread mé.
Níl an crann ann níos mó.

Chuile lá baintear crainnte -
I gceann cúpla bliain,
Ní bheidh aon cheann fágtha!
Bairbre Ní Alluráin

* * *

Tá an nádúr go breá
Ag brath ar an lá.
Tá an ghrian ag taitneamh
Tá spraoi ag na páistí
Is breá liom an nádúr!
Rónán Ó Maoláin

* * *

Tá na plandaí ag fás
Mór agus glas
Agus ainmhithe ag dúiseacht
Ag tógáil an aeir.
Tá an ghrian ag scalladh
Síos ar an domhan go láidir
Tá beagán gaoithe ag séideadh.
Tá an samhradh anseo
Is beidh an scoil thart go luath
Nach mé atá sásta
Is breá liom nádúr an tsamhraidh.
Anna Ní Gabhann

* * *

Is deas é an nádúr
Le go leor, leor crainnte
Murach na crainnte sin
Ní bheadh muid anseo!
Caoimhe Ní Choisdealbha

* * *

Bíonn na bláthanna fásta,
Na duilleoga ar na crainn,
Bíonn laethanta saoire againn ón scoil.

Déanann muid campaí samhraidh,
Agus téann muid ar laethanta saoire
Thar lear!

Bíonn an aimsir te,
Téann muid ag an trá,
Ag ithe uachtar reoite
Is ag ól liomanáide
Is bíonn muid ag snámh
Freisin!

Treasa Ní Cheallaigh

* * *

Tá an dúlra an-tábhachtach do gach duine.
Caithfidh muid é a choinneáil slán sábháilte.
É a choinneáil slán d’ainmhithe, d’éin agus do na héisc.
Ach tá an dúlra millte againn
B’fhéidir nach bhfuil muid in ann é a chur ceart.
Seachain!
Ní bheidh dúlra againn mura dtabharfaidh muid aire dó.
Nach bhfuil tú ag iarraidh an dúlra a choinneáil go deo?

Ena Ní Dhonnacha

* * *

Sa samhradh
Bíonn an ghrian amuigh
Ag scoilteadh na gcloch
Is na bláthanna ag fás.

Sa bhfómhar
Bíonn na duilleoga
Ag titim de chrainn
Faigheann sé dorch
Is téann ainmhithe a chodladh.

Sa ngeimhreadh
Bíonn na crainnte bán
Na héin ag feadaíl
Ag cuartú bia.

San earrach
Bíonn an bachlóga ar chrainnte
Na bláthanna ag teacht amach
An aimsir go deas ...
Ach fós bíonn an aimsir gheimhriúil thart!
Niamh Ní Fhatharta

* * *

Ó na crainnte
Go dtí na plandaí,
Ó na péiste
Go dtí na héin,
Bhí an nádúr chomh ciúin le loch
Agus chomh deas le píóg úll.
Ach lá amháin
Bhain daoine crainnte
Dhóigh siad ola
Agus thosaigh siad téamh aeráide.
Anois níl an domhan chomh deas gleoite,
Tá sé millte ag saint daoine.
Is níl an nádúr mar a bhí!
Oisín Bolustrom

* * *

Tá scamail sa spéir,
Tá féar glas ag fás,
Tá na laonna le feiceáil
Is na huain bheaga bhána,
Tá an t-earrach anseo!
Jordan Ó Cualáin

* * *

Tá an nádúr in Éirinn go maith san earrach
Uain óga is laonna ag ritheacht go meidhreacht
Thart ar chnocáin is ar bhánta gan stró.
Tá an spéir chomh gorm leis an bhfarraige féin
Tá leoithne gaoithe ag séideadh anonn is anall
Tá féar is glasaí ag fás.
Breandán de Búrca

* * *

Tá an dreach tíre go hálainn
Tá sé an-ghlas ar fad
Le hainmhithe thart timpeall na háite.

Tá an nádúr ciúin maidin is oíche
Ní chloiseann tú ach cantain éin.
Tá an t-atmaisféar iontach.
Is breá liom an nádúr mé féin!
Fionnuala Ní Chualáin

* * *

Ag siúl liom
Ar bhóithre na smaointe
Gach rud thart orm nádúrtha.
An spéir chomh gorm
Is í cosúil le gloine.
An talamh thíos fúm chomh glas is
chomh mín.
Na héin ag canadh go binn sna
crainn.
An ghaoth ag séideadh anonn is
anall.
Na beacha féin ag socrú nid.
An nádúr le feiceáil ins na
páirceanna.
Na huain óga ag damhsa thart
Ag spraoi sa bhféar.
Áilleacht san áit.
Áilleacht sa duine
Áilleacht sa domhan uilig
I measc nádúr na háite.
Keith Ó Fatharta

* * *

Chonaic mé sionnach sa ngarraí
Tráthnóna inné.
Chonaic mé arís is arís
An sionnach sa ngarraí
Tráthnóna inné.

An t-earrach a bhí ann
Bhí gach rud ag fás
An féar is duilleoga nua ar chrainn.

Inniu lean mé an sionnach
Rith sé siar an garraí
Chonaic mé ag dul i bpoll é
Bhí sionnaigh óga ann!
Séamus Ó Conaire

* * *

Tá mé ag breathnú ar an dúlra
Na crainn is an spéir ghorm
Agus scamail bheaga bhána.
An cat ag rith ar nós na gaoithe
An madra ina dhiaidh.
Agus chuile dhuine taobh amuigh
Ag fáil an ghrian
Mar is lá breá é!
Lára Ní Fhatharta 1A2

* * *

Tá na crainn ag fáil glas
Is na bláthanna ag fás.
Bíonn an ghrian ag scalladh
Beagán gach lá.
Bíonn corr lá ag báisteach
Ach teastaíonn sí ann
Le gach rud a chur ag fás!
Aisling Ní Iarnáin

* * *

Tá an nádúr lán de rudaí deasa
A tharlaíonn i rith na bliana.

Bíonn an ghaoth ag séideadh chuile lá.
Caoirigh ag breith,
An ghrian ag taitneamh
Go láidir sa samhradh.

Is maith le chuile dhuine an nádúr
Mar bíonn go leor rudaí ag tarlú!

Ciarán Ó Tuathail 2A2

* * *

Tá an nádúr thar barr
Ná mill é, taisteal sa gcarr!
Is maith liom a bheith ina lár
Bíonn sé ag fáil níos fearr is níos fearr!

Sinéad Ní Mhaoláin

* * *

San oíche airíonn mé an ghaoth
Bíonn sí ag séideadh síoraí
Cloiseann mé an torann beagnach gach oíche
Nuair a bhíonn an ghaoth ann
Is na brainsí ag bualadh in aghaidh na fuinneoige.

Nuair a dhúisím an lá dár gcionn
Duilleoga ar fud na háite taobh amuigh
Ach ar nós gach rud tá crainnte go hálainn
Is iad ag fás thart timpeall gach baile.

Níl tada chomh maith leis na crainnte
Bronnann siad príobháideachas ort
Níl aon duine i do mhullach
Is crainn mar theorainn.
Tá crainnte ann do na héin
Tá crainnte ann don tine chnámh
Tá crainnte ann don phicnic faoina scáth
Tá crainnte ann don chluiche "i bhfolach".

Susanne Ní Chualáin 2A2

* * *



Tá aimsir is bealaí difriúla ag gach séasúr.
Nuair a bhíonn séasúr amháin thart
Tagann ceann eile ina áit.

San earrach tosaíonn gach rud nua ag fás.
Osclaíonn an bláth.
Lus an chromchinn.

Sa samhradh bíonn na laethanta go deas fada.
Bíonn an ghrian amuigh ag scalladh anuas
Bíonn sí lán le brí!

Sa bhfómhar titeann na duilleoga ó na crainnte.
Tosaíonn na tráthnónta ag fáil dorcha arís.

Sa ngeimhreadh tagann an fuacht.
Agus uaireanta bíonn na sléibhte thuas
Bán leis an sneachta.

Seo é obair an nádúir.
Gach séasúr difriúil is álainn ina bhealach féin.
Tá an nádúr beo, ag gluaiseacht i ngan fhios
Seo rud nach bhfuil duine ar bith in ann a athrú.

Is déanann an nádúr é seo arís is arís eile.

Sinéad Seoighe 2A2

* * *

Tá an nádúr timpeall anseo an-deas
Tá na hainmhithe is bláthanna thar barr.
Tá na crainn ghlasa go hálainn
Agus nuair a thiteann duilleoga
Titeann siad i ngach áit!

Seán Ó Nualláin Ó Tuathail

* * *

Tá clabhtaí sa spéir
Tá bláthanna sa bhféar
Tá na laethanta níos faide
Tá an t-earrach anseo.

Tá an ghrian ag scalladh
Tá sé ag fáil níos teo
Cloisim an chuach
Gach tráthnóna amuigh.

Is breá liom an t-earrach
Is séasúr an-deas í
Nuair a imíonn an t-earrach
Imíonn an chuach.

Tá rud éigin san earrach
Atá níos fearr ná an samhradh;
Is rud é nach bhfuil mé in ann
A scríobh síos ar pháipéar!
Ciarán Seosamh Ó Fatharta 2A2

* * *

Ó nach iontach muid anois
Muid ag taisteal inár gcarr.
Nach muid a bhíonn go tuirseach
Ag strus agus ag an trácht,
Muid ag tiomáint anonn is anall
Is gnó againn i ngach áit.

Ní raibh an faisiún ag ár sinsir
Nuair de shiúl naa gcós
A thug siad leo an lá,
Folláin agus spleodrach
Ag spágáil i ngach áit.

Anois is an saol dá thachtadh
Ag astaíochtaí agus drámhaí
B'fhiú dúinn sampla sin ár sinsear
A thógáil suas
Agus an bóthar a shiúl!
Aoife Ní Chadhain

Ba cheart an aois vótála a ísliú ó 18 go 16!

Cóilín Ó Coileáin

Cloisim díospóireacht anois is arís ar an aois vótála a ísliú go sé déag agus caithfidh mé a rá go bhfuil mé go mór ina fhabhar.



Luíonn sé le reasún go mba cheart an aois a ísliú mar gurb iad an t-aoisghrúpa óg seo na daoine is eolasaí faoi chúrsaí vótála. I staidéar a rinneadh, scórail an t-aoisghrúpa 15-17 i bhfad níos airde ar cheisteanna polaitíochta ná iad seo idir 24-25.

Sa rang OSSP déantar bréagthoghcháin agus toghcháin comhairlí scoláirí a reáchtáil. Seasann muide, na daoine óga, mar iarrthóirí, tagann polaiteoirí mar aoichainteoirí is ceistíonn muid iad, foghlaimíonn muid cén chaoi a n-oibríonn an ionadaíocht chionmhar agus ní bhíonn uainn ach seans ár dtaithí a chleachtadh. Ach an dtugtar seans dúinn? Beag an baol! Fágтар faoi na seanleids é a vótáilann de réir paisin don pháirtí céanna dár vótáil a sinsir, beag beann ar cé is oilte don jab.

Tá 16 óg ach ní hé sin le rá nach bhfuil déagóir in ann cinneadh ciallmhar a dhéanamh. Is iomaí ógánach sé bliana déag atá níos ciallmhaire ná ógánaigh ocht mbliana déag atá ag blaiseadh den tsaoirse mar mhic léinn ollscoile is mar oibrithe den chéad uair. Tá sé tamall ó bhí siadsan ag staidéar OSSP. Ní fiú leo dul abhaile le vótáil is iad ina gcónaí as baile. Fágтар an vóta gan caitheamh. De réir na staitisticí is iad an t-aoisghrúpa ó 18 go 25 an dream is lú a vótáilann.

Cruthaíodh i Hannover na Gearmáine nuair a tugadh an vóta d'ógánaigh sé bliana déag gur úsáid 56% díobh é i gcomparáid le 49%

díobh siúd a bhí idir ocht déag agus fiche cúig.

Daonlathas an córas polaitíochta atá againnne anseo. Ciallaíonn seo go bhfuil cead ag saoránaigh na tíre a dtuairimí a thabhairt faoi ritheacht na tíre. An bhfuil sé daonlathach vóta a choinneáil ó dhaoine atá ag fágáil na scoile agus a chead acu? Tá cead ag daoine an scoil a fhágáil ó bhíonn siad sé déag agus tá ógánaigh ag fágáil. Tá siad seo ag íoc cánach má tá siad ag saothrú. Cén fáth nach féidir leo breith a thabhairt faoi cén chaoi a gcaitear a gcuid airgid? Cén fáth nach dtugtar cead do dhaoine óga a dtuairimí a nochtadh faoin gcóras oideachais? Nach iad is oilte tuairimí a bheith acu faoi.

Daoine óga sé bliana déag, agus go deimhin faoi sin, a thoghann comhairlí scoláirí, Comhdháil na nÓg agus Dáil na nÓg ar fud na tíre agus nach fóna mar a oibríonn siad. Agus cheapfainn go n-aontódh sibh gur bean ábalta ina post í Emily Logan, Ombudsman na nGasúr. Chuala mé agallamh léi ar an teilifís agus bhí sí ag caint ar dhaoine óga a ghlac a seans í a chur faoi agallamh sul má toghadh í. Cinneadh eolasach ó dhaoine ciallmhara.

Bítear ag clamhsán faoi easpa cearta daonna i dtíortha cosúil le Nicearagua agus Cúba ach tugtar a gcearta daonna vótála dóibh siúd atá sé bliana déag agus san Iaráin cúig déag an aois vótála. Tá sé in am againn a theacht amach as an aois dhórcha agus an aois vótála a ísliú.

Na Daoine Bochta

Séamus Ó Conaire

Fadó sa mbliain 1845, bhí beirt leaids ina gcónaí i gConamara sa teach céanna. Bhí garraí mór fataí ar chúl an tí. Ach scrios an Gorta Mór a bhí in Éirinn an bhliain sin na fataí orthu. Ag an am céanna bhí an fear seo as Sasana ag tógáil cíosa ón mbeirt ar an teach. Pádhraic agus Séamus na hainmneacha a bhí ar an mbeirt fhear.

Lá amháin chuaigh siad ag baint na bhfataí chun airgead a fháil orthu ach bhí na fataí scriosta ag an nGorta mar a dúirt mé. Thosaigh Pádhraic agus Séamus ag caoineadh mar nach raibh siad in ann airgead a fháil de bhrí nach raibh fataí acu. Bhí orthu airgead a fháil le tabhairt don fhear a mba leis an teach agus an garraí.

Tháinig an fear an lá sin. Tomás an t-ainm a bhí air agus ní raibh aon Ghaeilge aige. Chuir sé amach a lámh le haghaidh an airgid ach ní bhfuair sé pingin rua. Chaith sé an bheirt amach as an teach. Bhí siad ag caoineadh le trua dóibh féin – bhí siad fágtha gan an díon féin os a gcionn!

Chonaic seanbhean an bheirt ag dul an bóthar. Dúirt sí leo a dhul suas ar an bportach agus go bhfeicfeadh siad dhá chloch mhóra mhillteacha thuas ansin agus go raibh spás faoi na clocha dóibh le cónaí ann. Dúirt sí leo go mbíodh daoine ina gcónaí ann fadó. Chaitheadh siad ó earrach go fómhar ann chuile bhliain. Ansin théadh siad chun cónaí le cairde ar feadh an chuid eile den bhliain.

Ghlac Pádhraic agus Séamus buíochas leis an tseanbhean. Chuaigh siad suas an lá sin agus chuir siad fúthu faoi scáth na cloiche. Sa ngeimhreadh théadh siad go dtí teach na seanmhná. Choinnigh orthu mar seo go dtí go bhfuair Pádhraic bás. Ansin chuaigh Séamus go Sasana chun obair a fháil.

Tháinig sé ar ais tar éis dhá bhliain agus rinne sé teach. Phós sé bean as Contae an Chláir agus mhair siad go sona sásta ina dhiaidh sin.

Luach an Airgid

Sinéad Seoighe

“Oscail an geata, a Nóra!”

Léim mé amach as an gcarr is bhuaile gaoth úr na maidine mé is mé ag oscailt an gheata. Taobh amuigh den doras, bhí mamó is í ina suí ar chathaoir ag fanacht linn, réidh don lá mór.

Bhí mamó ag fanacht leis an aonach seo le píosa anuas, chomh maith liomsa ar ndóigh! Bhí mála ina lámh aici, lán le hairgead a cheap mise. Bhí mé ag gáire liom féin mar, in áit éigin i mo cheann, cheap mé go mbeadh cuid den airgead sin agamsa, dá mbeinn go maith di!

Bhí an t-aistear amscaí, ní raibh mórán le rá mar sin ní raibh ach cúpla focal le cloisteáil anois is arís. Bhíomar ciúin an chuid is mó den am. Bhí mé ag breathnú amach an fhuinneog ach ní raibh le feiceáil ach fásra glas is donn is cruach mhóna anseo is ansiúd.

Sa deireadh shroich muid an t-aonach ar an Teach Dóite. Bhí dhá thaobh an bhóthair plódaithe le carranna. Ní raibh áit le fáil againn chun páirceáil.

“Imigí sibhse amach as an gcarr is gheobhaidh mise áit pháirceála,” a deir deaide linn.

Amach linn is as go brách le deaide. D’fhéach mé timpeall, bhí capaill i ngach áit, asail de gach sórt, daoine ag siúl timpeall, bhí an bóthar plódaithe agus cosa na gcapall réidh chun ionsaithe.

Bhí duine ansin ina sheasamh leis na hainmhithe a raibh a gcuid fionnaidh fós fliuch ón oíche roimhe sin. D’fhéach mé i súile donna an asail ba ghaire dom, lán le huaigheas ar nós go raibh a fhios aige nach bhfeicfeadh sé a sheanmháistir arís. Bhuail faitíos mé.


“A mhamó! A mhamó! Cá bhfuil tú?”

Cén áit a raibh sí? D’fhéach mé timpeall na háite go géar. Ansin rug mo shúile uirthi – bhí sí agam! Rith mé chuici go tobann ar fhaitíos go n-éalódh sí uaim arís.

“Cé mhéad ar an gcapall sin?” a d’fhiafraigh sí is í ag féachaint suas ar an bhfear seo is hata slachtmhar ar a cheann. Bhí sé ag déanamh suas a intinn cé mhéad a dhíolfadh sé a capall deas folláin air.

“Trí mhíle is em dhá chéad,” a scairt sé sa deireadh.

Chuir mamó suas a lámh ar bhealach a dúirt nach raibh sí ag iarraidh níos mó a chloisteáil is shiúil sí léi agus mise is mo dheirfiúr ina diaidh. Thosaigh sé ag báisteach agus rith muid ar an bhfoscadh. Bhí claí ard ag tabhairt foscaidh ón ngaoth. D’fhan mé féin is Síle ann go dtí gur



stop an bháisteach throm ach d’imigh mamó ag féachaint ar na capaill a bhí os ár gcomhair. Ag an bpointe seo, ba chuma liom gur imigh mamó ón bhfoscadh ach fós bhí mo shúile uirthi an t-am ar fad ar fhaitíos go ndéanfadh sí aon rud aisteach!

Tháinig capall mór fiáin ag rith inár dtreo. Go tobann chuala mé rabhadh: “Seachain!”

D’imigh an capall tharainn ag crochadh a cosa suas san aer, í réidh le hionsaí. Bhí fear amháin is bhí greim aige ar rópa is é ag rith mar go raibh an capall ag tarraingt an fhir bhoicht ina diaidh. Fear eile, rith sé, rug sé ar an rópa is bhí gach rud ceart go leor arís.

Ní raibh mé in ann mo shúile a chreidiúint. D’fhéach mé ar ghnúis Shíle, mo bhéal oscailte. Bhí muid ag féachaint ar a chéile ar nós “an bhfuil sé sin théis tarlú?” Ansin thosaigh muid ag gáire lena chéile. Stop mé soicind. D’fhéach mé ar mhamó is bhí sí ag tochailt ina mála. Chonaic mo dheirfiúr é seo freisin.

Shiúil mé chomh fada le mamó go ciúin is mé ag craitheadh mo chloiginn.

“Ná habair liom go ndearna sí an rud a bhí mé ag iarraidh stop a chur leis ó thúis an lae seo. Ná habair liom liom gur cheannaigh sí capall!”

D’fhéach mé suas is bhí nótaí glasa céad euro aici ina lámh is bhí bean ann is a lámha sínte amach aici. Níor chreid mé é! Ceann i ndiaidh ceann, bhí an t-airgead ag dul chuig lámh eile is ní raibh tada a bhí mé in ann a dhéanamh faoi. Bhí an margadh déanta agus bhí an craitheadh láimhe ar siúl. Thóg mé mo shúile di ar feadh dhá shoicind agus féach céard a rinne sí!

“A mhamó, céard a cheannaigh tú?”

“An capall sin ansin. Nach bhfuil sí go breá!”

D’fhéach mé ar an gcapall. Nuair a bhí mé chun mo bhéal a oscailt, stop an fear mé.

“Ní shin an capall a cheannaigh tú, ach an ceann seo anseo.” Bhí an fear ag síneadh a mhéir chuig capall beag donn. Ní hé nach raibh an capall go deas ach ní ceann í a roghnódh mise. Bhí na cosa cam is bhí a ceann róbheag dá corp. Bhí sí aisteach. Ní raibh aon dul as. Bhí an margadh déanta. Taobh thiar díom, bhí deaide ag tabhairt amach do mhamó, rud nach bhfaca mé ariamh go dtí sin.

“Ó tar liom, tá ocras ormsa,” a chuala mé is níor ghá é a rá an dara huair. Cheangail muid an capall aisteach den gheata is shiúil muid isteach sa mbialann. Shuigh deaide is Síle síos is chuaigh mise is mamó suas chun bia a fháil.

“Is deas é an cupán tae théis lá fuar amuigh,” arsa mamó. Cheannaigh sí scónaí is tae deas te. Shuíomar síos agus bhí mise taobh le Síle agus mamó is deaide ar an taobh eile den bhord, eisean ag ithe go crosta agus mamó go sásta léi féin. D’fhéach mé féin is Síle ar a chéile ag iarraidh gáire faoin rud ar fad ach choinnigh muid istigh é mar bhí a fhios againn go raibh deaide ag dul ag pléascadh nóiméad ar bith.

Sa deireadh bhí sé in am againn ar fad siúl ar ais go dtí an carr, tuirseach théis eachtraí an lae. Níor tháinig aon rud maith as an lá ach capall aisteach ar fad! Tar éis an lae sin níor thugamar mamó chuig an aonach arís!

Sa Sceach Driseacha

Sharon Ní Bheoláin

Maidin amháin dhúisigh Pádhraic Óg Mhicilín agus pian aisteach ina thaobh. D'éirigh sé amach as an leaba, chuir sé air a chuid éadaí agus chuaigh sé isteach sa gcistin. Istigh sa gcistin, bhí a bhean Máire agus a chuid gasúr, Jeaic agus Saoirse. Dúirt sé le Máire nach raibh sé ag aireachtáil rómhaith.

"Tá pian i mo thaobh," a dúirt sé.

"Déanfaidh mé coinne duit leis an dochtúir," a dúirt Máire leis.

Fuair sí coinne dó le haghaidh a dó dhéag a chlog, meán lae.

Thug Máire na gasúir ar scoil. Rinne sí an cúpla rud a bhí le déanamh aici roimh a dó dhéag a chlog. Ansin thug sí Pádhraic sa gcarr, ach tharla an rud is aistí di ar an mbealach ann. Bhí sí ag tiomáint suas bóthar an dochtúra nuair a fuair Pádhraic spléachadh de rud éigin bán sna driseacha.

"Stop an carr, stop an carr, stop an carr!" a bhéic Pádhraic.

Bhí sé deacair ar Phádhraic a bheilt a bhaint de.

"Téigh amach agus breathnaigh tríd na driseacha sin," a dúirt sé le Máire.

Bhain Máire di a beilt, d'oscail sí an doras agus céim ar chéim shiúil sí anonn chuig an sceach driseacha. Bhí sí ina seasamh os comhair an tom driseacha ar feadh tamall fada sul má bhreathnaigh sí isteach sa tom. Sin an uair a phreab sí! Chonaic sí go leor fola. Bhreathnaigh sí níos géire agus chonaic sí píosaí de chorp. Thosaigh sí ag scréachaíl agus rith sí isteach sa gcarr.

"Céard a chonaic tú?" a dúirt Pádhraic.

"Ch-ch-chonaic m-mé c-c-corp."

"Chonaic tú corp? Ó! A Mhac Dé!"

Ghlaoigh Pádhraic ar na Gardaí agus tháinig siad gan aon mhoill.

"Caithfidh mé sibh a thabhairt chuig stáisiún na nGardaí le ráiteas a fháil uaibh," arsa an garda.

Isteach leo chuig an stáisiún agus thug siad ráiteas faoin gcorp sa tom agus mar a chonaic siad é. Ansin dúradh leo dul abhaile. Ag dul amach doras an stáisiúin a bhí siad nuair a thit Pádhraic bocht le pian. Anois a bhí an chraic ann mar b'éigean é a thabhairt chuig an ospidéal i gcarr na nGardaí! Bhí soilse gorma ar siúl acu agus ba pian goile a bhí air. Cuireadh obráid air agus bhí sé ceart faoi cheann cúpla lá.

Scaoileadh abhaile é tar éis seachtaine. Ní i bhfad a bhí sé sa mbaile nuair a tháinig na Gardaí chuige. Bhí scéala acu faoin gcorp a fuair siad. Ba dochtúir craiceáilte a mharaigh an fear bocht, ach cuireadh chun báis an dochtúir féin tar éis cúirt a chur air.



An Fuadaitheoir

Robert Breathnach

Lá amháin bhí fear darbh ainm Brian ag teacht amach as an bpríosún. Bhí cúig bhliana caite aige ann mar gur fhuadaigh sé fear. Bhí go leor cairde ag Brian agus bhí siad ag smaoineamh ar fhuadach a dhéanamh chun airgead a fháil dóibh féin ach ní raibh siad ag iarraidh go mbéarfaí orthu. Mícheál, Seán, Daniel agus Aodán ainmneacha na gcairde. Bhí Brian tríocha bliain d'aois, Seán agus Aodán scór agus bhí Daniel fiche a naoi.

Shocraigh siad ar mhac le fear saibhir as an áit a fhuadach. Is é an t-ainm a bhí ar an mac ná Tomás agus Marcus ainm an athar. Bhí sé ceaptha acu é a fhuadach faoi cheann seachtaine, ar an Satharn. Bhí siad tamall ag pleanáil cén chaoi a ndéanadh siad an fuadach.

An Aoine roimh an lá mór bhí Brian an-neirbhíseach. Ní raibh sé in ann codladh. Nuair a tháinig an mhaidin, bhuail chuile dhuine suas lena chéile agus shocraigh siad cén t-am a dtarlódh an fuadach. Bhí sé beartaithe acu an fuadach a dhéanamh ag a dó a chlog agus anois bhí sé a haon déag. Bhí gunna an duine ag an gcúigear acu. Ní raibh le déanamh acu anois ach fanacht.

Bhí a fhios acu go mbeadh sé ag dul chuig an siopa ag a dó. Bhí siad ann roimhe agus *balaclavas* orthu. Rug siad air agus chaith siad isteach sa veain a bhí á thiomáint acu é. Dúirt siad leis dá dtosódh sé ag screadach go maródh siad é. Ghlaoigh siad ar a athair. Dúirt siad leis go raibh a mhac acu agus mura bhfaigheadh siad cúig mhilliún euro go maródh siad é. Bhí áit socraithe acu chun casadh leis chun an bhabhtáil a dhéanamh.

Bhí an bhabhtáil déanta nuair a tháinig na Gardaí orthu. Rith siad ach rug na Gardaí ar Bhrian. Chuaigh an ceathar eile chuig an aerfort agus cúig mhilliún euro acu. Chuaigh siad chuig an bPoirtingéil. Bhí sé deich mbliana sul má tháinig siad ar ais go hÉirinn arís.

Brian bocht, tugadh go dtí an chúirt é agus fuair sé cúig bhliana príosún. Inniu bhí sé saor arís. Saor le dhul ar thóir a chairde agus a sciar den chúig mhilliún!

An Sioc Mór 2011

Seán Ó Nualláin-Ó Tuathail

Bhí sioc mór ann i mbliana. Bhí an bháisteach á reo ar an bpointe is a bhuaíl sí an talamh. Bhí sé ina chéasadh! Bhí an leac oighir chomh tiubh is nach mbrisfeadh carr é. Bheadh an-jab ag an trácht mór féin é a scoilteadh! Bhí sé an-an-chrua mar aimsir. Bhí daoine ag fáil bháis leis an bhfuacht, bhí sé chomh dona sin.

Ach bhí an-chraic ag na gasúir taobh amuigh. Bhí siad ag caitheamh liathróidí sneachta lena chéile agus ag scátáil ar an leac oighir agus ag leagan a chéile sa sneachta agus ar an leac oighir. Má bhí cnoc acu le taobh an tí, rinne siad sléigh le dul síos an cnoc sin agus iad i málaí móra nó i málaí beaga fiú! Bhíodh siad ag caitheamh miotóga, agus hataí ar a gcloigne. Thagadh siad ar ais abhaile fliuch báite nó b'fhéidir iad a bheith chomh tinn le seanmhiúile de bharr a gcuid ama ar an sioc is ar an leac oighir.

Bhí scoileanna dúnta tríd an tír uilig. Bhí an t-ádh dearg ar na scoileanna sin. Ní raibh muide, i scoil s'againne, saor ach ar feadh leath lae amháin! Cuireadh abhaile luath muid agus bhí gach duine chomh sásta, ag léimint amach as a

suíocháin agus iad ag búireach agus ag scréachaíl os ard. Bhí an t-uisce reoite agus ní raibh sé ag obair ar chor ar bith! Ní raibh na leithris féin ag obair dá bharr!

Cé go raibh an trácht ag dul amhall ar an mbóthar, bhí go leor timpistí ann. Bhí go leor daoine ag súil go mbeadh an sioc imithe go luath agus bhí an ghráin acu ar "an sioc dubh" a bhíodh ar na bóithre móra ar fhaitíos go mbeadh timpiste acu. Bhí daoine an-fhaiteach dul ar na bóithre – bhíodar ag imeacht cúig mhíle san uair ar bhóithre na Gaillimhe agus bhí faitíos ar chuid dul ar bhóthar ar bith.

Tá an leac oighir go dona agus tá an sneachta chomh dona, nó níos measa fiú, agus sin an méid atá le rá agamsa faoin leac oighir, sneachta agus an sioc mór!

Agus mé amuigh ag siúl ...

Clíodhna Ní Fhlanachadha

Tráthnóna breá a bhí ann. Bhí mé amuigh ar shiúlóid bheag síos go dtí an chéibh. Bhí mé i mo sheasamh in aice leis an mbád mór seo a bhí ceangailte thíos ann. Thosaigh mé ag cloisteáil torann ag teacht ón mbád. Torann aisteach a bhí ann. Ba cosúil le torann duine a bhí ag réabadh é. Scanraigh mé. Ach fós féin níor fhág mé an áit!



Tar éis tamall gearr, chuaigh mé síos na céimeanna go dtí an bád. Sheas mé ag a mbun. Dúirt mé liom féin nach raibh mé chun seasamh ansin níos faide. D'oscail mé doras an bháid go réidh agus isteach liom. Bhí an bád réasúnta fairsing taobh istigh. D'oscail mé doras seomra a bhí os mo chomhair agus chonaic mé cailín ina suí ar chathaoir. Bhí a dá lámh agus a cosa ceangailte. Bhí sí thart ar naoi mbliana d'aois. Bhí téip ar a béal.

Tharraing mé an téip dá béal. D'inis sí dom go raibh fear tar éis í a fhuadach. Bhí an-eagla uirthi mar go ndúirt an fear léi go raibh sé chun í a mharú! Dúirt mé léi go raibh mé chun glaoch a chur ar na Gardaí.

"Ceart go leor," a dúirt sí liom.

Tar éis tamaill tháinig na Gardaí. Bhí an cailín bocht cráite nuair a scaoileadh í. Tháinig tuismitheoirí an chailín bhig agus bhí siad buíoch. Fuair na Gardaí greim ar an bhfear tar éis cúpla uair ar a thóir.

D'imigh mé abhaile agus bhí mé traochta. Ba mé laoch an lae! Ní dhéanfaidh mé dearmad go deo ar an bhfuadach sin!



An bhfaca tú Lady Gaga?

Fionnuala Ní Chualáin

Tar éis uimhir a haon a thógáil sna cairteanna ceoil, bhí Lady Gaga ag saothrú go leor airgid. Bhí sí ag déanamh ceolchoirmeacha ar fud na hEorpa. Bhí an turas agus an cheolchoirm dheireanach le bheith sa bhFrainc. Bhí slua an-mhór ag an gceolchoirm an oíche sin agus bhí siad ag dul fiáin! Díreach nuair a bhí siad chun an t-amhrán deireanach a chasadh, d'imigh na soilse as. Lig chuile dhuine scread astu. Ní raibh na soilse ach fiche soicind imithe ach nuair a tháinig siad ar ais, ní raibh Lady Gaga le feiceáil ar stáitse. Thosaigh an slua ag screadach "Gaga! Gaga!" ag iarraidh uirthi a theacht ar ais. Ach ní raibh sí le fáil!

An chéad rud eile ná go dtáinig lucht slándála agus na Gardaí ar stáitse agus dúirt siad glas a chur ar na doirse. Ní raibh cead ag aon duine an halla a fhágáil. Faoi dheireadh thosaigh siad ag ligean daoine amach ina nduine is ina nduine, tar éis dóibh fiosrúchán a chur ar siúl agus daoine a cheistiú. Ní raibh le cloisteáil ach "An bhfaca tú Lady Gaga?"

An chéad lá eile, nuair a chas muintir na hEorpa air a gcuid teilifíseán ní raibh tada ar na cinnlínte nuachta ach "Fuadaithe! An bhfaca tú Lady Gaga?" Ní raibh sí le fáil in aon áit. Bhí na Gardaí scaipthe suas is síos ar fud na Fraince á cuartú. An oíche sin ag a deich a chlog cuireadh glooch ar bhainisteoir Lady Gaga.

"Heileo! Cé leis a bhfuil mé ag?" Ní bhfuair sé an seans an abairt a chríochnú.

"Éist! Agus éist go cúramach!" a dúirt an duine ar an taobh eile den ghuthán.

Níor dhúirt an bainisteoir focal.

"Má tá tú ag iarraidh Gaga a fheiceáil ariamh arís, tóg milliún euro leat agus beidh mé ag fanacht leat faoin Túr Eiffel i gceann deich nóiméad. Ná smaoinigh ar na Gardaí nó maróidh mé í!"

Bhí an bainisteoir ag creathadh. Ní raibh a fhios aige céard ab fhearr dó a dhéanamh. Ar cheart dó glooch ar na Gardaí? Rith sé chuig an taisceán agus thóg sé amach an t-airgead. Chuir sé glooch ar na Gardaí ach dúirt sé leo go gcaithfeadh siad dul faoi chlúdach nó go marófaí Lady Gaga.

Ag a deich tar éis a deich bhí an bainisteoir ag fanacht faoin Túr Eiffel ach ní raibh aon duine le feiceáil. Ansin chuala sé glór ag rá: "Tá tú déanach."

Chas sé timpeall agus chonaic sé fear ramhar le seodra óir air. Bhreathnaigh sé ar nós duine éigin ón *Mafia*.

"An bhfuil an t-airgead agat?"

"Tá."

"Leag ar an talamh é!"

Chrom an bainisteoir síos agus leag sé an t-airgead ar an talamh.

"Anois cá bhfuil sí?" ar seisean.

"Tá sí ina suí sa gcarr."

"Ní fheicim í."

"Mar tá fuinneoga dorcha ar an gcarr!"

Is Range Rover a bhí sa gcarr, rud a chuir an bainisteoir ag smaoineamh go raibh an fear seo saibhir go leor. An chéad rud eile d'oscail doras an chairr. Tháinig fear agus bean amach. Bhí púicín uirthi agus bhí a cuid lámha ceangailte le rópa. Ansin chuala sé iad ag rá go gcomhairfeadh siad go dtí na trí agus go ligfí saor í.

"Aon, dó, tr..."

"Stop ansin! Cuir do chuid lámha san aer!"

Na Gardaí a bhí ann. Lig siad Lady Gaga saor agus rith sí chuig an mbainisteoir. Thosaigh sí ag caoineadh le háthas. Bhí sí chomh sásta go raibh sí saor agus go raibh sí sábháilte arís.



Céard a tharla?

Oisín Bolustrom

Lá amháin chuaigh Joe go dtí an Dart le dul ag obair. Ach nuair a bhí sé ar an traein, stop sé. Ní raibh aon duine air ach é féin. Bhí go leor ar an traein eile in aice leis. D'imigh an solas as agus sheas Joe suas. D'éirigh sé agus chuaigh sé go dtí an doras le dul ar an Dart eile ach ní osclódh an doras. D'imigh sé go dtí cúl na traenach agus thosaigh sé ag caoineadh.

"Lá breithe sona dom,
Lá breithe sona dom,
Lá breithe sona, a Joe,
Lá breithe sona dom!"

Bhí Joe i sáinn ach bhí go leor bia aige. Ní raibh a fhios aige cén chaoi a rachadh sé isteach sa gceaintín ar an traein – bheadh níos mó bia aige ansin! Chaithfeadh sé go mbeadh a fhios ag duine éigin go raibh sé sáinnithe anseo. Thosaigh sé ag siúl anonn is anall. Ansin chuala sé screadaíl. Bhí duine éigin eile sa traein. Ach bhí eagla air. D'imigh sé go dtí an doras céanna ar imigh sé chuige roimhe sin. An dara huair d'oscail sé.

"Heileo! Heileo! An bhfuil aon duine anseo?"

Sheas fear suas agus bhí sé sásta. Bhí fear eile sa traein. D'fhiafraigh an fear eile cén t-ainm a bhí air.

"Is mise Joe. Agus tú féin?"

"Is mise Pól. Ní raibh a fhios agam go raibh duine eile sa traein a raibh fadhb aige."

Céard faoi a bhí sé ag caint? Go tobann chuala siad duine éigin ag siúl ar bharr na traenach.

"Céard é sin?"

"Sin é an fear atá dár gcoinneáil istigh," a d'fhreagair Pól.

Ansin chuaigh Joe go dtí an ceaintín agus bhí go leor bia ann. Fuair sé amach gach rud a bhí ar siúl. Bhí Pól ina shuí síos le Joe ag caint leis faoi céard a bhí ag tarlú. Ansin stop sé ag caint agus dúirt Joe gurb é a bhreithlá a bhí ann. Thóg Joe amach slis cháca. Ansin smaoinigh sé go raibh stáisiún gardaí gar don áit. Rith Joe go dtí deireadh an cheaintín agus chonaic sé áit éigin le dul amach. Ghlaoigh sé ar Phól agus rith siad chuig an stáisiún. Ansin chuaigh siad i bhfolach. Fuair siad an fear a choinnigh iad sa traein ar feadh an achair sin agus bhí cóisir mhór ag Joe lena chlann an oíche sin.

Dúnmharú ar an Traein

Eimear Ní Chonaire, Coláiste Cholmcille

Lá amháin chuaigh mé féin agus mo chara ar an traein le dul go Baile Átha Cliath. Chas feairín orainn agus dúirt sé de ghlór mór: “God bless your souls”. Bhreathnaigh mé féin is mo chara air ag ceapadh gur ag magadh a bhí sé. Ach ní raibh sé ag magadh. Bhí sé dáiríre! Ansin thit sé ar an urlár agus thosaigh gach duine ag screadaíl. Stop an traein go tobann. Bhí an fear marbh! D’éirigh mo chara den suíochán agus bhreathnaigh sí air ceart mar go mba dochtúir í. Dúirt sí go mba duine ar an traein a mharaigh é. Tháinig na Gardaí agus an t-otharcharr agus sheiceáil siad rudaí.

Bhí an mála céanna ag an bhfear agus ag mo chara – ceann dubh a d’fhéadfá a chur timpeall do mhuineáil. Nuair a bhí muid ag dul amach as an traein phioc sí suas a mála féin (nó sin a cheap sí) agus fuair muid traein eile go dtí Dún Droma agus chuamar ag ithe i MacDonald’s. Ansin chuamar ag siopadóireacht. Níor oscail mo chara a mála mar gur mise a d’foc as an mbéile agus nár cheannaigh sise tada. Ar an mbealach abhaile bhí na Gardaí fós ar an traein ag fiafraí ceisteanna d’aon duine a bhí ar an traein an mhaidin sin. D’fhiafraigh garda dinn an raibh muid ann nuair a fuair an fear bás. Ansin d’fhiafraigh sé dinn cén chaoi ar tharla sé. Dúirt muid gur shuigh sé san áit a raibh mála ar an suíochán in aice linn. Dúirt muid gur luigh sé siar agus gur iarr sé ar mo chara a mhála a thabhairt dó. Thug sí dó an mála a bhí in aice léi ar an suíochán. An chéad rud eile thit sé as a sheasamh agus fuair sé bás. Fuair sí scanradh nuair a thit sé agus bhí fuil le feiceáil i ngach áit. Thosaigh gach duine ag screadaíl ansin agus ghlaoigh duine éigin ar otharcharr. “Ceart go leor, má bhíonn aon aon rud eile, cuirfidh muid glaoch oraibh,” a deir na Gardaí.

Ansin nuair a bhí an traein beagnach i nGaillimh bhí mo chara ag féachaint ina mála. Nuair a bhreathnaigh sí isteach sa mála, airgead agus fón difriúil a bhí ann. Bhí a fhios aici gur leis an bhfear úd an mála ach bhí an fear marbh mar sin ní dhéanadh sé aon dochar an mála a thógáil. Nuair a d’inis sí dom faoin airgead, d’fhiafraigh mé di cé mhéad airgid a bhí ann. Dúirt sí thart ar dhá mhíle euro. “Céard a dhéanfaidh mé leis?” a d’fhiafraigh sí díom. Dúirt mé léi gur cheart di dul chuig na Gardaí. Chuaigh sí suas agus d’fhiafraigh sí den gharda an bhfaca siad aon mhála ar an traein. Ansin dúirt an garda, “Ó is dóigh liom gur leat an mála seo”. “Go raibh maith agat,” a dúirt mo chara leis. Bhí orainn an bóthar a bhualadh mar go mbeadh muid déanach ag piocadh suas na ngasúr. Nuair a bhí muid leath bealaigh abhaile, d’fhiafraigh sí díom céard a dhéanadh sí leis an airgead a bhí faighte aici.

Nuair a phioc muid suas na gasúir ón scoil, d’fhiafraigh sí díom an raibh mé ag iarraidh dul go Luimneach leis an airgead a chaitheamh. Bhí an fear caillte. Ní bheadh an t-airgead ag teastáil uaidh. Ansin ghlaoigh an fón a bhí sa mála leis an airgead. “B’fhéidir gur cheart duit an fón a fhreagairt,” a dúirt mé léi ach ansin fuair sí téacs gránna a dúirt: “Tá dhá uair an chloig agat leis an airgead a thabhairt ar ais nó ní bheidh do ghasúir sábháilte!” Scanraigh muid! Bhí treoracha tugtha dúinn, chuaigh muid chuig an áit chun casadh leis na daoine. Cé tháinig ann ach dhá charr gardaí. Tháinig siad anall chugainn agus d’fhiafraigh siad dinn céard a bhí muid a dhéanamh ansin. Dúirt muid go raibh muid chun casadh le cairde ach nach raibh a fhios againn an raibh muid san áit cheart. Nuair a d’imigh na Gardaí, tháinig na daoine amach agus chaith muid an t-airgead chucu agus dúirt muid leo nár chaith muid cent de. Níl muid ag iarraidh cloisteáil faoi seo arís go deo agus trí bliana ar aghaidh níor chuala muid focal ó aon duine! Bhí an t-ádh linn!

Amú sa bhForaois Báistí

Ryan Ó Cualáin

Lá amháin bhí buachaill darbh ainm Peadar agus beirt dá chuid cairde sa bhforaois báistí in Eacuadór. Bhí siad ar fad sa gcéad bhliain sa meánscoil agus iad ar fad trí bliana déag d’aois. Turas scoile a bhí ann agus chuaigh an triúr acu amú sa bhforaois báistí de bharr nár éist siad lena gcuid múinteoirí a bhí leo ar an turas. An samhradh a bhí ann nuair a chuaigh siad amú.

Bhí sé an-te agus tais sa bhforaois. Bhí go leor crainnte agus plandaí móra thart, i bhfad níos mó ná mar atá anseo in Éirinn. Bhí cúpla ainmhí ann freisin, naithreacha agus iaguair mar shampla, ach bhí siad sin annamh. Ní fhaca Peadar ná a chuid cairde aon cheann de na hainmhithe seo, buíochas le Dia!

Bhí cúpla ceapaire ina málaí agus bhí buidéal uisce acu freisin. Shocraigh Peadar foscadh a dhéanamh don oíche. Rinne siad foscadh le trí ámóg, déanta le duilleoga, féithleoga agus adhmaid óna crainnte, istigh ann. Bhí an oíche ag titim go tapa. Bhí sé ag cur báistí ar feadh na hoíche sin.

Bhí an oíche an-fhada agus bhí na buachaillí an-tuirseach agus bhí inní orthu. Bhí faitíos orthu freisin. Bhí a fhios acu go mbeadh inní ar an ngrúpa scoile, ach nuair nach raibh a ngrúpa le fáil acu an lá ina dhiaidh sin ach oiread, d’fhan siad sa bhfoscadh ar feadh oíche eile.

Nuair a dhúisigh siad ar maidin chuala siad torann. Daoine a bhí ann is iad ag screadaíl a n-ainmneacha. Bhí na buachaillí chomh sásta gur thosaigh siad ag rith i dtreo na ndaoine. Grúpa a bhí ann, na múinteoirí scoile ina measc. Nuair a shroich siad an grúpa, bhí áthas an domhain orthu.

Sin é an uair dheireanach a mbeidh Peadar agus a chuid cairde ag pleidhcíocht in áit a bheith ag éisteacht le treoracha na múinteoirí!



Siar sna Blianta



◀ Ar chlé:

Seán Ó Mainnín, An Cnoc agus
Maidhc Phádhraic Thaidhg Ó
Conghaile, An Cnoc.

Thíos:

Júidín agus Maidhc Phádhraic
Thaidhg Ó Conghaile, An Cnoc ar
lá a bpósta.

Ó chlé: Máirtín Phádhraic
Thaidhg, Maidhc Phádhraic
Thaidhg, An tAth. Colm Ó
Ceannabháin, Júidín Uí Chonghaile
agus Peigín O'Donnell as an
gCoilleach (col ceathar Júidín). ▼



Siar sna Blianta



Líne cúil, ó chlé: Andy Mogan, Jimmy Chearra, ?, Joe Thaidhg Ó Conaire, Maidhc Tom Tom, Pádhraic Ó Ciardha (múinteoir).

Dara líne: Beartla Phatch Ó Cualáin, Paddy Sheáin Jimmy Ó Cualáin, Johnny Choilmín Ó Donnchadha, Maidhc Phádhraic Thaidhg Ó Conghaile, Pat Liam Ó Fatharta, Seán Mhicil Pheadair, Darach Tom Pheadair, Cóilín Choilmín Ó Coisdealbha.

Tríú líne: Colm Ó Ceannabháin, Johnny a' Chéidigh, Pat Noone, Joe Dhroighneáin, Pádhraicín na mBreathnaigh, Máirtín Noone agus Beartla Shéamuis Mhoir.

Chun tosaigh: Máirtín Thaidhg Choilm, Maidhc Johnny Frank, Cóil Jim, Maidhc Mhurt Chóil Uí Fhatharta, Patsy Pháidín agus Andy Eoinín.



Scoláirí óga Scoil Sailearna, Bealtaine 1974

Joe Ainde, Pádhraic Ó Cadhain, Pádhraic Jimmy Flatharta, Bertie Tom Ó Flatharta, Eoin Ó Tuairisc, Maidhc Neachtain, Mícheál Mhaidhc Ó Conghaile, Séamus Darby Ó Fatharta, Mary Andy Mogan, Peggy Toole, Máire Liam Ó Fatharta, Ann a' Chéidigh, Norita Ní Chearra agus Bríd Cheata Bheag.

Siar sna Blianta



Gasúir na háite i mbun scléipe i gColáiste Lurgan i lár na 90idí.



Féile na Óg 1988. Cá bhfuil siad anois?

Siar sna Blianta



① *Tim Shéamais Mhóir as na hAille ar a bhealach abhaile ón bportach i Meitheamh 1988.*

② *SeanPheadar Ó Máille, a bhean Úna, agus a gclann Máire agus Peadar. Sa gClochán a tógadh an pictiúr.*

③ *Ag fanacht le scéala i mbarr bata ... 1938!*

④ *Ar chúil, ó chlé: Pádhraic Mhaidhc, Carolin Whelton (col ceathar) RIP, John Joe Mhaidhc. Chun tosaigh, Mícheál Mhaidhc agus Antaine Mhaidhc.*

